

# CEANTAR CATHRACH CHORCAÍ

DRÉACHTSTRAITÉIS IOMPAIR 2040

Cuirfidh an Straitéis seo **gréasán iompair inrochtana comhtháite ar fáil a éascóidh fás inbhuanaithe Cheantar Cathrach** Chorcaí mar limistéar cathrach Eorpach atá dinimiciúil, nasctha agus iomaíoch go hidirnáisiúnta de réir mar a bhí samhlaíthe sa Chreat Pleanála Náisiúnta 2040.

# 00 ÁBHAIR

|                                              |     |
|----------------------------------------------|-----|
| 01 Réamhrá                                   | 3   |
| 02 Comhthéacs Beartais                       | 9   |
| 03 Comhthéacs Iompair Faoi Láthair           | 17  |
| 04 Úsáid Talún SICCC 2040                    | 23  |
| 05 Forbairt & Torthaí na Straitéise          | 29  |
| 06 Siúl                                      | 39  |
| 07 Rothaíocht                                | 47  |
| 08 BusConnects                               | 55  |
| 09 Iarnród Bruachbhailteach                  | 63  |
| 10 Iarnród Éadrom                            | 69  |
| 11 Páirceáil                                 | 75  |
| 12 Idirmhalartú Iompair Phoiblí & Comhtháthú | 79  |
| 13 Bóithre                                   | 83  |
| 14 Lastas, Seachadadh & Seirbhísiú           | 95  |
| 15 Bearta Tacaíochta                         | 99  |
| 16 Cur i bhfeidhm                            | 105 |
| 17 Torthaí Straitéise                        | 111 |







# 01 RÉAMHRÁ

Feidhmíonn Corcaigh go maith mar ionad mór uirbeach in Éirinn cheana féin agus **rinne an Chathair í féin a shuí mar ionad meánmhéide fáis agus nuálaíochta san Eoraip atá ag teacht chun cinn.** Tá sé riachtanach go dtógfaí ar an acmhainn seo chun próifíl uirbeach na hÉireann a fheabhsú níos mó.

An Creat Pleanála Náisiúnta 2040

Tá Ceantar Cathrach Chorcaí (CCC) i lár céime corraithí dá fhorbairt. Tá sé beartaithe sa Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP) 2040 a foilsíodh le déanaí go mbeidh ceantar cathrach Chorcaí mar an limistéar cathrach is tapa fáis in Éirinn, go dtiocfaidh méadú réamh-mheasta idir 50% agus 60% ar a dhaoine sa tréimhse suas go 2040.

Tiocfaidh méadú suntasach ar an éileamh ar thaisteal mar gheall ar an méadú réamh-mheasta seo ar an daonra agus an fás eacnamaíoch a bhainfidh leis. Tá sé rithabhachtach go ndéanfar an t-éileamh seo a bhainistiú go cúramach agus go ndéanfar pleanáil chúramach ina leith chun a tarraingtí is atá Corcaigh chun cónaí, oibre, cuairte agus infheistíochta a chosaint agus a fheabhsú.

Tá teorainn le hacmhainn chóras iompair CCC faoi láthair chun freastal ar mhótarthracht agus ní mór go roinnfí cibé acmhainne atá ann ar bhealach ní b'éifeachtúla. Beidh sé riachtanach go mbeadh úsáid talún agus pleanáil iompair a ailínithe i bhfad ní ba dhlúithe chun an gá le taisteal a dhéanamh i gcarr a laghdú agus chun tacú le feidhmiú córais iompair inbhuanaithe chomhtháite.

Chun dul i ngleic leis an dúshlán seo, tá Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Chorcaí (SICCC) 2040 (an “Straitéis”) forbartha ag an Udarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí.

Léiríonn SICCC straitéis chomhordaithe talamhúsáide agus iompair do Cheantar Cathrach Chorcaí. Leagtar amach léi creat chun bonneagar agus seirbhísí iompair a thacóidh le forbairt CCC sa tréimhse suas go 2040 a phleanáil agus a sholáthar.

Déanann an Straitéis aithris ar an leibhéal náisiúnta ar an gCreat Náisiúnta Pleanála 2040 agus ar an bPlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 agus déanann sí forbairt ar staidéir iompair roimhe seo, lena n-áirítear Straitéis Gluaiseachta Lár Cathrach Chorcaí, Plean Straitéiseach Cheantar Chorcaí (PSCC) agus Plean Gréasáin Rothaíochta Cheantar Cathrach Chorcaí.

Cuirfidh an Straitéis creat agus plean forfheidhmithe um beartas pleanála iompair ar fáil ar ar féidir le gníomhaireachtaí eile a bhfuil baint acu le pleanáil úsáide talún, cosaint comhshaoil agus bonneagar eile amhail tithíocht agus uisce a chur ar fáil a dtosaíochtaí infheistíochta a bhunú.

Beidh SICCC ina treoir ar fhorbairt pleanála réigiúnaí agus áitiúla, agus ar chreataí infheistíochta a bhaineann léi. Beidh an straitéis ag teacht le Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Thionól Réigiúnach an Deiscirt (RSES), Plean Straitéiseach Cheantar Cathrach Chorcaí, plean reachtúil (MASP) agus Pleananna Forbartha reachtúla Chomhairle Cathrach Chorcaí agus Chomhairle Contae Chorcaí.

Leagtar amach sa cháipéis seo forbairt na Straitéise, anailís tacaíochta ar fhorbairt na straitéise, agus bearta molta.

## Na Chéad Chéimeanna Eile



Plean Feidhmithe  
CMATS a ullmhú



Bearta Molta  
a phleanáil &  
a dhearadh



Maoiniú a fháil do na  
Bearta Molta



Cur i bhfeidhm  
CMATS

Tagann fadhbanna agus neamhéifeachtúlachtaí chun cinn maidir le gluaiseacht daoine agus earraí mar gheall ar roinnt tréithe de CCC

Tá cáipéisí teicniúla tacaíochta ullmhaithe freisin chun an obair a thaifeadadh a rinneadh agus an SICCC á forbairt, lena n-áirítear anailís ar an éileamh ar iompar, forbairt maidir le rogha iompair, samhltú iompair agus measúnú gréasán iompair.

#### **Cuimsíonn sraith iomlán cháipéisí tacaíochta SICCC na rudaí seo a leanas:**

- Tuarascáil ar Choinníollacha Bonnline;
- Tuarascáil ar Fhorbairt an Bhileog Sonraí Pleanála;
- Tuarascáil ar an Anailís ar Éileamh;
- Tuarascáil ar Shamhaltú Iompair;
- Tuarascáil ar Fhorbairt Roghanna Iompair;
- Tuarascáil ar Bhearta Tacaíochta;
- Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (MSC); agus
- Measúnacht Chuí (MC).

Meastar go bhfuil an Straitéis solúbtha agus go bhfuil sé de chumas aici acmhainn agus minicíochtaí iompair phoiblí a mhéadú de réir mar is gá feadh chonairí iompair arna gcomhaontú ag an SICCC.

Meastar gur cáipéis 'bheo' í SICCC agus beidh sí faoi réir próisis athbhreithnithe thréimhsiúil (5 bliana de ghnáth) thar shaolré na Straitéise.

#### **Dúshlán Faoi Láthair**

Tá roinnt dúshlán i gCeantar Cathrach Chorcaí níos leithne a breithníodh agus an Straitéis seo á forbairt. Tá siad leagtha amach sna codanna seo a leanas:

#### **Úsáid Talún agus Srianata Fisiceacha**

- Meastar go mbeidh Corcaigh mar an gCeantar Cathrach is tapa fáis sa Stát. De bharr an mhéadaíthe shuntasaigh ar an daonra ar fhostaíocht agus ar an úsáid le haghaidh oideachais, tiocfaidh méadú ar an éileamh ar iompar;
- Oidhreacht de phátrúin scaipthe fhorbartha cónaithe, fostaíochta agus miondíola, lasmuigh den cheantar lár cathrach go háirithe;
- Tíreolaíocht uathúil dhúshlánach a bhfuil topagrafaíocht ghéar agus uiscebhealaí mar shainghnéithedi;
- Mí-oiriúnacht an ghréasán bhóithre i gcoitinne - laistigh de lár na cathrach meánaoisí agus na bealaí artaireacha go háirithe - chun freastal ar mhéid ard feithiclí ag buaicamanna;
- Mar gheall ar ról lárnach Chathair Chorcaí mar an bpríomhionad réigiúnach le haghaidh fostaíochta, oideachais, miondíola, agus fóillíochta i limistéar mór geografach, déantar méid suntasach turas fada i gcarr go príomha;

- An-chuid éileamh iomaíoch ó úsáideoirí éagsúla bóithre ar spás bóithre agus ar chollbha cosáin atá gann;
- Roinnt bóithre ardacmhainne laistigh de Chathair Chorcaí amhail an N22, N27 agus N40, ar cúis iad le deighilt pobail agus a chuireann bac ar ghluaiseacht choisithe agus rothaithe; agus
- Easpa cuarchonair straitéisigh go Tuaisceart na cathrach a chruthaíonn gluaiseacht straitéiseach tráchta agus HGVanna ón N20 tríd an gcathair, a chuireann le brú tráchta, torann agus truailliú.

#### **Iompar Taistil**

- Róspiléachas ar an gcarr príobháideachle haghaidh turais réasúnta gearr;
- Sciar réasúnta íseal rothaíochta agus bonneagar tiomnaithe rothaíochta atá teoranta (ach ag feabhsú);
- Sciar íseal siúil lasmuigh de cheantar riaracháin na Comhairle Cathrach;
- Ardleibhéal d'úsáid carranna don turas chun na scoile, ag cosc úsáid iompair phoiblí, siúl agus na rothaíochta agus ag cur le brú tráchta mar gheall ar charranna le linn na maidine agus an bhuaicama iarnóna;
- Leibhéal íseal de rialú pairceála i limistéir pháirceála rialaithe, mar shampla, a fhágann go mbíonn comaitéirí ag páirceáil i limistéir chónaithe; agus
- Córais chasta aontreo a chruthaíonn timpeallachtaí ardluais.





### Soláthar Iompair Phoiblí

- Gréasán iompair phoiblí áitiúil atá bunaithe ar bhusanna den chuid is mó agus a bhfuil líon teoranta seirbhísí ardmhinicíochta aige (i.e. idirachar de 15 nóiméad nó níos lú);
- Amanna fada turais agus moilleanna ar an ngréasán reatha bus a chuireann isteach ar phaisinéirí agus costais oibriúcháin ar bhealach diúltach;
- Bealaí bus scoilte isteach agus amach agus achair turais níos faide mar gheall ar chórais aontreo;
- Leibhéal easnamhach Faisnéise Fíor-Ama (FFA) agus scáthlán bus lasmuigh de lár na cathrach;
- Stadanna tuirlingthe bus gan chosaint gan mharcáil ina mbíonn carranna páirceáilte go minic, a fhágann go mbíonn ar phaisinéirí bordáil agus tuirlingt sa charrbhealach;
- Seirbhís iarnróid fho-uirbeach a fhreastalaíonn ar chuid de na lonnaithe níos mó in Oirthear Chorcaí ach tá neamhréir idir suíomh na stáisiún i gcoibhneas le lár na mbailte a bhfreastalaíonn siad orthu;
- Srian ar an ngréasán iarnróid a chuireann teorainn le minicíocht agus acmhainn ag Stáisiún an Cheanntaigh; agus
- An iomarca spásanna páirceála a bheith ar fáil (lena n-áirítear úsáid leanúnach na n-íoschaighdeán i gcásanna áirithe), rud a bhaineann an bonn d'inmharthanacht agus meallacht iompair phoiblí.

### Brú Tráichta agus Geilleagar

- Imní go gcuirfidh brú tráichta leanúnach cosc ar chumas CCC infheistíocht bhreise isteach a mhealladh;
- Imní ar fhóistoirí móra nach bhfuil soláthar iompair phoiblí leordhóthanach chun freastal ar lucht oibre atá ag éirí níos mílaoisí agus nach bhfuil carranna acu;
- Brú tráichta agus moilleanna i bpríomhárta ar an ngréasán bóithre náisiúnta le linn buaicamanna, amhail ag Acomhal Dhún Citil (an t-acomhal idir an N8, M8, N25 agus N40) agus ar chodanna den N40;
- An iomarca acomhal ar feadh an N40 a fhágann go n-úsáideann tiománaithe an gréasán straitéiseach bóithre le haghaidh turas áitiúil agus easpa cuarbhealaí malartacha agus roghanna iompair phoiblí le haghaidh gluaiseachta ar an gconair sin; agus

- Gá le gluaiseacht earraí ar an ngréasán straitéiseach bóithre a éascú agus rochtain éifeachtúil ar phríomhláithreáin, lena n-áirítear Calafort Chorcaí agus gréasán na mBóithre Náisiúnta, a choimeád.

### Sláinte Phoiblí agus Díothacht

- Imní maidir le leibhéal dhíomhaointis fhisiciúil agus murtaill i measc leanaí atá ag ardú;
- Aitheantas ar an ngá le níos mó taistil gníomhaigh agus aclaíochta teagmhasaí a thabhairt isteach inár gcóras iompair tríd ár réimse poiblí agus roghanna iompair a athmhúnlú;
- Imní atá ag méadú maidir le tionchar iompair ar chaighdeán aeir áitiúil; agus
- Gá le hinrochtaineacht chothrom iompair ar sheirbhísí riachtanacha, ar oideachas agus ar fhóstaíocht chun cabhrú leis an díothacht a laghdú.

Cuirfidh an Straitéis seo gréasán iompair inrochtana comhtháite ar fáil a éascóidh fás inbhuanaithe Cheantar Cathrach Chorcaí mar limistéar cathrach Eorpach atá dinimiciúil, nasctha agus iomaíoch go hidirnáisiúnta de réir mar a bhí samhlaíthe sa Chreat Pleanála Náisiúnta 2040.

### Fís agus Prionsabail

Cuirfidh SICCC gréasán iompair comhtháite ar fáil a fhreastalóidh ar riachtanais gach mhodh iompair, a chuirfidh roghanna iompair níos fearr ar fáil, a mbeidh feidhmíocht gréasáin níos fearr ar an iomlán mar thoradh orthu, agus a chuirfidh an acmhainn ar fáil chun freastal ar an éileamh taistil agus tacú le fás eacnamaíoch.

Chun an fhís sin a bhaint amach, léiríonn an ghrafaic thíos na treoirphrionsabail ar a bhfuil SICCC bunaithe.

### Creataí Pleanála

Beidh SICCC cumhdaithe i mbeartais, straitéisí agus pleananna forfheidhmithe ábhartha amach anseo agus ailínithe leo. Cuimsítear leo siúd an Creat Náisiúnta Pleanála 2040, an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027, SRSE de chuid Thionóil an Deiscirt, PSCC Chorcaí,

Pleananna Forbartha reachtúla Chomhairle Cathrach Chorcaí agus Chomhairle Contae Chorcaí araon agus Pleananna Ceantair Áitiúil arna n-eisiúint ag an dá údarás áitiúil. Déantar plé ar thuilleadh sonraí ar an gcaidreamh idir SICCC agus na Pleananna sin i gCaibidil 2 agus 4.

### Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) agus Measúnú Cuí (AA)

Tá ullmhú SICCC faoi réir Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil (MSC). Sonraíonn Airteagal 1 de Threoir MST (2001/42/CE) gurb é 'cuspóir na Treorach seo foráil a dhéanamh chun ardleibhéal cosanta a thabhairt don chomhshaoil agus cur le comhtháthú na gcúrsaí comhshaoil in ullmhúchán agus glacadh pleananna agus clár d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, trína áirithiú, i gcomhréir leis an Treoir seo, go ndéantar measúnú comhshaoil ar phleananna agus cláir

áirithe ar dóichí go mbeidh tionchair shuntasacha acu ar an gcomhshaoil.'

Riachtanais de chuid Threoir um Ghnáthóga an Aontais Eorpaigh (AE) (92/43/CEE) – maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú – arna trasú i ndlí na hÉireann ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 is ea Measúnú Cuí, a dhéanann rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha), 1997 go 2005, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) (Gníomhaíochtaí Áineasa a Rialú), 2010, a chomhdhlúthú.

Forbraíodh na tuarascálacha MSC agus MC in éineacht le SICCC agus ba chóir iad a mheas in éineacht leis an Straitéis sin.

Chun an fhís sin a bhaint amach, is iad na treoirphrionsabail ar a bhfuil SICCC bunaithe ná:



#### Prionsabal 01

Tacú le fás amach an CMA amach anseo trí gréasán iompair éifeachtúil agus sábháilte a sholáthar.



#### Prionsabal 02

Tús áite a thabhairt d'iompar inbhuanaithe agus laghdú ar spleáchas ar charranna laistigh den CMA.



#### Prionsabal 03

Nascach ardleibhéil iompair phoiblí a chur ar fáil go ceannphointí móra laistigh de chonairí ardéilimh.



#### Prionsabal 04

Príomhbhealaí straitéiseacha a aimsiú agus a chosaint le haghaidh ghluaiseacht lastais agus seirbhísí, lena n-áirítear ardleibhéal rochtana lastais, chuig Calafort Chorcaí.



#### Prionsabal 05

Feabhas a chur ar an réimse phoiblí trí bhainistíocht tráchta agus idirghabháil iompair.



#### Prionsabal 06

Acmhainneacht agus minicíocht iompair phoiblí a mhéadú nuair is gá chun torthaí straitéise a bhaint amach.

**MST**

Ní mór MST a dhéanamh maidir leis an bplean iompair, mar cuireann sé leis an gcreat le haghaidh toiliú don fhorbairt sa todhchaí maidir leis na tionscadail atá liostaithe in Iarscríbhinní I agus II do Threoir 2011/92/AE, arna leasú ag 2014/52/CE. Rinneadh measúnú ar fhorálacha na Straitéise le haghaidh tionchar suntasach a d'fhéadfadh a bheith ann, agus rinneadh bearta a chomhtháthú isteach sa Straitéis bunaithe ar mholtaí ón SEA chun a chinntiú go ndéanfar drochtionchair fhéideartha a mhaolú. Is iad seo a leanas na hábhair chomhshaoil (lena n-áirítear idirchaidrimh) atá faoi mheas ag an SEA:

- Tosca Air agus Aeráide;
- Daonra agus Sláinte Dhaonna;
- Bithéagsúlacht, Flora agus Fauna;
- Sochmhainní Ábharacha;
- Ithir;
- Uisce;
- Oidhreacht Chultúrtha; agus
- Tírdheach.

Leagtar amach sa Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil de chuid an MSC, ar chóir a léamh agus a mheas i gcomhthráth leis an Straitéis, torthaí an mheasúnaithe faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Gnéithe iomchuí de stádas reatha na Timpeallachta;
- Meastóireacht ar Mhalairtí;
- Measúnú ar fhorálacha Straitéise;
- Bearta Maolaithe; agus
- Clár Monatóireachta.


Is iad torthaí an SEA ar an iomlán ná:

- Go bhfuil na moltaí go léir a d'eascair as an bpróiseas SEA san áireamh sa Straitéis;

- Éascaíonn an Straitéis aistriú modha ó charranna príobháideacha go hiompar poiblí, siúl agus rotháíocht, chomh maith leis na hiarmhairtí dearfacha a bhaineann leo, lena n-áirítear iad seo a leanas:
  - Cuidiú le hastaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú agus na spriocanna lena mbaineann atá ceangailteach ó thaobh an dlí a bhaint amach
  - Cuidiú le hastaíochtaí go haer a laghdú agus spriocanna maidir le cáilíocht an aeir lena mbaineann a bhaint amach, agus mar sin cuidiú le cáilíocht an aeir a fheabhsú agus sláinte an duine a chosaint
  - Cuidiú le hídiú foinsí fuinnimh neamh-inathnuaite a laghdú agus na spriocanna fuinnimh inathnuaite atá ceangailteach ó thaobh an dlí a bhaint amach
  - Slándáil fuinnimh
  - An réimse poiblí a fheabhsú
- Is dócha go mbeidh iarmhairtí suntasacha dearfacha ar bhainistíocht agus chosaint chomhshaoil mar thoradh ar fhorálacha áirithe na Straitéise; agus
- D'fhéadfadh go mbeadh iarmhairtí suntasacha diúltacha ar an gcomhshaoil mar gheall ar fhorálacha áirithe na Straitéise. Cinntíodh go maolófaí an tionchar seo trí bhearta mionsonraithe maolaithe a chur san áireamh sa Straitéis.

**MC**

Is é conclúid na Measúnachta Cuí nach mbeidh tionchar suntasach díobhálach ag an Straitéis ar shláine an líonra láithreáin Natura 2000. Leagtar amach na sonraí maidir leis an gcur chuige i leith na Measúnachta Cuí, chomh maith leis na torthaí, sa Tuarascáil Tionchair Natura MC a ghabhann leis an Straitéis. Mar an gcéanna leis an Tuarascáil Chomhshaoil MST, ba cheart an cháipéis ar leithligh seo a léamh agus a mheas in éineacht leis an Straitéis.

**Modheolaíocht Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Chorcaí**







## 02 COMHTHÉACS BEARTAIS

Tá an Domhan ag athrú agus tá Éire ag athrú freisin. **An tslí is fearr dár dtír aghaidh a thabhairt ar na hathruithe romhainn i gcónaí ná pleanáil don athrú.**

An Creat Pleanála Náisiúnta 2040

Léileagann an chaibidil seo amach na beartais náisiúnta agus réigiúnacha atá i réim atá mar bhonn eolais do SICCC agus a idirghníomhaíonn léi. Áiríonn siad na cinn siúd a bhaineann go díreach le hiompar, athrú aeráide agus pleanáil úsáide talún.

### Pleanáil agus Beartas

Is plean ag an Leibhéal Réigiúnach é SICCC agus tá beartais ag an Leibhéal Náisiúnta (Sraith-1) mar bhonn eolais díreach di. Is iad na cinn is tábhachtaí agus is déanaí de na cáipéisí beartais Pleanála Náisiúnta ná an CNP 2040 agus an PFN 2018-2027, an dá cheann a foilsíodh i mí Feabhra 2018.

Leagann an CNP 2040 amach treo beartais pleanála na hÉireann do na 22 bhliain atá le teacht agus leagann an PFN amach na tosaíochtaí infheistíochta bheidh mar bhonn taca faoi chur i bhfeidhm rathúil an CNP 2040 sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, go dtí 2027.

Beartais thábhachtacha eile ag an Leibhéal Náisiúnta atá mar bhonn eolais do SICCC ná:

- Creat Straitéiseach d'Infheistíocht in Iompar Thaobh na Talún (CSIITT); agus
- Taisteal Níos Cliste.

Tá athbhreithniú mionsonraithe ar cháipéisí pleanála agus beartais a bhaineann le SICCC le fáil i dTuarascáil Coimníollacha Bonnline SICCC. Tá achoimre ar chuid de na príomhcháipéisí lastall.

### Leibhéal Náisiúnta

#### An Creat Pleanála Náisiúnta 2040

Foilsíodh an cháipéis CNP 2040 i mí Feabhra 2018 agus leagann sé amach treo beartais pleanála na hÉireann do na 22 bhliain atá le teacht. Meastar go dtiocfaidh fás suntasach de 125,000 duine sa bhreis ar a laghad ar Chorcaigh faoi 2040 agus go mbeidh íosdhaonra de 315,000 laistigh den Chathair agus na Bruachbailte amháin. San áireamh leis na príomhghnéithe a chumasaíonn fás iompair atá ábhartha d'fhorbairt na Straitéise tá:

- Mórthionscadaí athnuachana chur i gcrích chun fostaíocht, tithíocht agus bonneagar tacaíochta nua a chur ar fáil i nDugthailte Chorcaí (Dugaí Chorcaí agus Tivoli);
- Forbairt inbhuanaithe limistéar úrnua le haghaidh tithíochta ar feadh conairí iompair phoiblí a chur chun cinn;
- Forbairt i lár na cathrach agus i gceantair fho-uirbeacha lár na cathrach a ghéarú;
- Campas nua eolaíochta agus nuálaíochta a fhorbairt in iarthar na cathrach a bheidh inrochtana ar iompar poiblí;
- Córas feabhsaithe iompair phoiblí ar fud na cathrach a fhorbairt a chuimseoidh tograí maidir le conair soir-siar ó Mhachain go Baile an Chollaigh, trí Lár na Cathrach, agus conair thuaidh-theas a mbeidh nasc leis an Aerfort aici;
- Acomhal Dhún Citil M8/N25/N40 a uasghrádú agus rochtain ar Chalafor Rinn an Scidigh a fheabhsú;
- Nascacht réigiúnach fheabhsaithe a chur ar fáil trí mheánamanna feabhsaithe turais ar bhóthar;

- Sruth feabhsaithe tráchta timpeall na Cathrach, a d'fhéadfadh, de réir measúnaithe, uasghráduithe ar an N40, agus/nó rudaí eile a bheith mar chuid de, lena n-áirítear iompar poiblí feabhsaithe; agus
- Amanna feabhsaithe turais go Baile Átha Cliath agus feabhas ar naisc dhíreacha ghréasáin ar aghaidh a bhreithniú.

Tá an Straitéis seo forbartha i gcomhréir leis na croíphrionsabail a leagtar amach sa CNP 2040.

### Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027

Leagann an Plean Forbartha Náisiúnta (PFN) amach plean infheistíochta deich mbliana chun a bheith mar bhonn taca faoi deich dToradh Náisiúnta Straitéiseacha (TNSanna) an CNP. Mar seo a leanas a dhéantar achoimre ar na príomh-TNSanna atá mar bhonn eolais d'fhorbairt SICCC:

#### TNS 1 – Dlúthfhás

- Ciste Athnuachana agus Forbartha Uirbí - luaitear Dugthailte Chorcaí mar shampla de thionscadal a d'fhéadfadh go dtabharfaí tacaíocht dó; agus
- Gníomhaireacht Náisiúnta Athnuachana agus Forbartha a bhunú.

#### TNS 2 – Gréasán Bóithre Inrochtaineachta Réigiúnaí Feabhsaithe

- Gréasán bóithre na Conaire Atlantáí a nascaidh Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Sligeach a bhunú;
- Meánamanna turais a fheabhsú agus meánluas idiruibeach de 90kph mar sprioc;

- Mótarbhealach M20 Corcaigh go Luimneach, lena n-áirítear scéim chomhlántach - Cuarbhóthar Thuaidh Chorcaí - ag nascadh an N20 le Dún Cítil a bhreithniú; agus
  - M28 Corcaigh go Bóthar Rinn an Scidigh.
- **Iompar Poiblí**
- Staidéar indéantachta ar iarnród ardluais idir Baile Átha Cliath, Béal Feirste, Gabhal Luimnigh/Corcaigh faoi 2019; agus
  - Tógáil an Ionaid Náisiúnta um Rialú Traenacha a chríochnú.
- **TNS 4 – Soghluaisteacht Inbhuanaithe**
- Tiomantas do BusConnects a chur i bhfeidhm i gCorcaigh;
  - Gréasán cuimsitheach siúil agus rothaíochta a sholáthar; agus
  - Tionscadail Taistil Níos Cliste.
- **TNS 5 – Geilleagar Láidir, arna thacú ag Fiontar, Nuálaíocht agus Scileanna**
- Institiúid Náisiúnta Tyndall i gCorcaigh a uasghrádú;
  - Coláiste na hOllscoile Corcaigh Scoil nua gnó, lóistín do mhic léinn, Campas Nuálaíochta agus ospidéal fiacróireachta nua;
  - Mórthionscadal Bonneagair ag ITC arna sheachadadh trí CPP.
- **TNS 6 – Nascacht Idirnáisiúnta Ardchaighdeán**
- Infheistíocht leanúnach in Aerfort Chorcaí; agus
  - Saoráidí Chalafoirt Chorcaí i Rinn an Scidigh a chomhdhlúthú agus na saoráidí calafoirt atá ann cheana féin i Rinn an Scidigh a athfhorbairt chun freastal ar shoithigh farraige níos mó agus an acmhainn a mhéadú.

- **TNS 7 – Áis agus Oidhreacht Fheabhsaithe**
- Bonneagar oideachais, sláinte agus cultúrtha;
  - Infheistíocht chaipitiúil ag COC, lena n-áirítear Scoil nua Gnó, Campas Nuálaíochta, scoil nua déadach, síneadh Institiúid Náisiúnta Tyndall agus lóistín do mhic léinn;
  - Infheistíocht i nDánlann Crawford; agus
  - Ionad Imeachtaí Chorcaí.
- **TNS 8 – An tAistriú go Sochaí Ísealcharbóin Aeráid-Sheasmhach**
- Níos mó pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a chur ar fáil;
  - Athrú go feithiclí astaíochtaí ísle, lena n-áirítear busanna leictreacha, don fhlíit uirbeach busanna poiblí agus ní cheannófar aon bhus a úsáidfídh díosal amháin ó 1 Iúil 2019;
  - BusConnects do Chorcaigh; agus
  - Bearta inbhuanaithe iompair, lena n-áirítear Gréasán cuimsitheach Siúil agus Rothaíochta do limistéir uirbeacha i gcathracha na hÉireann, agus Glasbhealaí leathnaithe.
- **TNS 10 – Rochtain ar Chúram Leanaí, Oideachas agus Seirbhísí Sláinte Ardchaighdeán**
- Ospidéal géarmhíochaine nua i gCorcaigh
  - Ospidéal nua siúlach tiomnaithe le haghaidh gnáthamh roghnach amháin i gCorcaigh chun aghaidh a thabhairt ar liostaí feithimh agus rochtain ar sheirbhísí diagnóiseacha a chur ar fáil

### **Plean Náisiúnta Maolaithe**

Is é an chéad Phlean Náisiúnta Maolaithe an chéad chéim chun Éire a chur ar an mbóthar chun an leibhéal dícharbónaithe a bhaint amach atá riachtanach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i gcomhréir lenár ngealltanais idirnáisiúnta faoi Chomhaontú Pháras chomh maith lenár ndualgais níos práinní don AE a chomhlíonadh.

Is príomhghné den Phlean é Iompar a Dhícharbónú. Leagann an plean amach na bearta éagsúla atá ag cabhrú cheana féin le srian a chur ar mhéid na n-astaíochtaí a bhaineann leis an earnáil iompair agus aithníonn sé réimse beart breise féideartha a d'fhéadfadh cabhrú le hiarrachtaí maolaithe lasmuigh den earnáil a ghéarú. Seo a leanas cuid de na príomhbhearta a bhaineann le SICCC;

- T1 Infheistíocht in Iompar Poiblí;
- T2 Tionscnamh Taistil Níos Cliste;
- T8 Athbhreithniú ar Iompar Poiblí;
- T9 Athbhreithniú ar an mBeartas Taistil Gníomhaigh;
- T10 Straitéis um Chórais Náisiúnta Iompair Chliste (CIC);
- T16 Tuilleadh Infheistíochta in Iompar Poiblí;
- T17 Tacáí agus Dreasachtaí maidir le hAistriú Modha Iompair;
- T23 Beartas Náisiúnta um Pháirceáil.

Molann an beart deiridh go laghdófaí teorainneacha páirceála i lárionaid uirbeacha chun go mbeidh níos mó spáis ar fáil do choisithe, rothaithe agus iompar poiblí agus ba cheart go measfaí a leithéid i bpáirt le beartais ar pháirceáil 'as baile'.



Clúdaíonn gréasán Chathair Chorcaí, arna oibriú ag Bus Éireann, an Chathair ar bhealach réasúnta cuimsitheach. **Oibrítear an chuid is mó de sheirbhísí bus na cathrach go traschathrach agus go gathach ón Lár, agus freastalaíonn roinnt cuarbhealaí ar thurais idir bruachbhailte.**

### Infheistiú inár dTodhchaí Iompair-Creat Infheistíochta Straitéiseachum Iompar Talún

I gcomhréir le CSIITT, is é an chéad thosaíocht le haghaidh infheistíochta amach anseo faoin Straitéis ná cothabháil sheasta an stáit ar an mbonneagar agus na seirbhísí iompair talún atá ann cheana i gCCC. Áireofar leis seo caiteachas ar chothabháil agus athnuachan chun an córas iompair atá ann cheana a choimeád i mbail shásúil, agus caiteachas oibriúcháin agus bainistíochta chun soláthar leanúnach seirbhísí iompair leordhóthanacha a chinntiú.

Is é an chéad thosaíocht eile, i gcomhréir le CSIITT, ná aghaidh a thabhairt ar bhrú tráchta uirbeach agus éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht an chóras iompair phoiblí i gCCC a fheabhsú.

Díreoidh an freagra ar acmhainn fheabhsaithe leathnaithe iompair phoiblí, ar bhonneagar siúil agus rothaíochta níos fearr agus níos mó, agus ar Chórais Iompair Chliste (CIC) a úsáid chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht a fheabhsú agus chun an acmhainn agus bearta bainistíochta ar éileamh a mhéadú.

Ní mheastar gur cuid den réiteach ar bhrú tráchta iad mórghóithre nua i gcoitinne, cé gur féidir údar mhaith a bheith le feabhsú acmhainne ar bhóithre atá ann cheana féin in éineacht le bainistíocht éilimh i gcásanna áirithe.

### Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta (2012)

Leagann na treoirlínte Pleanála Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta amach ceisteanna um beartas pleanála a bhaineann le forbairt a mbeidh tionchar acu ar Phríomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta den Dara Grád, lena n-áirítear mótarbhealaí agus acomhail a bhaineann leo.

Aithnítear sa cháipéis an ról rithabhachtach atá ag gréasán bóithre den chéad scoth i bhforbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil an Stáit ach tugtar rabhadh inti freisin maidir le botúin ó thaobh phleanáil úsáide talún a rinneadh san am atá caite a sheachaint. Tá na sleachta agus prionsabail is tábhachtaí a bhaineann leis an ngréasán bóithre in SICCC a fhorbairt athluaite thíos.

“Tá ról tábhachtach ag bóithre náisiúnta i gcóras iompair na hÉireann ar an iomlán agus i bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus fhisiciúil na tíre.

Is é príomhchuspóir an ghréasán bóithre náisiúnta ná naisc straitéiseach a iompair a chur ar fáil idir na príomhionaid daonra agus fostaíochta, lena n-áirítear príomhthairsí idirnáisiúnta amhail na príomhchalafoirt agus na príomhaerfoirt, agus rochtain idir na réigiúin go léir a chur ar fáil”.

Mar sin féin, le blianta beaga anuas, chuir daonra agus rátaí úinéireachta cairr atá ag méadú, athruithe ar stíl mhaireachtála agus fhostaíocht, agus feabhsuithe ar chaighdeán an ghréasán bóithre le fás amach neamh-inbhuanaithe limistéar uirbeach agus ionad miondíola agus fostaíochta freisin.

Tá na cineálacha forbartha sin atá scaipthe agus ag brath ar charranna neamheacnamaíoch, tagann méaduithe ar achar turais astu, fágann siad go mbíonn sé deacair gréasáin mhealltach a iompair phoiblí, rothaíochta agus siúil a fhorbairt agus bíonn tionchair thromchúiseacha acu ar inmharthanacht agus inbhuanaitheacht láir bailte agus cathracha. **Ní mholtar i mbeartas Rialtais a thuilleadh go ndéanfaí freastal ar an gcineál fáis neamhtheoranta ar thrácht bóithre a tharlaíonn mar thoradh ar an gcás a ndéantar achoimre air thuas.**

### Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Shráideanna Uirbeacha 2013


Leagann an Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Shráideanna Uirbeacha (LDBSU) amach an chaoi inar chóir bóithre agus sráideanna i limistéir uirbeacha agus fho-uirbeacha a dhearadh chun tús áite a thabhairt do riachtanais coisithe, rothaithe agus úsáideoirí iompair phoiblí agus ceannasacht an chairr phríobháidigh agus ceannasacht an chairr phríobháidigh a laghdú. Tagann na pleananna agus na tograí atá leagtha amach i SICCC le spriocanna agus cuspóirí uileghabhálacha LDBSU.

Áirítear na rudaí seo a leanas leis na príomhphrionsabail a cuireadh i bhfeidhm i gcomhthéacs SICCC:

- Níos mó béime ar an bhfeidhm áite do shráideanna agus bhóithre i gCathair Chorcaí, limistéir fho-uirbeacha agus Lár Bailte Uirbeacha;
- Níos mó measa ar thimpeallacht na gcoisithe lena n-áirítear leithid cosáin and saoráidí trasriain;
- Béim ar thréscailteacht scagtha agus naisc do choisithe agus rothaithe, go háirithe le háiteanna fostaíochta, oideachais agus stadanna iompair phoiblí; agus
- Leagan amach agus riachtanais bhóithre dáileora.

### Taisteal Níos Cliste - Todhchaí Inbhuanaithe

Leagann Taisteal Níos Cliste amach spriocanna soiléire a bhí mar bhonn eolais d'ullmhú SICCC. Socraíonn an Rialtas an fhís maidir le hinbhuanaitheacht iompair agus leagann amach cúig phríomhsprioc: (i) an t-éileamh taistil foriomlán a laghdú, (ii) éifeachtúlacht an ghréasán iompair a uasmhéadú, (iii) spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, (iv) astaíochtaí iompair a laghdú (v) inrochtaineacht iompair a fheabhsú. Leagann sé an sprioc amach, go háirithe, gur de shiúl na gcos, ar rothar nó ar iompar poiblí a dhéanfar 55% de thurais comaitéara chun na hoibre sa Stát ar an iomlán go háirithe.



Chun an t-athrú sin a éascú, agus chun freastal ar thurais bhreise de shiúl na gcos, ar rothar nó ar iompar poiblí, molann an Straitéis gréasán iompair phoiblí agus struchtúr seirbhíse cuimsitheach, chomh maith le ról na rothaíochta agus an tsíúil mar roghanna malartacha oiriúnacha ar roinnt turas a mhéadú.

#### **Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeán Deartha d'Árasáin Nua Treoirlínte d'Údaráis Phleanála**

Is nuashonrú é an cháipéis seo ar na treoirlínte caighdeán deartha a eisíodh in 2015. Tá roinnt ceisteanna a bhaineann le hiompar agus atá ábhartha d'fhorbairt SICCC sna caighdeáin nuashonraithe, lena n-áirítear na rudaí seo a leanas:

- Déanfar beartas réamhshocráithe maidir soláthar páirceála a íoslághdú, a laghdú go suntasach nó a scriosadh ina iomláine i limistéir an-inrochtana amhail i lár cathracha nó taobh leo, nó áit a dtagann córais iompair phoiblí le chéile, amhail stáisiúin traenach agus bhus atá an-ghar dá chéile. De ghnáth, bíonn na háiteanna sin i bhfoisceacht 15 nóiméad de shiúl na gcos go lár cathracha nó i bhfoisceacht 10 nóiméad de shiúl na gcos go stadanna traenach nó bus comaitéireachta nó i bhfoisceacht 5 nóiméad siúil go seirbhísí bus ardmhinicíochta.

- Glacadh suntasach le cainníocht agus cáilíocht na áiteanna páirceála rothair i gcomhréir leis an ionad; cainníocht; dearadh, agus bainistíocht áiteanna storála rothar.
- Laghdú ar an gcaighdeán páirceála foriomlán agus uaschaighdeán páirceála cairr a chur i bhfeidhm do scéimeanna tithíochta ina bhfuil níos mó ná 45 áitreabh an glanheicteáir in áiteanna fo-uirbeacha/uirbeacha a bhfreastalaíonn iompar poiblí orthu nó atá gar do lár bailte nó d'áiteanna fostaíochta.
- Riachtanas go mbeidh an rothaíocht cuimsithe go hiomlán i ndearadh agus feidhmiú gach scéim nua árasán.

#### **Treoir Réigiúnach**

Ar an leibhéal réigiúnach, moltar i CNP 2040 go bhforbrófaí SRSEanna agus PSCCanna. Tá na SRSEanna chun comhordú níos fearr a chinntiú maidir le ceisteanna ar bheartas pleanála agus forbartha thar teorainneacha na n-údarás áitiúil. Mar chuid de phróiseas an SRSE, ní foláir do PSCCanna aird níos mionsonraithe a dhíriú ar cheisteanna a bhaineann le cathracha agus limistéir uirbeacha. Tugtar tuilleadh sonraí ar an bpróiseas SRSE agus PSCC thíos.

#### **Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (SRSE)**

Tá CCC laistigh de Thionól Réigiúnach an Deiscirt. Is ceann de thrí Thionól na hÉireann é Tionól Réigiúnach an Deiscirt, a bunaíodh ar an 1 Eanáir 2015, in éineacht le Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair agus Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre.

Cuimsíonn na trí Thionól nua feidhmeanna na n-údarás agus na dtionól réigiúnach roimhe seo araon, agus tá roinnt de na cumhachtaí feabhsaithe go suntasach, go háirithe maidir le pleanáil spásúlachta agus forbairt eacnamaíoch. Cuirtear de dhualgas ar na Tionóil SRSEanna nua a ullmhú dá réigiúin féin.

Is nasc í an SRSE idir an CNP, na Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae agus na Pleananna Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil. Leis an bpróiseas sin, tá ról lárnach ag na Tionóil i mbearta a cheapadh i dtaobh scaipeadh feabhsaithe fais agus forbartha maidir le geilleagar an réigiúin a bhaint amach.


Bhí dréacht an SRSE ar fáil le haghaidh comhairliúcháin phoiblí ó Nollaig 2018 go Márta 2019. Táthar ag súil go mbeidh an Straitéis ar fáil níos déanaí in 2019.

#### **Plean Straitéiseach Cheantar Cathrach (PSCC)**

Forbrófar SRSEanna chun pleananna údarás áitiúil a chomhordú ag leibhéal straitéiseach agus leibhéal tionóil réigiúnaigh. Mar sin féin, tá limistéir na dTionól rómhór chun a bheith in ann díriú go sásúil ar cheisteanna a bhaineann le cathracha agus limistéir uirbeacha. Dá réir sin, i bpáirt leis an bpróiseas SRSE, agus mar chuid de, sonraítear sa CNP go gcuirfear socrúithe i bhfeidhm chun go gcuimseofar ullmhú cúig PSCC comhordaithe do na limistéir uirbeacha seo: Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge.

I gcomhréir leis na SRSEanna, tabharfar bonn reachtach do na PSCCanna chun go mbeidh siad mar chreataí straitéiseach 12 bhliana um pleanáil agus infheistíocht do na cathracha agus na limistéir uirbeacha, agus iad ag dul i ngleic le ceisteanna i ndáil le forbairt straitéiseachfhadtéarmach ar leibhéal ard.

Tá na bearta atá leagtha amach in SICCC ag teacht leis an dréacht MASP a bhí ar fáil le haghaidh comhairliúcháin phoiblí leis an SRES. Is cáipéis reachtúil é MASP agus is dócha go nglacfar léi níos déanaí in 2019.



Cuireann SICCC, in éineacht leis an SRSE do Réigiún an Deiscirt agus an PSCC do CCC, bunús faoi phleanáil réigiúnach i gceantar Chorcaí, a bhfuil cuspóirí náisiúnta beartais an CNP 2040 agus an PFN mar bhonn eolais dó freisin.

### Treoir Áitiúil

Is é an tríú sraith san ordlathas pleanála agus beartais ná an phleanáil áitiúil, a bhfuil an creat pleanála maidir le treoir náisiúnta agus réigiúnach a chur i bhfeidhm ag an leibhéal áitiúil mar chuid de. Cuirfidh SICCC bonn eolais ar fáil do nuashonruithe ar phleananna forbartha Chathair agus Chontae Chorcaí amach anseo. Déantar achoimre ar na pleananna reatha forbartha thíos.

#### Plean Forbartha Chathair Chorcaí 2015-2021

Leagann Plean Forbartha Chathair Chorcaí amach creat forbartha Chathair Chorcaí go dtí 2021. Diríonn an plean ar dhaonra cónaithe agus fostaíochta na cathrach a mhéadú.

Leagtar amach sprioc daonra de 150,000 agus sprioc fostaíochta de 85,577 post faoi 2022 sa Chroístraitéis. Léireodh sé sin ardú de 25.8% agus 22.3% faoi seach ar fhiigiúirí daonáirimh 2011.

Dirítear sa phlean ar chaighdeán saoil na ndaoine atá ina gcónaí ann a fheabhsú freisin, agus ar bheith ar an eolas faoi athrú aeráide agus an tionchar a bhíonn ag an bhforbairt ar an gcomhshaol. Tá sé d'aidhm ag an bPlean Forbartha modhanna iompair níos inbhuanaithe lastigh den chathair a chur chun cinn freisin, ag tabhairt airde ar an tábhacht a bhaineann le húsáid talún agus iompar a réitiú lena chéile.

Leagann an Plean Forbartha amach fis de Chathair Chorcaí mar phríomhchathair réigiúnach rathúil inbhuanaithe a bhfuil ardchaighdeán saoil ag a saoránaigh agus geilleagar láidir áitiúil aici, ina bhfuil gréasáin de chomharsanachtaí deasa agus córas iompair maith agus áiseanna maithe ag freastal orthu.

Bainfear an fhís sin do Chathair Chorcaí amach tríd na spriocanna straitéiseacha seo a leanas a bhaint amach:

- Daonra agus teaghlaigh a mhéadú chun dlúthchathair inbhuanaithe a chruthú;
- Caighdeán saoil níos airde a bhaint amach, cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus a chinntiú gur áit mhealltach shláintiúil a bheidh sa chathair chun cónaí, oibre, cuairte agus infheistíochta;
- Tacú le geilleagar na cathrach a athnuachan;
- Modhanna inbhuanaithe iompair agus comhtháthú ar úsáid talún agus iompair a chur chun cinn;
- Foirm agus carachtar ar leith Chorcaí a choinneáil agus leas a bhaint astu;
- Dul i ngleic le hathrú aeráide trí húsáid fuinnimh agus astaíochtaí a laghdú, oiriúnú i gcomhair athrú aeráide agus maolú i gcoinne phriacal tuile; agus
- Bonneagar glas na cathrach a chosaint agus a leathnú.

#### Plean Forbartha Chontae Chorcaí 2014-2020

Leagan an Plean Forbartha sin amach an straitéis iomlán maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe Chontae Chorcaí thar thréimhse 6 bliana.

Is é is cuspóir don phlean ná go mbeidh Corcaigh níos iomaíche agus níos inbhuanaithe mar chontae trí chóras iompair éifeachtúil a chur ar fáil anuas ar infheistíocht chothrom agus níos mó mhodhanna iompair phoiblí agus phríobháidigh atá inbhuanaithe agus tíosach ar fhuinneamh a spreagadh. Déanann an Plean Forbartha Chontae foráil do ghréasán feabhsaithe iompair phoiblí a nascfaidh na bailte móra Cathartha.

Tugann Croístraitéis Phlean Fhorbartha Chontae Chorcaí achoimre ar thosaíochtaí straitéiseacha Cheantar Cathrach Chorcaí le cinntiú gur féidir leis a fheidhm straitéiseach a chomhlíonadh mar thiomantóir don fhás i Réigiún an Iardheiscirt.

Cuimsítear na nithe seo a leanas leis na tosaíochtaí:

- Forbairt Cheantar Cathrach Chorcaí a chur chun cinn mar aonad pleanála comhtháite a fheidhmeoidh mar limistéar margaidh amháin le haghaidh tithe agus post ina mbeidh cothromaíocht rochtana do chách, trí chóras iompair comhtháite, ar na saoráidí oideachais agus cultúrtha is dual do Chathair nua-aimseartha bhríomhar Eorpach;
- Cabhrú le hathfhorbairt Dhughthailte Chathair Chorcaí trí fhoráil a dhéanamh d'úsáid thionsclaíoch agus mórshaoráidí calafoirt a athlonnú agus a fhorbairt, i Rinn an Scidigh go príomha;
- Tábhacht fhadtéarmach Aerfort Idirnáisiúnta Chorcaí a aithint agus an bonneagar agus na hacmhainní eile a chothabháil agus a fheabhsú ar dóichí go mbeidh siad de dhíth dá fhorbairt amach anseo;
- Gréasán feabhsaithe iompair phoiblí a chur ar fáil, a nascfaidh an Chathair, an ceantar máguaird, na bailte Cathartha agus na mórionaid fhostaíochta;

- Prionsabail Chrios Glas Cheantar Cathrach Chorcaí a choimeád;
- Ceantar Máguaird Chathair Chorcaí a fhorbairt ionas go gcuirfidh sé leis an gCathair. Ó dheas, ba cheart go dtabharfaí tosaíocht don fhás sciobtha atá ar siúl le cúpla bliain anuas a chomhdhlúthú trí sheirbhísí, bhonneagar sóisialta agus saoráidí áineasa a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais an phobail. Beidh ról tábhachtach ag an gCeantar Máguaird ó Thuaidh sa Chathair a athchothromú maidir le fás daonra agus fostaíochta amach anseo; agus


- Tabharfar tús áite d'fhorbairt chun na tithe agus na poist a bheidh de dhíth a chur ar fáil chun freastal ar an daonra a bhfuiltear ag súil leis sna ceantair seo a leanas laistigh de CCC; Carraig Uí Leighlin (Páirc na Sionainne), Mainistir na Corann (Carraig an Uisce) agus Carraig Thuathail (Taobh Thuaidh den Iarnród), Baile an Chollaigh (Maigh an Ghiolla Fhinn), An Ceantar Máguaird ó Thuaidh (Baile Uí Mhaoláin), Gleann Maghair (Dún Citil), An Bhlarna (Radharc na Carraige), An Mhóin Ard agus An Cóbh.

Táthar ag súil go ndéanfar Croístraitéisí an dá Údaráis áitiúil a athrú sna réimsí ábhartha faoi 2021.

### Achoimre

Is léir ón athbhreithniú go bhfuil beartais i bhfeidhm ar feadh roinnt blianta i roinnt earnálacha, agus é mar aidhm acu inrochtaineacht a mhéadú, modhanna taistil ghníomhaigh a chur chun cinn, agus úsáid carranna a laghdú trí iliomad modhanna.


Tá pleananna i bhfeidhm chun úsáid talún agus pleanáil iompair a chomhtháthú ar bhealach níos fearr ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach. Tá na beartais sin mar bhonn eolais d'fhorbairt SICCC agus tá treoir tugtha acu dó.







# Limistéar Staidéir SICCC agus Gréasán Iompair



## 03 COMHTHÉACS IOMPAIR FAOI LÁTHAIR

**Má leanfaimid leis na beartais reatha, éireoidh brú tráchtá níos measa, leanfaidh an fás astaíochtaí iompair, beidh tionchar diúltach aige ar iomaíochas eacnamaíoch agus tiocfaidh meath ar chaighdeán an tsaoil.**

Taisteal Níos Cliste - Todhchaí Iompair Inbhuanaithe

Ba é an chéad thasc agus an Straitéis á hullmhú ná measúnú a dhéanamh ar na coinníollacha iompair atá ann. Déanann an chaibidil seo cur síos ar an staid agus na coinníollacha laistigh de CCC faoi láthair i gcomhthéacs úsáid talún, sholáthar iompair agus phátrún gluaiseachta.

### Limistéar Staidéir

Shainmhínigh Plean Straitéiseach Cheantar Chorcaí (PSCC) Ceantar Cathrach Chorcaí (CCC) roimhe seo agus cuimsítear leis Cathair Chorcaí, a bruachbhailte agus na bailte agus na ceantair tuaithe i gceantar máguaird Chathair Chorcaí mar aonad comhtháite amháin.

Tá 820km<sup>2</sup>, i gCCC agus daonra de bheagán níos mó ná 305,000, de réir mar a chinnfear i nDaonáireamh 2016.

Cuimsítear sa Limistéar Staidéir Cuan Chorcaí agus Calafort Chorcaí. Téann an Laoi go díreach ón gcuan trí lár an cheantair chathraigh, arna scaradh in dá chainéal a chruthaíonn oileán lárnach Chathair Chorcaí. Is sainghné an cheantair é talamh cnocach géar ó thuaidh agus ó theas ón gcathair.

Tá dhá mhóronad oideachais tríú leibhéal i gCathair Chorcaí, Coláiste Ollscoile Chorcaí (COC) agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (ITC), agus tá an dá cheann suite in iardheisceart na cathrach, áit a bhfuil Ospidéal Ollscoile Chorcaí (OOC). Déantar freastal ar an gceantar ag Aerfort Chorcaí, atá lonnaithe ó theas ón gcathair, seirbhísí iarnróid idir-chathracha agus bhruachbhailteacha, agus seirbhísí bus réigiúnacha agus cathrach. Déantar tuilleadh cur síos sonraithe dóibh siúd sa chaibidil seo.

### Pátrún Fhorbartha Faoi Láthair

Tá an daonra cónaithe sa limistéar staidéir sna limistéir uirbeacha arna gcuimsiú ag Cathair Chorcaí, an ceantar máguaird uirthi, agus na lonnaitheachtá thart timpeall uirthi, go príomha. Tá daonra cónaithe níos airde i ndeisceart Chathair Chorcaí, i gcomparáid le tuisceart na cathrach.

Téann dáileadh an daonra i ndeisceart na cathrach níos faide soir-siar ná thuaidh-theas (thart ar 10km soir-siar ó Mhachain go Baile an Easpaig agus 5km thuaidh-theas ó Lár na Cathrach). Is é an ceantar is mó daonra lasmuigh den Chathair ná laistigh den cheantar máguaird theas, lena n-áirítear Dúglas.


Tá ionaid suntasacha fostaíochta laistigh de cheantar riaracháin na Comhairle Cathrach faoi láthair, i Manchain, sa Lár, ar Bhóthar na Modhfheirme agus in iardheisceart na Cathrach ag Ospidéal Ollscoile Chorcaí agus Wilton go háirithe. Lasmuigh den Chathair, tá cnuasaigh ar leith fostaíochta ag Aerfort Chorcaí, ar feadh chonair an N25 agus laistigh de Rinn an Scidigh, Baile an Chollaigh agus An tOileán Bheag.

### Comhthéacs Gluaiseachta CCC Faoi Láthair


Déantar thart ar 820,000 turas ar an meán gach lá i rith na seachtaine a thosaíonn i gCCC (thart 24 uair an chloig) agus is iad an buaicam maidine agus go déanach san iarnóin na tréimhsí is gnóthaí. Tagann láidreacht na dturas a dhéantar go déanach san iarnóin as suntasacht na dturas oideachais chomh maith le turais le haghaidh chuspóirí miondíola agus fóillíochta.

Turais a dhéantar go háiteanna oideachais is mó atá i measc na dturas a dhéantar le linn an bhuaicam maidine - 36% den iomlán. Cé go bhfuil líon na dturas comaitéireach suntasach freisin ag 29%, tá líon níos mó 'turas eile' ann ag 35%. San áireamh leis na turais sin tá siopadóireacht, fóillíocht, gnó agus cuairt a thabhairt ar chairde nó ar theaghlach, agus is ionann an cineál sin turais agus 50% de na turais a dhéantar sa lá ina iomláine.


Tá pátrún scaipthe do thuras chun na hoibre i gcoitinne sa limistéar Cathrach. Is gnách go n-úsáidtear an carr príobháideach le haghaidh turas gathach isteach sa Chathair agus amach uithi agus le haghaidh turas ar chuarbhealaí idir ionaid fostaíochta, amhail ar feadh an N40.







DLÚS DAONRA 2016




SRI ROINNT MODHANNA 24-UAIR FUD AN CCC

### Sciar Modha CCC

Léiríonn sciar íseal na modhanna iompair phoiblí de 5% ar feadh an lae iomláin agus le haghaidh gach chuspóir turais na srianta ar sholáthar iompair phoiblí faoi láthair i gCCC.

Ní dhéantar ach 7% de thurais chun na hoibre i gCathair Chorcaí ar iompar poiblí, agus is é an figiúr coibhéiseach don limistéar cathrach ar fad ná 3%.

I gcomparáid leis sin, tá sciar modha 20% ag an siúl, agus is é an carr an modh ceannasach, a úsáidtear le haghaidh 74% de thurais sa réigiún. Is ar rothar a dhéantar na turais eile i rith an lae, thart ar 1% de na turais uile.



POIST IN AGHAIDH CHEANTAIR BHEAGA AN POS 2016

Déantar thart ar 86% de thurais chun na hoibre sa cheantar cathrach lasmuigh den cheantar uirbeach i gcarr, ach laghdaítear an sciar modha atá ag an gcarr go 65% laistigh de theorainn na Cathrach. Léiríonn sé sin an ráta an-ard de spleáchas ar charr i gceantair neamh-uirbeacha CCC.

### Soláthar Iompair Faoi Láthair

#### Seirbhísí Bus Áitiúla agus Réigiúnacha


Clúdaíonn líonra Chathair Chorcaí, arna oibriú mar líonra fóirdheonaithe ag an Stát ar conradh leis an ÚNI, an Chathair ar bhealach réasúnta cuimsitheach. Oibrítear an chuid is mó de sheirbhísí bus na cathrach go traschathrach agus go gathach ón Lár, agus freastalaíonn roinnt cuarbhealaí ar thurais idir-fho-uirbeacha chomh maith le naisc le COC agus ITC a chur ar fáil.

Ní hionann minicíocht na seirbhísí ar fud an ghréasáin agus níl ach cúig bhealach 'ardminicíochta' (gach 10 go 20 nóiméad go ginearálta) ann.

Tá dlús níos airde de sheirbhísí bus ardmhinicíochta i ndeisceart na cathrach i gcomparáid le tuaisceart na cathrach, rud a léiríonn dáileadh an daonra. Téann gréasán na Cathrach níos faide amach thar theorainn na Cathrach chun freastal ar dhaoine arda agus ionaid fhostaíochta lena n-áirítear An Ceantar Máguaird Theas, Baile an Chollaigh, Rinn an Scidigh agus An Bhlarna.

Athraíodh an struchtúr táille le déanaí chun go mbeidh paisinéirí sna ceantair sin in ann leas a bhaint as na táillí cathrach atá níos ísle.





SEIRBHÍSÍ BUS ARDMHINICÍOCHTA FAOI LÁTHAIR



GRÉASÁN IARNRÓID FAOI LÁTHAIR

Sna limistéir cathrach níos leithne, tá seirbhísí rialta bus a fheastalaíonn ar na príomhlonnaíochtaí, ach níl aon chuarsheirbhís ag feidhmiú ar feadh an limistéir chathraigh níos leithne ná trí Thollán Sheáin Uí Loinsigh. Go ginearálta, is saintréith de sheirbhísí bus do thurais thar achar níos faide í seirbhísí cóiste nach bhfuil ach líon teoranta stadanna acu arna n-oibriú ag Bus Éireann óna stáisiún bus i gCathair Chorcaí ar Phlás Parnell. Tá líon teoranta seirbhísí tráchtála ceadúnaithe bus ar nós na seirbhíse Cobh Connects, a tosaíodh le déanaí, a nascann Cathair Chorcaí leis an gCóbh.

Freastalaíonn réimse seirbhísí tráchtála ceadúnaithe bus ar thurais thar achar níos faide a théann níos faide ná CCC. Tá córas cuimsitheach tráchta aontreo i bhfeidhm i gCathair Chorcaí a mbíonn tionchar diúltach aige ar oibrioictaí iompair phoiblí toisc go mbíonn bealaí bus scartha ar thurais isteach agus turais amach. D'fhéadfadh sé seo mearbhall a chur ar phaisinéirí nach n-úsáideann an bus go minic agus ar chuairteoirí chun na Cathrach nach bhfuil cur amach acu ar líonra bus na cathrach. Tá bealaí áirithe bus scartha mar gheall ar leithéid srianta bóithre freisin.

### An Gréasán Iarnróid

Tá Cathair Chorcaí nasctha go réasúnta maith le Gréasán Iarnród Éireann agus cuirtear naisc ar fáil laistigh de CCC leis na háiteanna seo a leanas: An Cóbh, Rushbrooke, Carrig an Lua, Oileán Fhóite, Mainistir na Corann, Carrig Thuathail, An Gleanntán, agus An tOileán Beag.

Is í líne traenach Corcaigh–Baile Átha Cliath, ar a mbíonn seirbhísí gach uair, an líne Idirchathrach is fearr feidhme sa tír ó thaobh líon na bpaisinéirí de. Cé is móite den tseirbhís dhíreach maidine Idirchathrach go Baile Átha Cliath, tá naisc ar fáil ag Mala, Gabhal Luimnigh agus Stáisiún Heuston i mBaile Átha Cliath.

Téann gach seirbhís traenach i gCCC go Stáisiún an Cheanntaigh, agus uaidh. Níl suíomh an stáisiúin ná na socruithe rochtana agus leagain amach a bhaineann leis faoi láthair go hiontach maidir le teacht ar Lár na Cathrach. Tá aimsiú bealaí agus inléiteacht go dona d'ainneoin roinnt feabhsuithe a rinneadh le déanaí. Bíonn tionchar diúltach ag an gcóras tráchta aontreo atá i bhfeidhm thart timpeall an stáisiúin ar amanna turais bus agus a mhealltaí is atá an acomhal traenach-bus.

Déantar níos lú ná 1% de na hearraí iomlána a iompraítear in Éirinn anois a iompar mar lastas iarnróid. Bhí saoráid lastas iarnróid i Tivoli ag Calafort Chorcaí, ceann de na háiteanna ba mhó as ar tháinig gluaiseachtaí lastas iarnróid sa seanam, a d'fhreastail ar an gCalafort. Tá an stáisiún as úsáid le blianta beaga anuas, áfach, agus déantar gluaiseachtaí lastais ar bhóthar anois.

### Gréasán Rothaíochta

Tá feabhsuithe suntasacha tagtha ar bhonneagar rothaíochta le cúig bliana anuas, i lár na Cathrach go príomha, mar chuid de Straitéis Gluaiseachta Lár Cathrach Chorcaí a chur i bhfeidhm.

Cé go bhfuil an gréasán rothaíochta á fheabhsú, tá an gréasán mar atá sé faoi láthair trí chéile agus de chaighdeán athraitheach. Is amhlaidh lasmuigh de Lár na Cathrach féin go háirithe, áit a bhfuil easpa bhonneagar rothaíochta d'ardchaighdeán agus bealaí scartha ar bhóthar ar a mbíonn luas tráchta níos airde ná 30kph faoi láthair. Cuireann an topagrafaíocht ghéar in áiteanna de CCC bac ar an rothaíocht.

D'ainneoin sin, léiríonn rath na bhfeabhsuithe a rinneadh le déanaí, gan trácht ar na héilimh chun an scéim roinnte rothar a leathnú agus an úsáid a bhaintear as an ngréasán rothaíochta, go bhfuil fíoréileamh suntasach ann go mbeidh an rothaíocht mar phríomh-mhodh iompair aisti féin, nó mar chuid de thurais nasctha le hiompar poiblí.

### Gréasán Coisithe

Tá an-dífeall idir leibhéil siúil agus caighdeán na timpeallachta do choisithe ar feadh CCC. Léiríonn sé sin déine éagsúil úsáide talún, tosaíochtaí gluaiseachta agus áite atá ag athrú agus deighilt pobail a thagann as bacainní fisiciúla amhail uiscebhealaí agus bealaí feithicle ar a mbíonn an-chuid trácht. Tá gréasán coisithe seanbhunaithe ag a bhfuil timpeallacht atá tarraingteach agus gur féidir í a shiúl go ginearálta ag Lár Chathair Chorcaí. Lasmuigh de Lár na Cathrach, tá neamhréir i gcaighdeán na timpeallachta do choisithe, fiú agus athruithe sa topagrafaíocht curtha san áireamh.

Maidir le go leor de na príomhbhealaí siúil chun na Cathrach, tá caighdeán na gcosán ar neamhréir agus tá na leithéid faoi bhun an chaighdeáin i roinnt áiteanna, i lár áiteanna áitiúla agus comharsanachta go háirithe. I roinnt limistéar cónaithe, lena n-áirítear Baile an Locha, Baile an Teampaill, Tobar Rí an Domhnaigh agus An Dúcharraig, tá easpa cosán ar chodanna áirithe den ghréasán agus tosaíocht do choisithe ar acomhail áitiúla.

Ar feadh CCC, baineann an easpa tréscailteachta maidir le leagan amach forbairtí tithíochta agus miondíola an bonn d'íarrachtaí leibhéil níos airde agus níos sábháilte turas de shiúl na gcos chuig siopaí, seirbhísí áitiúla agus scoilleana a chur chun cinn. Is fadhb é freisin forbairt shaoráidí pobail in áiteanna mí-oiriúnacha nach bhfuil an bonneagar tacaíochta do choisithe iontu.

Is fadhb athfhillteach é carranna a bheith páirceáilte go mídhleathach ar na cosáin agus ag colbhaí íslithe, rud a laghdaíonn amharclínte agus a fhágann go mbíonn ar choisithe, iad siúd a bhíonn faoi mhíchumas luaineachta san áireamh, siúl ar an gcarrbhealach.

I measc na mbac eile ar an siúl agus ar rochtain ar iompar poiblí atá roimh dhaoine faoi mhíchumas agus naíchóistí tá amanna trasriain nach bhfuil leordhóthanach ag acomhail ag a bhfuil comharthaí, tranglam i bhfoirm thoscán sráide agus easpa suíochán agus leithreas poiblí.

Beidh sé ina phríomhchuspóir ag an Straitéis feabhas a chur ar chaighdeán an ghréasán coisithe, agus ar an timpeallacht chun tacú le leibhéil níos sábháilte agus níos airde de thaisteal de shiúl na gcos agus ar rochtain ar mhodhanna eile iompair.

### Gréasán Straitéiseach Bóithre

Tá gluaiseacht earraí agus seirbhísí laistigh de CCC arna tacú ag an ngréasán straitéiseach bóithre lena n-áirítear ocht mbóthar náisiúnta, cúig cinn díobh atá mar chuid de Chroighréasán Cuimsitheach TEN-T (Gréasán Tras-Eorpach - Iompair).

Tá an-spleáchas ar bhóithre straitéiseacha amhail an N28 (arna nascadh le Rinn an Scidigh), an N27 (arna nascadh le hAerfort Chorcaí), an N40, an M8, an N25 agus an N20 le haghaidh nascachta náisiúnta, réigiúnaí agus áitiúla. Tá sé ríthábhachtach d'fhás gheilleagar Chorcaí go ndéanfaí acmhainn na mbóithre agus na leibhéil seirbhíse is fearr a choimeád.

Tá acmhainn ag codanna den ghréasán straitéiseach bóithre ach tá an-chuid trácht in áiteanna áirithe freisin, a chruthaíonn brú trácht in áiteanna áirithe chaolais bóthair, lena n-áirítear Acomhal Dhún Citil agus codanna den N40.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) le hAcomhal Dhún Citil a uasghrádú agus tá Staidéar Bainistíochta Éilimh déanta ar chonair an N40, lena n-áithnítear roinnt idirghabhálacha d'ísealchostas a bhfuil sé mar aidhm acu sruth trácht a fheabhsú agus acmhainn a choimeád.

Níl cuarchonair straitéiseach i dtreo thuaisceart na cathrach ag CCC, a fhágann go dtéann trácht straitéiseach agus Feithiclí Earraí Troma (HGVanna) ón N20 tríd an gCathair, ag cur le brú trácht ar shráideanna cónaithe agus laistigh de Lár na Cathrach féin.

Beidh feabhas a chur ar an ngréasán bóithre agus é a bhainistiú ó thaobh ghluaiseachttrácht straitéisigh ina ghné tábhachtach de ghréasán iompair CCC amach anseo, na bearta a aithnítear i Staidéar Bainistíochta Éilimh an N40 de chuid BIÉ san áireamh.

### Gréasán Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla


Cuireann an gréasán bóithre réigiúnacha agus áitiúla rochtain ar sheirbhísí áitiúla ar fáil agus nascann sé pobail le chéile. Tá an gréasán bóithre áitiúla atá ann faoi láthair forbartha thar na blianta ach d'fhéadfaí a mheas nach mbeidh sé oiriúnach chun freastal ar ghluaiseacht éifeachtúil daoine agus earraí amach anseo. Níl ach fíorbheagán cuarbhealaí i gCathair Chorcaí, a fhágann go ndéantar turais áitiúla trí Lár na Cathrach nó go ndéantar turais áitiúla a athdháileadh ar ghréasán na mBóithre Náisiúnta.

Bíonn brú trácht le linn buaicamanna laistigh de Lár na Cathrach agus ar bhealaí gathacha. I roinnt áiteanna, bíonn srian ar na deiseanna chun acmhainn bhóthair a mhéadú agus is minic a bhíonn sé sin neamh-inmhianaithe mar gheall ar an tionchar a bheadh ag a leithéid ar chaighdeán an réimse uirbhigh.

Chun soláthar a dhéanamh do ghréasán iompair atá níos fearr, níos éifeachtúla agus inbhuanaithe, **tá roinnt príomhdhúshlán nach mór go dtabharfadh SICCC aghaidh orthu.**

Níl aon amhras ann go dtiocfaidh méadú ar bhrú tráchta agus mhoilleanna mar gheall ar an bhfás amach anseo mura dtabharfar aghaidh ar an spleáchas ar charranna príobháideacha atá ann faoi láthair i gCCC.

Ní dhéanann an-chuid áiteanna ar ghréasán na mbóithre áitiúla soláthar iomchuí do choisithe, do rothaithe, dóibh siúd atá faoi mhíchumas luaineachta agus d'úsáideoirí leochaileacha bóithre, lena n-áirítear páistí. Is follasaí é seo ar bhóithre a fhreastalaíonn ar limistéir chónaithe atá forbartha le déanaí ar imeall cheantar forbartha na cathrach.



2016 SCIAR MHODH CAIRR

### Achoimre agus na príomhdhúshláin a dtabharfadh SICCC aghaidh orthu

Tá brú méadaithe á chur ar ghréasán iompair Chorcaí agus ní bheidh an gréasán mar atá in ann tacú le riachtanais iompair Cathrach agus limistéir Chathraigh atá ag fás amach anseo. Tá sciar an mhodh cairr an-ard i gCorcaigh agus mura ndéanfar a mhealltaí is atá modhanna malartacha iompair a fheabhsú, leanfaidh leibhéil arda spleáchais ar charr, moilleanna turais, brú tráchta agus truailliú, a mbíonn tionchair acu go léir ar chaighdeán an tsaoil, i gCeantar Cathrach Chorcaí.

Chun soláthar a dhéanamh do ghréasán iompair atá níos fearr, níos éifeachtúla, agus inbhuanaithe, tá roinnt príomhdhúshlán nach mór go dtabharfadh SICCC aghaidh orthu. Ina measc siúd, tá:

- A chinntiú gur féidir leis an ngréasán iompair tacú leis an bhfás daonra, fostaíochta agus oideachais a bhfuiltear ag súil leis sa CNP 2040;
- Tacú le beocht, inrochtaineacht agus ináitritheacht Lár Chathair Chorcaí agus na n-ionad Cathrach;
- A chinntiú go mbeidh forbairt amach anseo suite agus deartha ar shlí a thabharfaidh tús áite don siúl, don rotháocht agus d'iompar poiblí agus a laghdóidh an gá le taisteal a dhéanamh i gcarr;
- An t-iompar poiblí atá ar fáil a fheabhsú le seirbhísí de mhinicíocht níos airde ag a bhfuil luas agus iontaofacht am turais níos fearr agus atá níos díri;
- Cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais mhodhanna éagsúla iompair chun tacú níos fearr le gluaiseacht daoine ar feadh an ghréasán iompair, laistigh den spás teoranta atá ar fáil i gcodanna na Cathrach go háirithe;
- Dlús cónaithe a mhéadú de réir lárnaicta laistigh d'ionaid agus inrochtaineacht ar iompar poiblí;
- Freastal a dhéanamh ar líon méadaithe turas ar bhealach níos éifeachtúla tríd an nascacht le mórionaid fhostaíochta agus oideachais de shiúl na gcos, ar rothar nó ar iompar poiblí a uasmhéadú;
- Cur leis an ngréasán iompair phoiblí le saoraidí comhlántacha amhail Páirceáil agus Taisteal, ar mhaithe le daoine a thagann chun na cathrach ó na ceantair tuaithe máguaird;
- Gréasán straitéiseach bóithre CCC a choimeád, atá comhtháite sa ghréasán bóithre náisiúnta níos leithne chun freastal ar thréthuais straitéiseacha agus ar ghluaiseacht earraí, ag freastal ar shaoraidí Chalafoirt Chorcaí i Rinn an Scidigh atá á méadú go háirithe;
- Bonneagar iompair atá ann faoi láthair a uasmhéadú, lena n-áirítear an gréasán iarnróid Idirchathraigh agus Comaitéara agus Aerfort Chorcaí;
- Baic fhisiciúla ar iompar a sháru a chuireann topagrafaíocht dhúshlánach agus gnéithe fhisiciúla i gCorcaigh;
- Bonneagar iompair a fheabhsú ar bhealach cost-éifeachtúil a thacóidh leis an gcás i gcomhair maoinithe agus infheistíochta;
- Éifeachtúlacht agus athléimneacht a bhaint amach i ngréasán iompair Cheantar Uirbeach Chathair Chorcaí;
- Sábhálteacht úsáideoirí bóithre i gCorcaigh a fheabhsú trí thionóiscí agus theagmhais tráchta a laghdú;
- Tus áite a thabhairt do mhodhanna gníomhacha (an siúl agus an rotháocht) chun na buntáistí don tsláinte a fheabhsú; agus
- Tionchar an iompair ar an gcomhshaoil a laghdú trí bhearta dírithe chun srian a chur ar thionchar diúltach astaíochtaí aeir agus torainn.







## 04 ÚSÁID TALÚN SICCC 2040

### Tacaíocht do spriocanna treallúsacha fáis agus Corcaigh a chumasú chun fás 50% ar a laghad a dhéanamh faoi 2040 agus a hacmhainneacht shuntasach a fheabhsú le cathair scála a dhéanamh di.

An Creat Pleanála Náisiúnta 2040

I mí Feabhra 2018, d'fhoilsigh an Rialtas an CNP 2040. Leagann an cháipéis sin amach an creat beartais pleanála do na 22 bhliain atá le teacht. Cuireann foilsíú an CNP an-bhéim nua beartais ar lonnaíochtaí atá ann cheana a athnuachan agus a fhorbairt, in áit síneadh agus leathnú leanúnach cathracha agus bailte amach faoin tuath, agus lár bailte agus sráidbhailte beaga thíos lena leithéid.

#### Fás Náisiúnta

Meastar i gcáipéis an CNP 2040 go dtiocfaidh méadú nach mór le 1 mhilliún duine ar dhaoine na hÉireann faoi 2040, agus go mbeidh 600,000 post agus ar a laghad 500,000 teach sa bhreis de dhíth.

Aithnítear sa CNP an ról a bheidh ag Corcaigh, agus ag Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge, na cathracha réigiúnacha eile, i mBaile Átha Cliath a fhrithchothromú, agus táthar ag súil le fás daonra 50-60% i ngach cathair réigiúnach.

#### Fás Réigiúnach

Cuirtear an CNP 2040 i bhfeidhm ag an leibhéal réigiúnach, cathrach agus áitiúil tríd an SRSE, na PSCCanna agus na Pleananna Forbartha atá le teacht a fhorbairt agus tríd na Pleananna Ceantair Áitiúil de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí agus Chomhairle Contae Chorcaí araon.

Mar a phléitear i gCaibidil 2, bhí dréacht den SRES agus MASP ar fáil le haghaidh comhairliúcháin phoiblí idir Nollaig 2018 agus Márta 2019. Tríothu siúd cuireadh ar fáil réamh-mheastacháin daonáirimh don bhliain leaslíne 2031 le haghaidh Chathair agus Bhruachbhailte Chorcaí araon (283,669) agus an chuid eile de CCC (125,157). Ceal dáileadh cinnte úsáid talún don CCC, tá buillí faoi thuairim déanta maidir le Cuspóirí Pleanála Náisiúnta an CNP agus na pleananna forbartha reachtúla de chuid an dá údarais áitiúil i gCorcaigh.

Anuas air sin, tá bearta iompair na Straitéise forbartha le bheith inscálaithe agus solúbtha, agus chun go mbeidh an acmhainn chuí chúlaca acu le deileáil le haon athrú ar an bhfás a d'fhéadfadh teacht as na próisis SRSE agus PCCC, a dhéanfaidh an gréasán straitéise beartaithe freastal air.

#### Cuspóirí Náisiúnta Beartais an CNP


Tá na beartais éagsúla de chuid an CNP leagtha amach de réir na gCuspóirí Náisiúnta Beartais (CNBanna). Forbraíodh CNBanna tar éis an t-uafás anailíse agus comhairliúcháin agus leag siad amach bealach nua chun tosaigh do phleanáil réigiúnach agus áitiúil agus do bheartas forbartha inbhuanaithe in Éirinn. Úsáideadh na CNBanna mar bhonn chun spriocanna fáis um úsáid talún agus dáileadh fáis do SICCC a fhorbairt, chomh maith leis na príomhstraitéisí i bPleananna Forbartha Chathair agus Chontae Chorcaí.

Seo a leanas cuid de na príomhCNBanna ábhartha maidir le SICCC a fhorbairt:

- CNB 1b – Fás daonra de 340,000-380,000 i Réigiún an Deiscirt faoi 2040 i.e. spriocdhaoine de bheagnach 2 mhilliún;
- CNB 1c – 225,000 duine sa bhreis i bhfostaíocht i Réigiún an Deiscirt i.e. 880,000 ar an iomlán;
- CNB 2a – Sprioc de leath (50%) d'fhás daonra agus fostaíochta le bheith dírithe ar na cúig chathair atá ann cheana agus a mbruachbhailte;
  - Is ionann sin agus fás daonra i gCathair agus Bruachbhailte Chorcaí (CNB8) d'idir 105,000 agus 125,000 thar leibhéal 2016.
- CNB 3 – Leagtar amach sa CNP an sprioc go gcuirfear ar a laghad 40% de thithíocht nua ar fáil go náisiúnta laistigh de na ceantair ina bhfuil go leor tógála déanta cheana féin i gcathracha, bailte agus sráidbhailte agus/nó ar láithreáin athfhorbraíochta;



# Dáileadh Úsáid Talún SICCC 2040



- Is ionann sin agus 50% den fhás le bheith laistigh de na ceantair ina bhfuil go leor tógála déanta i gCathair agus Bruachbhailte Chorcaí agus 30% den fhás i lonnaíochtaí thart timpeall orthu le bheith i gceantair ina bhfuil go leor tógála déanta cheana féin.
- CNB 9 – I ngach ceantar Tionóil Réigiúnaigh, d'fhéadfaí lonnaíochtaí lasmuigh den 'Chathair agus Bruachbhailte' a aithint le haghaidh rátaí suntasacha (i.e. 30% nó níos mó) d'fhás daonra ag céimeanna pleanála réigiúnaí agus áitiúla;
- Déantar tagairt shonrach sa CNP don fhír gur féidir leis na lonnaíochtaí sin a bheith laistigh de cheantar comaitéara na cathrach nó ceantair ina bhféadfadh ardleibhéil iompair ar mhodhanna inbhuanaithe a bheith iontu;
- I gcás Chorcaí, tiocfaidh sé seo le lonnaíochtaí ar feadh an líne iarnróid atá ann cheana féin agus conairí iompair ardmhíníochta amach anseo.
- CNB 68 – Miníonn an CNP go bhféadfadh go gceadófaí i bPleananna Straitéiseach Cheantar Cathrach (PSCCanna) go bhféadfaí freastal ar suas le 20% den fhás daonra céimnithe a bhfuiltear ag súil leis sa cheantar Cathrach agus Fo-uirbeach, sa limistéar uirbeach níos leithne i.e. taobh amuigh den chathair agus na bruachbhailte, anuas ar an bhfás arna aithint don limistéar uirbeach. De réir an CNP, ba chóir go mbeadh sé seo faoi réir na rudaí seo a leanas:
  - Beidh aon fhás aistrithe i bhfoirm dlúthfhorbartha, amhail inlíonadh nó síneadh uirbeach inbhuanaithe; agus
  - Déanfaidh iompar poiblí ardacmhainne freastal ar aon fhás aistrithe agus/nó beidh baint aige le soláthar suntasach fostaíochta.
- CNB 69 – Leathnófar socruithe reachtúla idir pleanáil spásúlachta agus pleanáil iompair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath go cathracha eile.

### Toradh Úsáid Talún SICCC

Le SICCC tá tacaíocht ann don sprioc fáis daonra 2040 don Cheantar Cathrach Chorcaí de 172,000 duine (125,000 i gCathair Chorcaí agus 47,000 sa cheantar Cathrach contaetha) agus do phostanna gaolmhara agus fás san oideachas.

Spreagfaidh Ceantar Cathrach Chorcaí fás daonra agus gníomhaíocht eacnamaíoch ar leibhéal náisiúnta thar saolré SICCC. Chun tacú le dlúthmhian fháis an CNP 2040, díreofar ar Chathair Chorcaí mar gheall ar dheiseanna suntasacha athnuachana ag láithreáin athfhorbraíochta ar nós Duganna Chorcaí, An Linn Dhubh agus Tivoli.

Ó thaobh na fostaíochta agus an oideachais de, tugann SICCC tús áite d'fhorbairt ar a chonairí iompair poiblí ardacmhainne. Táthar ag súil le fás méadaithe fostaíochta ar an gconair iompair poiblí ardacmhainne beartaithe Baile an Chollaigh-Lár na Cathrach-Dughailte-Manchain, agus freastalófar ar an mbraisle shuntasach oideachais, sláinte agus taighde ag Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Ospidéal Ollscoile Chorcaí freisin.

Tugtar tacaíocht d'fhorbairt an Pháirc Eolaíochta agus Nuálaíochta atá beartaithe don Churraichín chun éileamh ar an gconair a mhéadú níos mó.

Ar feadh an limistéir Chathraigh níos leithne, beidh braislí fostaíochta, daonra, oideachais, sláinte agus seirbhísí institiúideacha lonnaithe go príomha laistigh de lonnaíochtaí uirbeacha atá ann cheana féin amhail Gleann Maghair, Baile an Chollaigh agus An Cóbh, nó ar a n-imill.

Mar sin féin, i gcomhréir leis na naoi Limistéar Leathnaithe Uirbeacha ainmnithe de chuid Chomhairle Contae Chorcaí, ní bheidh ach forbairt shrianta úrnua ar chonairí iompair poiblí ardacmhainne a aithníodh amhail Carraig an Uisce agus Carraig Thuathail Thuaidh (ar líne iarnróid Mhainistir na Corann-Chorcaí) agus An Mhóin Ard agus Radharc na Carraige (ar líne iarnróid Mhala-Chorcaí).

Tacaíonn an Straitéis le fás cheantair fáis straitéisigh don fhostaíocht atá suite ar línte iarnróid Mhala agus Mhainistir na Corann/An Cóbh sna háiteanna seo a leanas: An Linn Dubh, Tivoli, An tOileán Bheag, Carraig Thuathail, Mainistir na Corann agus An Cóbh. Aithnítear gur príomhcheantar straitéiseach fostaíochta é An tOileán Beag a bhfuil acmhainn shuntasach fhéideartha ag aige.

Tá roinnt láithreán straitéiseach fostaíochta i gCCC: i Lár Chathair Chorcaí, ag na Dughailte, i Rinn an Scidigh agus ag Aerfort Idirnáisiúnta Chorcaí. Tá buntáistí suntasacha comparáideacha acu agus tacaítear lena bhfás leanúnach sa Straitéis seo.

Aithnítear Rinn an Scidigh agus Pointe Marino le haghaidh fhás fostaíochta trí hathfhorbairt bheartaithe na nDughailte, lena n-áirítear athlonnú úsáide thionsclaíche agus mhórshaoráidí calafoirt a éascú. Tá acmhainn shuntasach fáis ag Aerfort Idirnáisiúnta Chorcaí agus é ina thairseach do ghnó agus don turasóireacht le bealaí eitilte transatlantá, agus a chónagraí agus atá sé do Londain agus mór-roinn na hEorpa.



### Tosaíochtaí Úsáide Talún SICCC

Tá an Straitéis seo ag tabhairt aghaidhe ar oidhreacht stairiúil ina raibh leibhéil shuntasacha fáis agus aistriú úsáidí talún go láithreáin bhruachbhailteacha agus imill peirea-uirbeacha, ag dlúis níos ísle, go hiondúil, agus gan nasc a bheith acu le seirbhísí iompair phoiblí atá ann cheana nó atá beartaithe.

Chun rath na Straitéise seo a chinntiú, ní mór go ndíreodh creataí pleanála beartais agus bearta Chomhairle Cathrach Chorcaí agus Chomhairle Contae Chorcaí araon um chur chun feidhme ar dhlúis níos airde forbartha a bhaint amach i gceantair ina bhfuil deiseanna ann chun iompar inbhuanaithe a chur ar fáil agus ar bhealach ina réiteofar soláthar iompair níos fearr leis an éileamh air.

Soláthróidh SICCC an deis sin chun forbairt nua a chomhtháthú ag dlúis chuí le bonneagar iompair phoiblí ardacmhainne in éineacht le gréasáin siúil agus rothaíochta atá níos tarraingtí agus feabhsuithe ar réimse poiblí a bhaineann leo.

Tá an buntáiste dúbailte féideartha aige sin, is é sin ná go leathnófar na ceantair ina mbeidh modhanna inbhuanaithe ar fáil go dtí níos mó daoine agus áiteanna agus go bhfeabhsófar inmharthanacht infheistíochta amach anseo in iompar poiblí trí níos mó éilimh a tharraingt.

Arna threorú ag prionsabail an CNP, aithnítear na tosaíochtaí forbartha straitéise seo a leanas maidir le dáileadh úsáid talún do CCC:

- Comhtháthú éifeachtach idir iompar agus úsáid talún a chinntiú trí Fhorbairt Dírithe ar Iompar Poiblí (FDIP) a sholáthar. Is éard atá i gceist le FDIP ná forbairt chomhdhlúite a thagann dlús níos airde, meascán cothrom bhealaí úsáid talún as chomh maith le dlúthlonnaíochtaí a laghdaíonn achar turais agus atá de mhéid a thacaíonn le hinmharthanacht iompair phoiblí ardacmhainne.
- Má chuirtear an prionsabail sin i bhfeidhm is é an toradh a bheidh air ná meascán ard-dhéine de bhealaí úsáide a bheith dírithe ar láithreáin ag stáisiúin atá ann cheana, nó ag stáisiúin atá beartaithe, ar feadh na línte iarnróid fo-uirbeacha agus éadroma agus ar feadh na gconairí bus ardmhinicíochta;
- Méadófar dlús forbartha cónaithe agus fostaíochta amach anseo amhail Dugthailte Tivoli agus lonnaíochtaí lárnacha inrochtana atá ann cheana féin, lena n-áirítear Cathair Chorcaí agus Dugthailte na Cathrach. Cuireann dlúis níos airde le lorg uirbeach níos dlúithe a fhágann go mbíonn níos mó daoine níos gaire do chinn scríbe agus do sheirbhísí iompair phoiblí i bhfoisceacht achair ghairide siúil agus rothaíochta;
- Forbairt chomhdhlúite a sholáthar ar bhealach inar féidir úsáid a bhaint as bonneagar iompair atá ann cheana, agus áiseanna agus saoráidí in aice láimhe sa ghearrthéarma chun mais chriticiúil fáis sa daonra agus san fhostaíocht a bhaint amach a bheidh in ann tacú leis an aistriú agus an seicheamhú infheistíochta go bonneagar agus seirbhísí iompair phoiblí le hacmhainneacht níos airde;
- Beartais úsáide talún a laghdaíonn an riachtanas go dtaistealófaí achair níos faide, le linn buaicamanna go háirithe, trí fhorbairt úsáide measctha a chothú. Ba chóir go n-áireofaí leis sin a chinntiú go bhforbrófaí ceantair i bpáirt le scoileanna agus áiseanna eile a chur ar fáil chun úsáid modhanna iompair níos inbhuanaithe amhail an siúl agus an rothaíocht a uasmhéadú; agus
- Beartais úsáide talún a thacaíonn le forbairtí nua a sholáthar agus a dhearadh ag láithreáin agus leagan amach agus ag dlúis a thugann tús áite don siúl agus don rothaíocht agus a chumasaíonn soláthar éifeachtúil seirbhísí iompair phoiblí.











# 05 FORBAIRT & TORTHAÍ NA STRAITÉISE

## Príomhchumasóir fáis amach anseo do Chorcaigh: Córas iompair phoiblí atá feabhsaithe go mór ar fud na cathrach a fhorbairt.

An Creat Pleanála Náisiúnta 2040

Trí fhreastal ar scála an fháis a bhfuiltear ag súil leis laistigh de CCC, cuirfear níos mó brú ar an ngréasán iompair atá ann cheana féin. Tá an Straitéis seo forbartha agus measúnú déanta air i gcomhthéacs na gcásanna measta seo a leanas:

- Cás Gnó mar is Gnách, a chuireann infheistíocht thiomanta sa ghréasán bóithre amháin san áireamh;
- An dara cás, a mhéadaíonn Infheistíocht Iompair Phoiblí go suntasach; agus
- An tríú cás, ag tógáil ar an dara ceann, arb é an toradh is fearr do Chomhtháthú Úsáide Talún agus Iompair Inbhuanaithe.

### Tástáil na gCásanna - Roghanna Iompair do Chorcaigh

#### Rogha 1 - Cás 'Gnó mar is Gnách'

Is é Rogha 1 ná an cás 'Gnó mar is Gnách'. Tá an cás seo bunaithe ar an treocht stairiúil go leanfaidh an infheistíocht i mbonneagar iompair i gCCC de bheith dírithe go príomha ar chur le hacmhainn bóithre chun freastal ar an bhfás ar an éileamh ar thaisteal. Bainfear feabhsuithe tiomanta amach, amhail Acomhal Dhún Citil agus an M28 a uasghrádú. Beidh an infheistíocht in iompar poiblí, sa siúl agus sa rothaíocht gan athrú, áfach. Beidh beartas úsáide talún agus a chur chun feidhme laistigh de CCC a bheag nó a mhór gan srian agus scaipthe fós. Is é an toradh is dóichí ná go leanfaidh réigiún CCC ag fás mar réigiún atá an-spleách ar charranna. Meallfaidh an acmhainneacht

bhreise arna cur ar fáil ar dtús ag an infheistíocht i mbóithre níos mó turas de charr mar fhreagra. Tiocfaidh méadú ar an gcianchomaitéireacht agus sealbhóirí tí á mealladh ag talamh agus stoc tithíochta níos saoire i lonnaíochtaí níos scaipthe.

Tiocfaidh méadú ar bhrú tráchta ar an ngréasán straitéiseach agus áitiúil agus cianchomaitéirí ag leanúint de thaisteal chuig fostaíocht suite i láithreáin scaipthe ar feadh CCC. Méadóidh brú tráchta ar an ngréasán costais do ghnólachtaí agus bainfidh sé an bonn de tharraingteacht an réigiúin d'infheistíocht isteach. Leanfaidh truailliú agus astaíochtaí de bheith ag ardú, a bhainfidh an bonn de chaighdeán saoil agus d'ináitritheacht an réigiúin agus de bhuntáiste iomaíoch Chathair Chorcaí agus Lár bhailte Cathartha.

Éireoidh an cás i leith infheistíochta in iompar poiblí ní b'imeallaithe agus an bonn á bhaint den chás gnó chun é a chur ar fáil ag dlús a bheidh ag éirí níos ísle agus dáileadh scaipthe úsáide talún sa réigiún. Beidh seirbhísí atá ann cheana féin faoi réir moilleanna méadaithe mar gheall ar bhrú tráchta, rud a bhainfidh an bonn dá inmharthanacht arís eile. D'fhéadfadh sé tarlú go méadóidh leibhéil an tsiúil agus na rothaíochta i gceantair uirbeacha ar mhaithe le brú tráchta a sheachaint; mar sin féin, ní bheidh an timpeallacht chomh taitneamhach céanna.

#### Rogha 2 - Feabhsuithe ar Iompar Poiblí agus Taisteal Inbhuanaithe

Is éard atá i gceist le Rogha 2 ná tús áite a thabhairt d'infheistíocht chun gréasán cuimsitheach iompair poiblí a chur ar fáil i gcomhréir le tograí na Straitéise. Osclofar stáisiúin nua iarnróid ar an gconair iarnróid fho-uirbeach atá ann cheana féin agus méadófar minicíochtaí ar bhealaí atá ann cheana féin. Feabhsófar seirbhísí bus ar fud CCC.

Glacfar le bearta tosaíochta bus, a fheabhsófar am turais agus iontaofacht bus go suntasach. Le feabhsuithe ar an timpeallacht coisithe tabharfar rochtain níos fearr ar sheirbhísí áitiúla agus ar an ngréasán iompair poiblí níos leithne. Cuirfear an gréasán rothaíochta atá beartaithe i bPlean Ghréasáin Rothaíochta Cheantar Cathrach Chorcaí ar fáil ina iomláine.

Is é an toradh is dóichí ná go mbeidh iompar poiblí níos mealltaí i gcomparáid le taisteal de charr i gcás mhéid suntasach turas. Mar gheall ar an athrú modha ó charranna, beidh níos lú brú tráchta, agus mar gheall air sin, beidh níos mó acmhainneachta ar fáil ar an ngréasán bóithre straitéiseacha, a chumasóidh gluaiseacht níos éifeachtúla lastais. Le hastaíochtaí laghdaithe agus leis na buntáistí don tsláinte a bhaineann le gréasáin taistil ghníomhaigh atá sábháilte agus inrochtana a chruthú laghdófar costais sláinte do ghnólachtaí sa réigiún agus sa Stát, mar gheall go laghdófar asláithreacht.





Cuirfear tuilleadh feabhais ar shláinte phoiblí agus chaighdeán an tsaoil agus laghdú leanúnach ag teacht ar astaíochtaí ó iompar príobháideach agus méadófar buntáistí don tsláinte mar gheall ar sholáthar ghréasáin chuimsitheacha siúil agus rothaíochta, agus méaduithe gaolmhara ar a sciar modha.

### Rogha 3 - Comhtháthú Níos Fearr Úsáide Talún le hIompar Poiblí agus Taisteal Inbhuanaithe

Is éard atá i gceist le Rogha 3 ná comhtháthú níos fearr úsáide talún le hIompar poiblí agus taisteal inbhuanaithe. Déanann an cás seo forbairt ar Rogha 2 agus is ionann é agus an cás is fearr de chomhtháthú iomlán forbartha ar úsáid talún le soláthar taistil inbhuanaithe.

Laistigh den chathair agus de bhailte cathartha, dhíreofaí an chuid is mó de bhealaí úsáide cónaithe, fostaíochta agus oideachais ar láithreáin ar féidir teacht orthu go han-éasca le gréasáin siúil agus rothaíochta agus conairí iompair phoiblí ardmhinicíochta. Cuirfear beartais úsáide talún agus a gcur i bhfeidhm srian den chuid is mó ar thithíocht aonuaire agus ar fhorbairt úrnua thearcphleanáilte. Déanfar fás a chomhdhlúthú agus a threisiú thart ar chonairí iarnróid bruachbhailteacha, iarnród éadrom agus bus ardmhinicíochta.

Is é toradh is dóichí an cháis seo ná go laghdófar an t-éileamh ar thaisteal de charr agus daoine ina gcónaí níos gaire dá n-áiteanna oibre agus dá n-áiteanna staidéir. Déanfar níos mó turas d'achar níos faide ar fud CCC ar iompar poiblí agus tabharfar tacaíocht dóibh trí bhonneagar rothaíochta agus siúil a nascadh. Cuirfear leis an gcás gnó le haghaidh infheistíochta leanúnaí i mbonneagar iompair phoiblí agus fás na pátrúnachta á leanúint.

Tá na bearta iompair inbhuanaithe a mholtar níos déanaí sa tuarascáil seo forbartha i gcomhréir le Rogha 3, a ailíníonn cuspóirí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla beartais trí chéile maidir le soláthar iompair phoiblí in Éirinn.

### An Straitéis a Fhorbairt

Mar seo a leanas a bhí an cur chuige a cuireadh i bhfeidhm agus bearta iompair molta SICCC 2040 á bhforbairt agus á meas:

- Beartas agus treoir ábhartha a athbhreithniú agus a bhunú;
- Na coinníollacha iompair bonnlíne a bhunú;
- Príomhdhúshláin nach mór aghaidh a thabhairt orthu a aithint, i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara;
- Roghanna gréasáin, bunaithe ar threoirphrionsabail; a fhorbairt;
- Na roghanna don ghréasán iompair a thástáil le cásanna úsáide talún amach anseo, lena n-áirítear úsáid talún a bharrfheabhsú le teacht le conairí iompair ardfheidhmiúcháin;
- An straitéis iompair is dealraithí a aithint; agus
- Comhairliúchán poiblí agus cur i gcrích na Straitéise ina dhiaidh sin.

Ba phríomhthosaíocht na Straitéise é gréasán iompair phoiblí atá feabhsaithe go mór a chur ar fáil i gCCC.

Chun cabhrú le roghanna a fhorbairt agus a mheas, leagadh amach sraith de phríomh-threoirphrionsabail atá mar dhlúthchuid de gach gréasán rathúil iompair phoiblí:

- Acmhainn leordhóthanach a sholáthar chun freastal ar an éileamh;
- Minicíocht chuí chun éileamh a mhealladh agus chun freastal air;
- Meánluasanna arda chun seirbhís d'ardchaighdeán agus amanna turais iontaoifa a chur ar fáil;
- Seirbhísí díreacha chun amanna turais a laghdú agus inléiteacht gréasáin a mhéadú;
- Ardleibhéal de chlúdach ghréasáin, le cinntiú go bhfuil rochtain ag daonra níos leithne CCC ar sheirbhísí iompair phoiblí d'ardchaighdeán; agus
- Malartú sochair idir modhanna a sholáthar chun inrochtaineacht agus comhtháthú a fheabhsú. Má ghlactar leis na prionsabail a mhínítear thuas, tiocfaidh seirbhís tharraingteach iompair phoiblí chun cinn ag a mbeidh am agus taithí taistil a bheidh iomaíoch, agus in an-chuid cásanna, a bheidh níos tarraingtí ná am agus eispéireas an chairr príobháidigh.





Cuirfidh SICCC pacáiste beart ar fáil a **fheabhsóidh gach modh iompair ar bhealach cothrom comhtháite** chun torthaí níos fearr ar an iomlán a bhaint amach.

### Forbairt Rogha agus Modheolaíocht Measúnaithe

Chun roghanna a fhorbairt do ghréasán iompair CCC amach anseo, bhí tábhacht ag baint leis an “uasteorainn” fhéideartha éilimh ar thaisteal ar iompar poiblí ar gach conair a thuiscint.

Ar an gcúis sin, tugadh faoi shamhail gréasán “idéalaíthe” iompair phoiblí a rith, ag baint úsáide as Samhail Réigiúnach an Iardheiscirt (SRI) de chuid an ÚNI.

Forbraíodh an gréasán “idéalaíthe” iompair phoiblí bunaithe ar na sé chroíphrionsabal a mhínítear thuas. D’éascaigh cás an ghréasáin “idéalaíthe” anailís neamhshrianta ar an éileamh féideartha ar iompar poiblí laistigh de phríomhchonairí iompair i gCCC.

D’fhéadfaí na roghanna aonair iompair sa Straitéis a fhorbairt, a bheachtú agus a bharrfheabhsú ar feadh gach conaire ansin.

Léirítear an próiseas thíos mar phróiseas atriallach a nascann forbairt na Roghanna Straitéise le patrún an réamhaisnéise úsáide talún, a rinneadh measúnú orthu le SRI de chuid an ÚNI ansin. Ba é toradh an phróisis sin gur aithníodh an Straitéis is Dealraithí a Roghnófar, le gréasán iompair agus barrfheabhsú úsáid talún molta a chuireann barr feabhais ar áisiúlacht na n-idirghabhálacha molta iompair, chun cuspóirí SICCC a bhaint amach.

Beidh an barrfheabhsú a dhéanfar ar úsáid talún agus thograí iompair mar bhonn eolais do chéimniú agus plean chur i bhfeidhm na straitéise.

### Ordlathas Forbartha Roghanna Gréasáin

Mar seo a leanas atá an t-ord ina bhforbraíodh an gréasán iompair. Diríodh na céimeanna tosaigh ar an ngréasán iompair phoiblí a fhorbairt mar go bhfuil se léirithe ag anailís ar éileamh gur ag modh an iompair phoiblí atá an acmhainn is mó i leith feabhsuithe.

Forbraíodh na gréasáin bóithre, rothaíochta agus siúil ina dhiaidh sin. Ba é an t-ord forbartha ar an iomlán ná:

- Gréasán Iompair Phoiblí;
- An Gréasán Iompair Phoiblí Tásach Foriomlán a Fhorbairt;
- Gréasán Straitéiseach Iompair Phoiblí;
- Roghanna Ghréasán Iompair Phoiblí do Chonairí Sonracha;
- Gréasán Bóithre;
- Gréasán Rothaíochta; agus
- Gréasán Siúil.

### Gréasán Iompair Phoiblí

#### An Gréasán Iompair Phoiblí Tásach Foriomlán a Fhorbairt

Ar mhaithe leis an ngréasán iompair do CCC a mhúnlú, forbraíodh gréasán tásach iompair phoiblí ar ardleibhéal a chuireann comhthéacs ar fáil do na roghanna agus na tograí iompair trí chéile. Aithníodh leis príomhbhealaí agus príomhchonairí straitéiseacha iompair phoiblí, agus aithníodh na riachtanais tacaíochta iompair phoiblí do na limistéir eile de chuid CCC freisin.

Tar éis gur aithníodh gréasán tásach ardleibhéil, breithníodh anailís ní ba mhionsonraithe agus ceisteanna sonracha maidir leis an ngréasán iompair phoiblí ag leibhéal conaire.

### Gréasán Straitéiseach Iompair Phoiblí

Ag tosú leis an ngréasán tásach iompair phoiblí, breithníodh na conairí straitéiseacha arna n-aithint ar bhealach ní ba mhionsonraithe. Áiríodh leis sin scála agus cineál an riachtanas iompair phoiblí ar na conairí straitéiseacha, ailíniú na mbealaí, leibhéal na tosaíochta a bheadh de dhíth, minicíocht na seirbhíse, agus an leibhéal clúdaigh arna chur ar fáil ag tograí iompair phoiblí na straitéise.

#### Roghanna Ghréasán Iompair Phoiblí do Chonairí Sonracha

Laistigh de gach conair ar leith, forbraíodh na tograí iompair phoiblí bunaithe ar an éileamh ar iompar poiblí a aithníodh ón anailís gréasáin ‘idéalaíthe’. Tá tuilleadh sonraí ar an modheolaíocht a úsáideadh le fáil sa “Tuarascáil ar an Anailís ar Éileamh” agus sa “Tuarascáil ar na Roghanna Iompair agus Forbairt Gréasáin” a ghabhann leis seo.

Bhí aithint an bhonneagair chuí chun freastal ar léibhéil éilimh bunaithe ar ghnáthraon acmhainní iompair phoiblí, i líon na bpaisinéirí in aghaidh na huairé in aghaidh an treo (pas/uair/treo), ar féidir a bhaint amach le modhanna éagsúla iompair phoiblí.

Tá sé léirithe gur féidir le hiompar poiblí bunaithe ar bhus freastal ar suas le 2,000 pas/uair/treo, gur féidir le Bus Gasta (BG) freastal ar idir 1,000 agus 4,000 pas/uair/teo, gur féidir le hIarnród Éadrom (IÉ) freastal ar idir 3,000 agus 7,000 pas/uair/treo, agus gur féidir le Metro agus Iarnród Trom freastal ar níos mó ná 5,000 pas/uair/treo.

- **Cás Bonnlíne Úsáid Talún** 2040 a fhorbairt
- Gréasán Iompair Phoiblí ‘Idéalaithe’ a Fhorbairt

#### SWRM Bonnlíne ‘Idéalaithe’ 2040 a dhéanamh chun seo a leanas a aithint:

- Uasteorainn sciar iompair phoiblí
- Easnaimh Iompair agus Úsáide Talún

- ‘Iompar Barrfheabhsaithe’ 2040 cásanna Úsáide Talún a fhorbairt
- Roghanna ‘Déan Rud Éigin’ do Mhodh Gníomhach Iompair Phoiblí agus bóthair a aithint/a bheachtú

- Bonnlíne ‘Do Déan Rud Éigin’ SWRM 2040 a dhéanamh
- Iompar Barrfheabhsaithe ‘Déan Rud Éigin’ SWRM 2040 a dhéanamh
- Measúnú ilchritéar

- An greasán straitéise is dealraithí a roghnófar a aithint
- Barrfheabhsú úsáide talún molta

Tugann an cur chuige sin gréasán iompair phoiblí atá scálaithe mar is cuí agus a bhfuil an tsolúbthacht agus an inscálaitheacht aige le dul in oiriúnt d'athruithe ar leibhéil éilimh agus dháileadh taistil.

Bunaithe ar an éileamh gathach agus ar an gcuaréileamh, forbraíodh an bealach molta, an cineál seirbhíse, minicíocht na seirbhíse agus leibhéal na tosaíochta do gach conair.

#### Gréasán Bóithre

Rinneadh athbhreithniú ar an éileamh ar an ngréasán bóithre, lena n-áirítear éileamh ar thaisteal ar an ngréasán bóithre ó lasmuigh de CCC, chun an gá le feabhsuithe ar an ngréasán bóithre a chinneadh. Breithníodh gréasáin bóithre náisiúnta, réigiúnacha agus cathracha.

Rinneadh athbhreithniú ar an mbonneagar ghréasán bóithre atá molta faoi láthair agus rinneadh é a ailíniú le beartas agus riachtanais éilimh laistigh de CCC. Rinneadh athbhreithniú ar an ngréasán bóithre freisin agus é mar aidhm ag an athbhreithniú soláthar gréasáin bóithre

a ailíniú le soláthar iompair phoiblí, agus leis an soláthar arna dhéanamh maidir leis an siúl agus leis an rothaíocht.

#### Gréasán Rothaíochta

Díríodh forbairt an ghréasáin rothaíochta ar Phlean Gréasáin Rothaíochta Chorcaí 2017, a athbhreithníodh chun comhtháthú agus ailíniú le tograí iompair na straitéise seo a chinntiú.

#### Gréasán Siúil

Díríodh an gréasán siúil ar Straitéis Siúil Chathair Chorcaí 2013 – 2018. Rinneadh athbhreithniú ar an straitéis siúil chun comhtháthú agus ailíniú a chinntiú leis na tograí maidir le modhanna iompair phoiblí, rothaíochta agus bóithre arna moladh sa straitéis.

#### Gréasán Iompair Phoiblí

Bunaithe ar an anailís ar an éileamh, beidh roinnt príomhchodanna a dhéanfaidh an freastal is fearr ar an éileamh ar iompar poiblí laistigh de CCC amach anseo, ag struchtúr an ghréasán iompair phoiblí amach anseo:

- **An Gréasán Iarnróid:** Seirbhísí straitéiseacha iompair phoiblí ar na línte iarnróid atá ann cheana;
- **Conair Iompair Phoiblí Soir-Siar:** Conair straitéiseach iompair phoiblí soir-siar ó Mhanchain go Baile an Chollaigh, trí Lár na Cathrach;
- **Gréasán Lárnach Bus:** Gréasán cuimsitheach um sheirbhísí bus ardmhinicíochta a chuireann seirbhísí gathacha ar fáil do chonairí eile agus a chuireann cuarsheirbhísí ar fáil ar fud an ghréasáin;
- **Comhtháthú an Chóras Iompair Phoiblí:** soláthar a dhéanamh do dheiseanna aomhail chomh maith le heolas a sholáthar agus struchtúr táillí athbhreithnithe; agus
- **Bearta Tacaíochta:** Bearta eile chun tacú leis an Straitéis a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bainistíocht páirceála, Páirceáil agus Taisteal, bainistíocht éilimh, bainistíocht soghluaisteachta, cláir um athrú iompraíochta, etc.




Is é an cur chuige gréasáin a mhínítear thuas is fearr a chomhlíonfaidh an treoicht úsaide talún atá ann cheana agus a bheartaítear i gCCC agus ba ionann é agus gréasán iompair phoiblí chomhtháite a ligfeadh dóibh siúd atá ina gcónaí i gCCC, agus dóibh siúd atá ag tabhairt cuairte ar CCC, seirbhísí d'ardchaighdeán a rochtain agus a chuirfidh ar a gcumas níos mó ceann scríbe a rochtain go héasca ná mar a bheadh siad in ann le líne ardacmhainne amháin nó mar a bheadh siad in ann dá gcloífi leis an ngréasán mar atá.

Míneofar go mionsonraithe sna caibidlí atá le teacht an bonneagar agus na bearta tacaíochta atá riachtanach chun torthaí beartaithe SICCC a bhaint amach. Forbraíodh SICCC ar bhealach atriallach chun gréasán iompair a chur ar fáil a bheidh mar bhonn taca don fhás uailmhianach daonra agus fostaíochta a bhfuiltear ag súil leis i gCorcaigh faoin gCNP go 2040 agus ina dhiaidh.

### Torthaí na Straitéise

Déanann an Straitéis an-chuid dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin shóisialta, eacnamaíocha, agus comhshaoil seo a leanas:


- Cuirtear creat inscálaithe iompair ar fáil inti chun bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar an éileamh méadaithe ar thaisteal a bhfuil fás suntasach daonra ina chúis leis;
- Tugtar tús áite inti d'iompar poiblí, don siúl agus don rothaíocht i limistéir uirbeacha laistigh de Cheantar Cathrach Chorcaí;
- Tacaítear inti le cuspóirí cuimsithe shóisialta trí chóras iompair níos cothroime agus inrochtaineacht níos leithne ar iompar poiblí a chur ar fáil i gceantair díothachta;
- Cuirtear gréasán iompair níos sábháilte ar fáil inti ina bhfuil infheistíocht dírithe ar thosaíochtaí agus bunaithe ar shonraí;
- Cuirtear sláinte níos fearr chun cinn inti trí níos mó taistil ghníomhaigh agus aclaíochta teagmhasaí a chuimsiú sa ghréasán iompair, cibé acu go ndéantar é sin mar thurais siúil nó rothaíochta astu féin nó mar chuid de thurais nasctha le hiompar poiblí;
- Laghdaítear iléi astaíochtaí a bhfuil baint acu le hiompar trí fhlít iompair phoiblí atá níos glaine agus níos glaise a chur ar fáil, chomh maith le húsáid carranna príobháideacha a laghdú; agus
- Cuirtear cás laidir eacnamaíoch ar fáil, a bhfuil cóimheas suntasach idir buntáiste agus costais aige de thart ar 2.5:1 ag gabháil leis, chun cinn maidir le hinfheistíocht iompair i gCeantar Cathrach Chorcaí.







# Gréasán Táscach Iompair Phoiblí



Tá gach bealach agus ailíniú táscach agus d'fhéadfaí iad a athrú faoin bpróiseas reachtúil um measúnú scéime.









**90 m** sa  
bhliain aistir siúil



**méadú 63%**  
an aistir siúil idir  
2011 agus 2040



**Méadú 250%**  
ar líon na gcoisithe ar  
Shráid Phádraig



**24,000** sa bhreis  
in aistir ghluaisteáin  
a d'fhéadfadh iompú go siúil



**>200 km**  
cosáin nua agus  
uasghrádaithe



Infheistíocht de **€50m**  
measta lena n-áirítear  
gnéithe de BusConnects



Córas  
**Treochomharthaíochta**  
Feabhsaithe



**140 km**  
de Ghlasbhealaí



**69,000**  
aistir siúil déanta  
sa bhuaic-am RN



Láir Bailte

**a thacaíonn le  
Daoine Breacaosta**



Bealaí chun Scoile

**Níos Sábháilte**



**Le 20** nóiméad  
de ghníomhaíocht sa lá  
laghdaíonn an baol de ghalar croí,  
diaibéiteas chineál 2 agus dúlagar  
**ag 20% ar a laghad**



**Rochtain**  
ar iompar poiblí  
feabhsaithe



## 06 SIÚL

Beidh Corcaigh ar na cathracha is éasca a shiúl in Éirinn, **mar a mbeidh daoine ag siúl de rogha ar an iompar príobháideach óir is é is sábháilte, is sláintiúla agus is tarraingtí.**

Straitéis Siúil Chathair Chorcaí 2013-2018

Is é tús gach aistir ná an siúl, is cuma cé na modhanna eile iompair a úsáidtear. Tá réimse d'fheabhsuithe ardchaighdeán curtha i bhfeidhm le blianta beaga anuas a chuimsíonn limistéir tosaíochta do choisithe, cosáin leathana agus saoráidí croisair níos fearr, go háirithe i lár Chathair Chorcaí agus i lár Bhaile an Chollaigh. Ach níl timpeallacht coisithe Mhórchéantar Chorcaí uilig ar aon chaighdeán, go háirithe agus duine ag teannadh le lárionaid ghníomhaíochta, fiú agus athruithe topagrafaíochta curtha san áireamh. Is léir go bhfuil constaicí éagsúla roimh an gcoisíocht lena n-áirítear tranglam sráide, cosáin róchúnga, gan dóthain crosairí a bheith ann, páirceáil ar chosáin agus easpa tosaíochta do choisithe ag aomhail áitiúla.

Tá deis iontach ann feabhas a chur ar shaol na coisíochta i gCorcaigh mar gheall ar lár na cathrach a bheith dlúth go maith agus bailte an mhórchéantair a bheith réasúnta neamhspleách.

Má éiríonn leis an Straitéis, beidh níos mó siúil ann agus beidh na siúlóidí sin níos sábháilte agus níos rialta, bídís ina dturais siúlóide féin nó mar chuid de thuras nasctha a chuimsíonn modhanna eile iompair. Caithfear an réimse poiblí a chur in oiriúint cuid mhaith den am do dhaonra atá ag dul i méid agus do phróifíl coisí atá níos leithne ó thaobh aoise, cumais agus riachtanaí de.

### Ar phríomhthorthaí siúil na Straitéise beidh:

- Méadú ar líon na dturas siúlóide i gcomhair oibre, oideachais agus fóillíochta ar fud mhórchéantair Chorcaí agus méadú ar thurais bheaga siúlóide go háirithe (níos lú ná 2-3km);
- Réiteach ar shaincheistanna sábháilteachta agus ar chonstaicí atá roimh mhuintir Chorcaí agus roimh chuiditheoirí tuilleadh siúil a dhéanamh;
- Forbairt leanúnach ar an réimse poiblí sa chaoi go mbeidh sé sábháilte, tarraingteach agus lán treochoimharthaíochta soláite a chuirfidh timpeallacht ardchaighdeán chun cinn a mbeidh teacht iomlán uirthi ag daoine ar gach leibhéal cumais agus i ngach aoisghrúpa;
- An siúl a éascú mar chuid de thurais nasctha, go háirithe turais iarnróid agus bus; agus
- Dearadh uirbeach a chur chun cinn i bhforbairtí nua agus i ndearadh mótarbhealaí a bheidh ar chaighdeán i bhfad níos airde agus a thabharfaidh tosaíocht sheasmhach do réthaisteal agus do shábháilteacht na gcoisithe seachas do charranna príobháideacha.

### Feabhas ar an nGréasán Siúil

Cuirtear fis shoiléir agus plean feidhmithe ar fáil i Straitéis Siúil Chorcaí 2013-2018 chun an méid siúil a dhéantar mar chóir iompair comaitéireachta laistigh de bhrúachbailte Chathair Chorcaí a mhéadú.

Sa Straitéis Siúil, moltar go bhforbrófaí gréasán siúil a cheanglóidh comharsanachtaí le pointí tosaigh agus deiridh siúlóidí, a mheadóidh éascaíocht bealaí sa timpeallacht thógtha agus a chruthóidh timpeallacht tharraingteach shábháilte a spreagfaidh tuilleadh daoine chun siúil sa chaoi go mbeidh an daonra níos sláintiúla, an chathair níos tarraingtí agus níos inbhuanaithe agus na pobail inti níos láidre.

Tá go leor de na limistéir fócais a sonraíodh lena bhfeabhsú sa Straitéis Siúil fós bainteach le hábhar agus cuireadh in oiriúint anseo iad don mhórchéantar uilig agus dá bhfuil ar na bacáin do Straitéis Iompair Mhórchéantar Chorcaí (CMATS) go fadtéarmach:

- Príomhghréasán siúil a fhorbrófar ar fud na cathrach;
- Bonneagar comharsanachta a fheabhsóidh comharsanachtaí agus a chuirfidh le sábháilteacht an tsiúil;
- Tionscnaimh um athrú iompraíochta a chuirfidh an siúl chun cinn;
- Comhoibriú idir páirtithe leasmhara;
- Uasghrádú ar sholáthar shaoráidí siúil a tharlóidh i gcomhar le feabhsuithe ar chonair BusConnects, le forbairt stáisiún iarnróid éadroim agus le Feidhmiú an Ghréasán Rothaíochta; agus
- Uasghrádú ar fheabhsuithe do choisithe i gcomhar leo siúd a bheartaítear don rothaíocht a laghdóidh oiread agus is féidir coimhlintí spáis in áiteanna comhroinnte ar nós glasbhealaí.

### Bealaí Siúil Comaitéireachta

Sonraíodh sa Straitéis Siúil go bhfuil an sé bharda riaracháin atá laistigh de Chathair Chorcaí faoi láthair an-éagsúil lena chéile maidir leis an méid siúil a dhéantar iontu le haghaidh comaitéireachta, agus go leor siúil á dhéanamh ar an taobh theas agus thiar theas den chathair ach méid níos lú á dhéanamh ar an taobh thuaidh agus an taobh thoir.

Is ar an taobh thoir theas den chathair atá an leibhéal is ísle siúil le haghaidh comaitéireachta. Cuid den chúis atá leis sin is ea go scarann an gréasán bóithre, go háirithe an N27, ón gcuid eile den chathair é agus go bhfuil bearnaí sa ghréasán siúil aníos ón Muiríne. Tabharfar tosaíocht do bhealach siúil a éascú ar imeall an uisce a bheidh leanúnach, sábháilte agus lán le treochoimharthaí soléite. Mar chuid d'fhorbairt Cheantar na nDugaí beidh níos mó saoráidí crosaire de dhíth ar Ché Ailbhe, ar Bhóthar Ailbhe agus ar Ardán na Muiríne. Déanfar cur síos níos mionsonraithe ar níos mó naisc iompair inbhuanaithe idir Ceantar Dugaí Chorcaí, Dugaí Tivoli agus Lár na Cathrach a fhorbairt trí mheán na próisis sna Pleananna Ceantair Áitiúil a bhaineann leo sin faoi seach.

Sa Straitéis Siúil, sonraíodh roinnt bealaí straitéiseacha siúil a thagann le chéile san áit a bhforluíonn limistéir fhostaíochta agus oideachais na Cathrach a chéile. Nascadh na bealaí sin le seirbhísí iompair phoiblí le go sonrófaí na ceantair is mó ina rachadh infheistíocht i mbonneagar siúil chun tairbhe don athrú ar mhodhanna iompair. Beidh na Bealaí Straitéiseacha ábhartha thar shaolré an CMATS, go háirithe i gcomhthéacs an bhortha atá beartaithe le teacht faoin tithíocht ar an taobh thuaidh de Chorcaigh sa ghearrthréimhse nó sa mheántréimhse agus i bhfianaise na hathnuachana atá sonraithe i gceantair eile.

Leagtar amach na Bealaí Straitéiseacha sin thíos chomh maith lena bhfeidm agus an t-uasghrádú a bheartaítear a dhéanamh orthu:

- **Cnoc Bhaile Átha Cliath** – chun tacú le hathnuachan bheartaithe na Linne Duibhe agus le hoscailt stáisiún iarnróid na Linne Duibhe/Chill Bharra;
- **Bóthar Bhaile Átha hÚlla** – chun tacú leis an athnuachan leanúnach i Limistéar Fairsingithe Uirbigh (UEA) Bhaile Uí Mhaoláin agus le rochtain ar thuilleadh seirbhísí bus;
- **Seanbhóthar Eochaille agus Ascaill Cholm Cille** – uasghrádú ar an mbealach siúil trí Bhaile na mBocht, á cheangal le hAscaill Lúcaís, le Crois an Díolúnaigh agus leis an gCathair féin;
- **Bóthar Ghleann Maghair Íochtarach** – chun tacú leis an athnuachan atá beartaithe do Dhugaí Tivoli a chuimseoidh stáisiún nua iarnróid agus glasbhealach isteach go Cathair Chorcaí;
- **Bóthar na Dúcharraige** – uasghrádú ar an mbealach siúil ar dhá thaobh Bhóthar na Dúcharraige chomh maith le trácht a mhoilliú, aomhail áitiúla a chóiriú agus cosáin a leathnú i mBaile an Teampaill chun freastal ar na pobail feadh a fhaid;
- **Bóthar Rinn Mhachan** – uasghrádú ar an lúb siúil i Machain a fhreastalaíonn ar an bpobal áitiúil agus a nascann le bealaí taitneamhachta agus le Bóthar na Sceiche Airde i dtreo Dúglaise;
- **Bóthar na Sceiche Airde** – nasc láidir thoir-thiar a sholáthar idir Machain agus Lár na Cathrach feadh Bhóthar an Bhóithrín Mheánaigh agus idir Machain agus Dúglas feadh Bhóthar an Tobair;
- **Bóthar Dhúglais** – cosáin a chur isteach mar a bhfuil siad in easnamh chun tacú le rochtain ar mhodhanna iompair phoiblí a thiocfaidh i bhfad níos minice ann;







- **Bóthar Dhúglais Theas** – chun tacú leis an soláthar iompair phoiblí atá anois ann agus le suíomhanna amhantair a d'fhéadfadh a bheith ann;
- **Bóthar Pholl an Duibh** – chun tacú le méadú ar an soláthar iompair phoiblí agus leis an áis áitiúil Páirceála agus Taistil;
- **Bóthar an Tóchair** – chun tacú le soláthar feabhsaithe bus agus le hathnuachan tithíochta sa Tóchar/gCarraig an Deagánaigh;
- **Bóthar an Churraichín** – an chuid thiar de Bhóthar an Churraichín a chríochnú chun éascaíocht a dhéanamh do nasc idir an chathair, bealaí bus agus iarnróid éadroim agus an Pháirc Eolaíochta agus Teicneolaíochta atá beartaithe;
- **Bóthar na Modhfheirme** – feabhas a chur ar nasc idir scoileanna, lárionaid fhostaíochta, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus bealaí bus/iarnróid éadroim amach anseo;
- **Bóthar Charraig Ruacháin** – uasghrádú ar shaoráidí siúil mar rogha breise anuas ar bhealach taitneamhachta Pháirceanna na Laoi a chuimseoidh moilliú ar luas feithiclí, saoráidí deighilte rothaíochta agus crosairí;
- **Bóthar an Iarthair** – moilliú ar luas tráchta chun tacú le nasc idir Ollscoil Chathair Chorcaí (OCC), a bhfuil a méadú beartaithe, agus lóistín na mac léinn sa chaoi go mbeidh bealach níos mealltaí ann isteach sa chathair;
- **Cnoc na Sú Talún** – uasghrádú ar shaoráidí siúil Chnoc na Sú Talún a chuimseoidh deiseanna feabhsúcháin rochtana agus sábháilteachta sa chaoi go mbeidh an nasc le Tobar Rí an Domhnaigh agus leis an Muirdíog níos tarraingtí;

- **Sráid na Blarnan** – uasghrádú sábháilteachta ar an mbonneagar siúil chomh maith le bearta moillithe ar luas feithiclí a thacóidh leis an athfhorbairt ar shuíomhanna tábhachtachta sa tSeanchóill atá laistigh d'fhad siúil ón gcathair agus ó mhonarcha Apple;
- **Bóthar Popham** – aghaidh a thabhairt ar pháirceáil ar chosáin agus feabhas a chur ar rochtain ar ionad siopadóireachta na Linne Duibhe agus ar na deiseanna fostaíochta atá ann;
- **Bóthar Radharc an Chuain/Bóthar na Cille Móire** – tuilleadh uasghráduithe a dhéanamh ar an timpeallacht choisíochta a chuimseoidh crosairí ar mhianlínte, leagan amach forbartha níos fearr agus an tranglam sráide a bhaint chun tacú le hathnuachan leanúnach Chnoc na hAoine agus chun go mbeidh teacht níos éasca ar shuíomhanna áitiúla fostaíochta agus oideachais, Apple agus Ospidéal Mhuire san áireamh; agus
- **Cnocán an Aonaigh** – feabhas ar chrosairí ag acomhail bheaga.

Dhá bhonn atá le leathnú cosán feadh na mbealaí gathacha: chuirfí tuilleadh le compord na gcoisithe agus mhoilleofaí luas feithiclí ar shlí féintreisithe de bharr go gcaithfí go leor de na carbhealaí a chúngú chun spás a dhéanamh do na cosáin uasghrádaithe.

## Rochtain Lár na Cathrach

### Bearta idirghabhála a thugann tosaíocht don siúl

Tá teacht na gcoisithe ar oileán lár na cathrach srianta in áiteanna áirithe de bharr nach bhfuil ach líon beag droichead siúil ann, saoráidí crosaire faoi bhun caighdeán agus méid mór tráchta agus luais ar na bóithre isteach.

Tá sé mar chuspóir uileghabhálach ag Straitéis Gluaiseachta Lár na Cathrach go dtabharfaí tosaíocht do ghluaiseacht choisithe, rothaithe agus an iompair phoiblí agus go laghdófaí méid agus luas an trácht feithiclí.

Leagtar amach sa Straitéis roinnt beart idirghabhála a thugann tosaíocht don siúl, lena n-áirítear cláir mhoillithe sa bhóthar, sintí starracha colbha agus trasríanta síogacha. Tá go leor díobh sin á gcur i bhfeidhm ar bhonn céimneach faoi láthair. Ní bheidh teacht ag feithiclí príobháideacha ar Shráid Phádraig le linn uaireanta áirithe ó Lúnasa 2018 amach chun éascaíocht a dhéanamh do choisithe, do rothaithe agus díobh siúd a úsáideann an córas iompair phoiblí.

Sonraíodh freisin sa Straitéis Siúil go bhfuil roinnt 'Tairseach' ann le haghaidh uasghráduithe siúil. Cuimsíonn sin obair feabhsúcháin ar shaol na coisíochta sa Chathair Thuaidh/Seandún agus san Ardán Theas. Ba cheart tosaíocht a thabhairt don Tairseach Shíorghlas i bhfianaise a mhéad atá Dún Eilise agus Plás Nano de Nógla ag fás mar lárionaid turasóireachta.

Tá na ceantair thairseacha sin suite faoi fhad siúil 20 nóiméad de lár na cathrach agus tabharfar tosaíocht díobh agus don réimse poiblí á fheabhsú. Ba cheart cuimhneamh ar chrosairí 'X' nó trasnánacha a thógáil, más indéanta, ag príomhbhealaí isteach san oileán lár cathrach san áit a n-éilítear, mar gheall ar líon na gcoisithe, go ndéanfaí bearta idirghabhála breise.

Chun tacú leis an gcoisíocht bhreise a bheartaítear thar shaolré na Straitéise, ní mór leibhéal compord na gcoisithe a choinneáil ar intinn agus leithead na gcosán agus an méid tranglaim sráide a mheas chomh maith leis an soisiú poiblí sna ceantair sin a uasghrádú.

### Láir Bailte Cathracha agus Ceantair Leathnaithe Uirbeacha

Is gá do Chomhairle Contae Chorcaí máistirphleananna a fhorbairt le haghaidh na limistéar fairsingithe uirbeach atá laistigh de na mórcheantair uirbeacha. Ba cheart díriú ar láir na mbailte iad féin chomh maith leis na ceantair tithíochta agus na scoileanna atá díreach in aice leo chun feabhsuithe tosaíochta do choisithe a chur i gcrích.

Ós rud é go mbíonn go leor daoine i mbun comaitéireachta amach as bailte móra an mhórcheantair go dtí an chathair féin, beidh sé rithábachtach feabhas a chur ar bhealaí siúil go dtí stáisiúin sa ghréasán iarnróid bhruachbhailtigh agus forbairtí tithíochta a dhearadh agus a leagan amach níos fearr ar mhaithe le tuilleadh siúil, agus siúl níos sábháilte, a chur chun cinn mar chuid de thurais nasctha.

Cuirfear bóithre nua ceangail isteach in áiteanna áirithe le go mbeidh teacht níos éasca ar Chrios Forbartha Straitéisí na Móine Airde atá beartaithe agus ar limistéir fairsingithe uirbigh atá beartaithe i mBaile Uí Mhaoláin, i gCarraig an Uisce, sa Bhaile Nua, sa Bhlarna/Radharc na Carraige agus i mBaile an Chollaigh.

Ós láithreáin úrnua iad formhór na gceantar sin, tá deis ann saol coisíochta (agus rothaíochta) ardchaighdeán a fhorbairt iontu ag an tús.

Chun taisteal inbhuanaithe a chur chun cinn, measfar leaganacha amach nua do charrbhealaí agus d'acomhail bheartaithe i gcomhréir leis na caighdeáin agus na prionsabail a leagtar amach sa Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Shráideanna Uirbeacha (DMURS) le go mbeidh caighdeán seasmhach ann tríd síos.

### Gréasán Siúil Ceantair agus Comharsanachta

Sa Straitéis Siúil, sonraíodh freisin go bhfuil lárionaid ceantair agus comharsanachta ann ba cheart a dhíriú orthu chun an gréasán áitiúil a fheabhsú agus seirbhísí áitiúla a sholáthar faoi fhad siúil 20 nóiméid díobh. Thacódh sé sin le siúlóidí níos faide a chur chun cinn go háitiúil.

Orthu sin tá an taobh theas de Cheantar na nDugaí, Baile an Locha agus Beamount agus an cnuasach cóiríochta do mhic léinn ag Páirceanna na Laoi atá ag dul i méid.

### Láir Bailte a Thacaíonn le Daoine Breacaosta

Ós rud é go bhfuil próifíl aoise dhaonra Mhórcheantar Chorcaí ag athrú, caithefear an réimse poiblí agus an gréasán iompair a chur in oiriúint do dhaoine breacaosta, do dhaoine faoi lagú gluaiseachta, radhairc nó éisteachta agus dóibh siúd a bhfuil bugaithe acu. Cuimsítear leis sin áiteanna tarraingteacha suí a sholáthar in áiteanna poiblí, go háirithe in ionaid siopadóireachta agus lárphointí idir ceantair tithíochta agus láir bailte.

Teastaíonn réitigh nuálacha chun cuid de na constaicí is coitianta atá roimh an siúl a sháru, ar nós leithris phoiblí a chur ar fáil, aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le suíomhanna ar leith agus forfheidhmiú a dhéanamh in aghaidh páirceála mídhleathaí ar chosáin. Beidh iniúchtaí rialta ann chun saincheisteanna a bhaineann le suíomhanna ar leith a shonrú agus a réiteach le cabhair ó ghrúpaí éagsúla de pháirtithe leasmhara a chuimseoidh daoine breacaosta, grúpaí choisithe agus daoine faoi mhíchumas.

Déanfar tuilleadh oibre feabhsúcháin 'insiúltachta' thar shaolré na Straitéise Iompair. Ina measc beidh tuilleadh spáis bhóthair á thabhairt do choisithe i láir na cathrach agus na mbailte agus i gceantair cois cé; saoráidí croisairé á meaitseáil le mianlínte siúil; agus amanna comharthaí solais a athrú sa chaoi nach mbeidh ar choisithe feitheamh rófhada. Cuirfear droichid saor ó thrácht isteach agus déanfar uasghráduithe ar an ngréasán siúil atá ann cheana féin a thacóidh le choisithe sa chaoi go mbeidh teacht níos éasca acu ar áiteanna idir lár na cathrach, Stáisiún an Cheanntaigh agus Stáisiún Bus Phlás Parnell.

### Feabhas ar Bhealaí Siúil chuig Scoileanna

Bíonn go leor daoine ar fud mhórcheantar Chorcaí ag úsáid carranna chun achair ghearra a thaisteal go dtí ionaid oideachais, go háirithe bunscoileanna. Rogha níos tarraingtí a bheidh sa choisíocht nuair a bheidh bealaí siúil níos sábháilte curtha i bhfeidhm a bheidh níos pléisiúrtha agus lán le treochoimharthaí soléite feabhas curtha ar an saol coisíochta agus rothaíochta i gcóngarach na scoile. D'fhéadfadh eiseamláirí dea-chleachtais a bheith ina measc ar nós na dtionscadal 'Sráideanna Scoile' i nDún Éideann agus i Hackney, arna maoiniú ag an Aontas Eorpach, agus 'Busanna Siúil' as ionaid shainithe fágála. Tugtar mionsonraí breise sa chaibidil dar teideal 'Bearta Tacaíochta'.









### Treochomharthaíocht

Is minic gur constaic roimh an siúl i an easpa feasachta ar na bealaí atá ann agus ar a bhfaid. Cuimsíonn cuid mhaith de chóras treochomharthaíochta Chorcaí comharthaí méar eolais nach bhfuil curtha i bhfeidhm go comhseasmhach, a mbíonn dochar déanta dóibh go minic agus a dhíríonn go príomha ar chuairteoirí.

Moltar córas comhtháite léarscáil-bhunaithe a chur ar bun, cosúil leis an gcóras Legible London (Londain Inléite), a thabharfaidh tuiscint níos fearr ar a gceantar máguaird do réimse leathan úsáideoirí, a aibhseoidh faid bheachta achair agus ama idir iad agus a gceann scríbe agus a spreagfaidh daoine a rogha bealaigh siúil a ghlacadh.

### Feabhas ar an Éascú Bealaí

Is cuid riachtanach den straitéis é gréasán sráideanna a chur ar fáil a éascóidh na bealaí a úsáidfídh coisithe agus rothaithe le teacht ar chodanna éagsúla den chathair. Le bliana anuas, áfach, leagadh amach forbairtí tithíochta le mórchuid cúl-de-sac a fhágann nach scaoileann siad an trácht tríothu agus go mbíonn ar dhuine cor bealaigh a chur air féin le dul chuig seirbhísí áitiúla, scoileanna agus stadanna iompair phoiblí.

I gcás gach forbartha amach anseo ba cheart breithniú a dhéanamh ar bhearta ardchaighdeán um éascú bealaí agus bainistíocht tráchta, lena n-áirítear Sráideanna Cónaithe, Sráideanna Déan Féin É (DFÉ) agus scagairí tráchta a chuirfidh srian le brú tráchta ag feithiclí agus a dhéanfaidh éascaíocht don súgradh sna sráideanna.

Ba cheart dul ar thóir deiseanna chun bealaí a éascú sna ceantair atá forbartha cheana féin i gcomhar le feidhmiú na bhfeabhsuithe ar an ngréasán rothaíochta, coisíochta agus iompair phoiblí a bhforáiltear leo i Straitéis Iompair Mhórcheantar Chorcaí, lena n-áirítear:

- An gréasán siúil a nascadh go díreach agus ar shlí ardchaighdeán le bealaí iompair phoiblí ina bhfuil ardlíon paisinéirí agus leis na cinn scríbe is mó a tharraingíonn coisithe;
- Dea-dhearadh agus iniúchtaí ar rochtaineacht siúil a éileamh sna hiarratais phleanála ar cheantair nua tithíochta;
- Crosairí siúil agus rothaíochta a sholáthar chun ceantair atá scartha ag bóithrí nó constaicí fisiciúla eile a nascadh le chéile, rud a chuimseoidh comharthaí a chomhaireann síos más cuí sin; agus
- Pleanáil agus dearadh a chinnteoidh go mbeidh teacht éasca ar an ngréasán ag daoine a bhfuil deacrachtaí gluaiseachta acu.

Tá fáil ar an Treoirleabhar Dea-Chleachtais maidir le hÉascú Bealaí, leis an Údarás Náisiúnta Iompair, chun cabhrú le húdarás áitiúla agus le heagraíochtaí eile dul i ngleic leis na saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar an éascú bealaí agus aghaidh a thabhairt ar oidhreacht na scoilte i gceantair uirbeacha in Éirinn.

### Bealaí Taitneamhachta Áitiúla

Sa Straitéis Siúil, tá sé beartaithe go bhfeabhsófar an príomhghréasán siúil agus a cheangal leis na bealaí taitneamhachta atá ann cheana nó atá beartaithe a éascú, á gcomhcheangal ina mbealaí straitéiseacha siúil. Tá go leor díobh sin suite i gceantair cois abhann agus á gcur chun cinn mar Ghlasbhealaí sa Phlean Gréasáin Rothaíochta, lena n-áirítear ceantair ar an taobh ó thuaidh de lár Bhaile an Chollaigh agus ceantair gar do sheanlíne an Phasáiste agus do Pháirceanna na Laoi.

Dá mhéad an tóir a bheidh ag daoine ar na ceantair sin is ea is tábhachtaí a éireoidh sé coimhlíntí idir coisithe agus rothaithe a laghdú oiread agus is féidir. San áit nach féidir gluaiseacht na gcoisithe agus na rothaithe a scaradh óna chéile go hiomlán, d'fhéadfaí idirghabhálacha a dhéanamh a bhainfeadh go speisialta leis an suíomh, nuair is cuí sin, ar nós mhoilliú tráchta ar shráideanna cónaithe in aice láimhe, stiallacha ísle tormáin do rothaithe, agus feachtais léirithe comhbhá a dhíreoidh ar choisithe agus ar rothaithe.





# ROTHAÍOCHT



**19.5 m**  
sa bhliain  
aistir rothaíochta



**56,000** sa bhreis  
aistir ghluaisteáin a d'fhéadfadh  
iompú go rothaíocht



**13,000**  
aistir rothaíochta déanta  
sa bhuaic-am RN ag  
éascú brú



**200 km**  
Príomhghréasán  
Rothaíochta



**150 km**  
Gréasán Tánaisteach  
Rothaíochta



**60 km**  
Gréasán Idir-Uirbeach  
Rothaíochta



**140 km**  
Gréasán Glasbhealaigh



**Leathnú**  
an Chóras Roinnte  
Rothair



**Le 20 nóiméad** de  
ghníomhaíocht sa lá laghdaíonn an  
baol de ghalar croí, de dhiaibéiteas  
chineál 2 agus roinnt cinéalacha ailse  
**ag 20% ar a laghad**



**dea-thionchar**  
aar mheabhairshláinte



**Saoraidí Dheireadh Aistir**  
**feabhsaithe**



Tá costas measta na  
Stráitéise ag timpeall  
**€230m**  
(+gnéithe BusConnects)





## 07 ROTHÁÍOCHT

Is í an fhís atá i gceist le Plean Gréasáin Rothaíochta Mhórcheantar Chorcaí ná **gréasán rothaíochta comhtháite, sábháilte, tarraingteach a chur ar fáil a thacóidh le húsáid rothar in ionad carranna príobháideacha** le taisteal chun na hoibre nó chuig ionaid oideachais agus ar ais agus a chuirfidh bonn láidir faoin rothaíocht le haghaidh fóillíochta agus turasóireachta.

Plean Gréasáin Rothaíochta Mhórcheantar Chorcaí 2017

MoModh iompair inbhuanaithe ar bheagán costais í an rothaíocht a bhfuil borradh fúithi i Mhórcheantar Chorcaí. Gealltar sa Phlean Náisiúnta Forbartha 2018-2027 go soláthrófar gréasáin raonta siúil agus rothar i ngach cathair in Éirinn. Ar an leibhéal réigiúnach, foilsíodh an Plean Gréasáin Rothaíochta do Mhórcheantar Chorcaí agus do bhailte máguaird in 2017 ar a bhfuil an chuid is mó den chaibidil seo bunaithe.

Moladh go mbeadh tuilleadh nascaonta rothar ann a thiofadh leis na gréasáin iompair phoiblí atá beartaithe sa CMATS, lena n-áirítear BusConnects agus cuarbhóithre nua ceangail. Is éard a bheidh mar chomharthaí sóirt na mbealaí uasghrádaithe sin ná saoráidí ardchaighdeán arna ndearadh de réir na gcaighdeán a leagtar amach sa Treoirleabhar Rothaíochta Náisiúnta agus, i go leor cásanna, scaradh na saoráidí go hiomlán nó go páirteach ó mhodhanna eile iompair. Beidh moilliú tráchta de dhíth in áiteanna áirithe chomh maith le cóiriú aomhail agus luasteorainneacha níos ísle.

I measc na mbeart eile bonneagair a thacóidh le saol na rothaíochta a chur chun cinn i gCorcaigh, beidh scéimeanna roinnte rothar á gcur i bhfeidhm ar bhonn céimneach agus breithniú á dhéanamh freisin ar rothair gan raca a thabhairt isteach, beidh áiseanna cithfholctha agus athraithe éadaí á gcur isteach agus beidh méadú mór ar áiseanna páirceála rothar i gceantair chónaithe, i gceantair turasóireachta agus in ionaid oibre.

### Plean Gréasáin Rothaíochta Mhórcheantar Chorcaí 2017

Is pointe tosaigh é Plean Rothaíochta Cathrach 2017 do Ghréasán Rothaíochta SICCC. Cumadh Plean 2017 chun an roinnt modha rothaíochta a mhéadú ón mbunleibhéal íseal ag a bhfuil sé faoi láthair, chun plean soiléir forbartha a chur ar fáil maidir leis an ngréasán rothaíochta agus chun níos mó aistear rothaíochta chuig obair, scoil, agus spraoi a spreagadh. Tá na bealaí atá leagtha amach sa Phlean Gréasáin 2017 mar an gcéanna den chuid is mó agus iad uasghrádaithe chun príombhealaí nua a chur san áireamh. Áirítear leis seo bealaí leithscartha d'ardchaighdeán atá forbartha agus comhtháite isteach i ndearadh agus i bhforbairt Bhóthar Dáileacháin Thuaidh agus Bhóthar Dáileacháin Theas agus nasc nua idir Dún Cítíl agus an tOileán Beag.

Rinneadh an gréasán beartaithe a fhorbairt ar bhonn na nithe seo a leanas:

- Tograí iompair agus talamhúsáide arna leagan amach i mbeartais agus i bpleananna an cheantair;
- Measúnú ar an mbonneagar rothaíochta atá sa cheantar cheana;
- Treoirínte arna leagan amach sa Treoirleabhar Rothaíochta Náisiúnta;
- Spriocanna comhaontaithe do chomhroinnt mhodhanna iompair; agus
- Measúnú mionsonraithe ar an éileamh áitiúil ar thaisteal, a rinneadh de réir thorthaí an mhúnla rothaíochta.

### Seo a leanas na príomhthosaíochtaí d'fhorbairt an Phlean Gréasáin Rothaíochta:

- Gréasán stuama raonta rothar a dhéanamh soir-siar agus thuaidh-theas tríd an gceantar le go mbeidh teacht ar gach túsphointe mór turais;
- Ó thaobh rochtana de, díreofar ar an gcéad dul síos ar cheantair fhostaíochta agus oideachais tríú-leibhéal agus ar scoileanna ina dhiaidh sin. Socraíodh na tosaíochtaí sin sa chaoi go mbainfí amach na spriocanna um athrú mhodh iompair atá beartaithe. Tugadh tús áite freisin do raonta rothar a bheidh nasctha le forbairtí nua;
- An tseirbhís is fearr is féidir a sholáthar ar chonairí móréilimh sonraithe;
- Deiseanna a aithint chun glasbhealaí ardchaighdeán a chruthú a aithint an leas is mó is féidir a bhaint astu;
- Freagra a thabhairt ar aiseolas ó phríomhpháirtithe leasmhara agus ón bpobal.

Bunaithe ar a bhfuil sa Treoirleabhar Rothaíochta Náisiúnta, moltar cineálacha éagsúla bonneagair a chur isteach in áiteanna éagsúla sa ghréasán, lena n-áirítear:

- Lánaí Rothar: Cuimsítear leo spás tiomanta atá cliathánach le colbhaí nó le spásanna páirceála agus d'fhéadfaidís a bheith ina lánaí rothar éigeantacha nó comhairleacha;
- Sráideanna Measctha: Oiriúnach don áit nach bhfuil mórán tráchta le go gcomhroinnfidh rothaithe agus tiománaithe an spás bóthair;

- Lánaí Rothar agus Bus: Is féidir lánaí rothar a chur isteach taobh leis an lána bus nó d'fhéadfadh rothaithe taisteal in aon lána amháin leis na busanna;
- Raonta Rothar: Ní hionann raonta rothar agus lánaí rothar. Tá raonta rothar scartha amach go fisiciúil ó thrácht innealta ag bacadh nó ag leibhéal éagsúil dromchla; agus
- Rotharbhealaí nó Glasbhealaí: Bóithre agus bealaí trí pháirceanna agus trí cheantair ghlasa eile atá scartha amach ó bhóithre a bhfuil trácht feithiclí orthu.

### An Príomhghréasán Rothaíochta

Rinneadh príomhbhealaí de na bealaí is mó éilimh. Is bealaí díreacha fada go leor iad príomhbhealaí de ghnáth a cheanglaíonn cinn scríbe thábhachtacha ar fud Mhórcheantar Chorcaí le chéile i bhfoirm ghathach. Cuirfear bealaí tánaisteacha agus friothálacha leo sin ar chaoi a bhféadfadh rochtain a thabhairt ar cheantair chónaithe. Cuirfear feabhas ar roinnt príomhbhealaí rothaíochta tábhachtacha i Mórcheantar Chorcaí, lena n-áirítear:

- Bealaí deighilte cois uisce i gceantar Dugaí na Cathrach, lena n-áirítear Bealach EuroVelo 1 ó Lár Chathair Chorcaí amach go dtí Tivoli agus an tOileán Beag;
- Sruthán na Saileach/Gleann Maghair - Lár na Cathrach trí Bhóthar Ghleann Maghair Íochtarach (féach thíos);
- Bóthar na Modhfheirme go Bóthar an Ghlaisín;
- Seanbhóthar Eochaille;
- Bóthar Chionn tSáile – Aerfort;
- Bóthar Dhúglais;
- Bóthar na Sceiche Airde;
- Bóthar an Staisiúin, Carraig Thuathail;
- Bóthar Dáileacháin Thuaidh; agus
- Bóthar Dáileacháin Theas.

Tá dath dearg ar na príomhbhealaí sa léarscáil den ghréasán. Beidh cuid díobh sin á roinnt le lánaí tiomanta bus san áit a bhfuil na carrbhealaí róchúng le bonneagar deighilte a chur isteach.

### Gréasán Tánaisteach Rothaíochta

Leis an ngréasán bealaí tánaisteacha, ceanglaítear ceantair chónaithe agus ceantair fhostaíochta leis an bpríomhghréasán rothaíochta. Ina measc tá bealaí rothaíochta easbhóthair, lánaí rothar, lánaí comhroinnte bus agus rothar agus bóithre a bhfuil moilliú tráchta i bhfeidhm orthu. Is minic a luíonn siad go comhthreomhar le príomhbhealaí agus a sholáthraíonn nasc eile dá bharr. Ar chuid de na bealaí tánaisteacha a fheabhsófar, tá:

- An Bóthar Síorghlas/Sráid na Mainistreach/Sráid Dhúglais;
- Bóthar Pholl an Duibh Íochtarach go Bóthar an Tóchair;
- Bóthar na Laoi agus Bóthar Inis Cara; agus
- Cnoc Bhaile Átha Cliath go Bóthar Bhaile Átha hÚlla.

Tá dath gorm ar bhealaí tánaisteacha sa léarscáil den ghréasán.

### Gréasán Glasbhealaí Rothaíochta

Is éard atá i gceist le gréasán glasbhealaí ná bealaí gan trácht nó ar bheagán tráchta trí pháirceanna nó cois aibhneacha. Is minic iad suite ar línte tréigthe iarnróid ar baineadh úsáid nua astu. Is féidir tacú leis an rochtain ar ghlasbhealaí ach bearta éascaithe scagtha a dhéanamh i gceantair chónaithe agus uirbeacha eile. Ar na ceantair is mó atá ina dtascáirí do ghlasbhealaí\* tá:

- Glasbhealach 'Laoi go Muir' a bheartaítear a ghabhfadh soir-siar agus a thabharfadh isteach leis Páirceanna na Laoi, céanna na cathrach, an Mhuiríne agus seanlíne iarnróid an Phasáiste;

- Glasbhealach a cheanglódh an chathair le Tivoli, Gleann Maghair, an tOileán Beag, Carraig Thuathail agus Mainistir na Corann (cuid den bhealach EuroVelo 1) agus a d'fhéadfadh a shíneadh chomh fada le hEochaill tríd an tseanlíne iarnróid;
- Bealach a leanfadh Abhainn na Trá Móire agus a cheanglódh Dúglas, Páirc Ghleann na Trá Móire agus an Tóchair;
- An Pasáiste go Carraig Uí Leighin;
- Glasbhealach na Sabhrainne;
- Seanbhóthar iarnróid Dhroichead na Bandan/Chionn tSáile a cheanglódh le Droichead Iarnróid Bhaile an Ghiolláin (thíos);
- Glasbhealach na Blarnan;
- Bealach idir Bóthar Charrag Ruacháin agus an Teamhair; agus
- Mainistir na Corann-Baile an Churraigh-An Geata Bán\*

Féadfar breithniú a dhéanamh ar ghlasbhealaí agus ar bhealaí idir-uirbeacha eile nach sonraítear thuas ag brath ar na hathruithe a thiocfaidh ar an dáileadh daonra agus fostaíochta a bheartaítear a fhiosrú mar chuid den athbhreithniú tréimhsiúil 5 bliana ar an CMATS.

Tugtar faoi deara go bhfuil an dá údarás áitiúil ar thóir maoinithe chun droichead thar an N40 a chríochnú a cheanglódh Gort Phroinsias agus an Ghráinseach le Páirc Ghleann na Trá Móire.

Dá mbeadh droichead ann, bheadh ceangail ann leis an gCathair agus le Ceantar na nDugaí. Chuige sin áfach ba ghá trácht a mhoilliú go háitiúil nuair is cuí, bonneagar tiomanta a chur isteach ar Bhóthar Dhúglais Theas agus, b'fhéidir, bearta um éascú bealaí a dhéanamh ar shuíomh Ospidéal Fhionnbharrha.

\* Faoi réir choinníollacha Threoracha an AE maidir le hÉin agus/nó Gnáthóga;








# Léarscáil den Ghréasán Rothaíochta

AN TEAMPALL GEAL



## EOCHAIR EOLAIS - EOEOLAS TÁBHACHTACH

- An Bealach Glas
- Príomhbealach
- Tánaisteach
- Idiuribeach

Tá gach bealach agus ailíniú tásach agus d'fhéadfaí iad a athrú faoin bpróiseas reachtúil um measúnú scéime.



### Gréasán Idiruirbeach

Is éard atá sna moltaí le haghaidh Gréasán Idiruirbigh ná bealaí a nascadh bailte an mhórchéantair uirbigh le gréasán Chathair Chorcaí. Cuimseofar leo sin bealaí ar bheagán tráchta a leanann mionbhóithre nó mórbhóithre áirithe atá tar éis a bheith íosghrádaithe agus, i gcásanna áirithe, saoráidí easbhóthair ar chiumhais an bhóthair mar atá coitianta sa Danmhairg, sa Ghearmáin agus san Ísiltír. Ar phríomhchodanna an ghréasáin idiruirbigh bheadh:

- Mainistir na Corann go Dún Citil/ Bóthar Ghleann Maghair Iochtarach (comhthreomhar leis an gconair iarnróid);
- An Linn Dubh go dtí an Mhóin Ard (trí Sheanbhóthar Mhala);
- Úsáid an N28 ó Rinn an Scidigh go Cathair Chorcaí nuair a bheidh an mótarbhealach M28 ann; agus
- Páirc Réigiúnach Bhaile an Chollaigh go Tobar Rí an Domhnaigh (trí Bhóthar na Laoi).

### Gréasán Friothálach Rothaíochta

Cruthaíonn bealaí friothálacha ceangail le glasbhealaí, príomhbhealaí, agus bealaí tánaisteachta. Is iondúil gur bealaí comhairleacha iad a thacaíonn le rothaithe de thairbhe na mbearr moillithe agus bainistíochta tráchta a dhéantar orthu a ligean do rothaithe agus do thiománaithe an bóthar a roinnt go sábháilte. Ar na príomhcheangail fhriothálacha a sainíodh sa Phlean tá:

- Sráideanna cónaithe sa Dúcharraig agus i mBaile an Teampaill le Seanlíne an Phasáiste/Glasbhealach na nDugaí Theas;
- Bealach friothálach a nascadh Gleann an Bhaile Bhric leis an gcarrchlós Páirceála agus Taistil atá beartaithe ag Carr's Hill agus le glasbhealach go Carraig Uí Leighin;

- Naisc idir an príomhghréasán agus ceantair chónaithe sa Chóbh agus an príomhghréasán;
- Naisc idir an glasbhealach atá ann cheana agus ceantair chónaithe sa Phasáiste agus i mBaile an Mhanaigh;
- Naisc idir Glasbhealach na Laoi agus ceantair chónaithe i mBaile an Chollaigh;
- Sráideanna cónaithe i bhfoisceacht Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Ospidéal Ollscoil Chorcaí, Baile an Easpaig agus Bóthar na Modhfheirme; agus
- Naisc áitiúla idir Glasbhealach na Blarnan atá beartaithe agus ceantair chónaithe sa Bhlarna, i Radharc na Carraige, sa Teamhair agus sa Mhóin Ard.

### Bearta Tacaíochta

#### Scéim Roinnte Rothar Chorcaí agus Scéimeanna Eile Roinnte Rothar.

D'fhéadfadh scéim phoiblí um roinnt rothar a bheith an-éifeachtach chun an ceantar a dtarraingíonn córas iompair phoiblí a chuid úsáideoirí as a leathnú agus aghaidh a thabhairt ar cheist an 'chiliméadair dheireanaigh' de thuras. Seoladh Scéim Roinnte Rothar Chorcaí i mí na Nollag 2014 agus tá 31 stáisiún mar aon le 300 rothar á n-úsáid ar fud Lár na Cathrach faoi láthair.

Ós rud é go bhfuil ag éirí go maith leis an scéim go dtí seo, meastar go bhfuil deis mhór ann í a fhairsingiú. Méadófar an scéim de réir a chéile, ag díriú go háirithe ar an ngréasán straitéiseach rothaíochta, ar chonairí agus ar stáisiúin iompair phoiblí a fhreastalaíonn ar líon ard paisinéirí agus ar cheantair sna brúachbailte is gaire do lár na cathrach.





Chun tacú le fairsingiú an ghréasáin de réir a chéile agus le forbairt timpeallachta atá gan trácht feithiclí nó ar bheagan tráchta, cuimhneofar ar shruthanna forlíontacha maoinithe a fháil lena n-áirítear síntiúis airgid ó lucht forbartha oifigí móra, cóiríocht do mhic léinn agus forbairtí measctha eile le haghaidh suíomhanna faoi leith laistigh de cheantair athnuachana atá beartaithe ar nós Cheantar Dugaí Chorcaí.

Cuimhneofar freisin ar chórais eile um roinnt rothar ar nós rothar gan raca, go háirithe i gceantair taobh amuigh de lár na cathrach agus na bruachbhailte is gaire di mar nach dócha go mbeifear in ann Scéim reatha um Roinnt Rothar Chorcaí a fhairsingiú sa ghearthéarma ná sa mheántéarma. Ba cheart tacú leis na scéimeanna sin ach méadú mór a dhéanamh ar spásanna páirceála rothair i lár na gceantar agus ag lárionaid oideachais, chomharsanachta agus áitiúla eile.

### Páirceáil Rothar

Tá fianaise ann ar fud an mhórchéantair uirbigh go mbítear ag páirceáil rothar go míchuí agus iad ceangailte le cuaillí solais, balcóin, staighrí, ráillí agus comharthaí bóthair, rud a léiríonn go bhfuil éileamh mór ar áiseanna foirmiúla um páirceáil rothar nach bhfuiltear ag freastal air.

Chun tacú leis an éileamh sin anois agus amach anseo, is gá méadú mór a dhéanamh ar an líon spásanna páirceála gearrthréimhsí de chaighdeán ard atá ar fáil i lár na cathrach, i lár bhailte an mhórchéantair uirbigh, i lár comharsanachtaí agus ag stáisiún iarnróid agus bus, ag foirgnimh phoiblí agus in ionaid siopadóireachta agus oibre.

Déanfar athbhreithniú anuas ar an líon spásanna páirceála rothair is gá a chur isteach i gceantair nuafhorbartha chónaithe agus fhostaíochta.

Is féidir saol na rothaíochta agus turais nasctha a chur chun cinn a thuilleadh ach moil páirceála rothair a lonnú i lár na gceantar uirbeach agus ag stáisiúin iarnróid agus bus ar fud an mhórchéantair uirbigh.

### Locair agus Haingir Rothair

Tá sé cruthaithe gur bacainn in aghaidh na rothaíochta í an easpa áiseanna páirceála slána do rothair. Tugann locair aonair rothair agus haingir roinnte sráide áiteanna sábháilte páirceála d'úinéirí rothair agus is réiteach nuálach iad ar riachtanais pháirceála, go háirithe agus gan mórán spáis stórála ag daoine istigh ina dtithe cónaithe féin.

### Rampaí Rotha

Má tá rothaithe le teacht ar spásanna oscailte, ar ionaid siopadóireachta agus ar ghlasbhealaí i gcuid mhaith de na bruachbhailte is gaire do Chathair Chorcaí agus i mbailte áirithe sa Mhórchéantar Uirbeach ar nós an Chóibh, ní foláir dóibh a bheith ag plé le staighrí anuas nó aníos as ceantair chónaithe atá suite ar thaobh cnoic.

Is fusa do rothaithe a rothair a bhrú suas rampaí rotha, ní a laghdaíonn freisin coimhlíntí spáis idir coisithe agus rothaithe ar bhealaí cúnga roinnte.

### Áiseanna Cithfholctha agus Athraithe Éadaí

Má chuirtear áiseanna dheireadh aistir isteach in ionaid oibre dála cithfholcadán agus spásanna athraithe éadaí, is féidir go mbeidh an rothaíocht (agus an rith) i bhfad níos tarraingtí mar mhodh iompair go háirithe má tá achair fhada nó drochaimsir i gceist.

Beidh an dá údarás áitiúil ag cuimhneamh ar bhorradh a chur faoi na háiseanna deireadh aistir sin nuair a bheidh Pleananna Forbartha reachtúla á leasú acu. Ba cheart spreagadh a thabhairt d'fhostóirí freisin leas a bhaint as deontais rialtais chun a n-ionaid oibre a aisfheistiú le cithfholcadáin agus le páirceáil rothar; sin nó ba cheart iad a spreagadh chun a bheith ag cur le saoráidí roinnte.





EISEAMLÁIR DEN PHRÍOMHGHREÁSÁN ROTHÁIOCHTA A BHEARTAÍTEAR

### Éascú Bealaí agus Treochomharthaíocht

Tá an easpa éascaithe do bhealaí ar cheann de na nithe is mó a chuireann srian ar ghluaiseacht rothaithe agus coisithe ar fud Mhórchéantar Uirbeach Chorcaí. Déanfar bearta ar chostas íseal, ar nós an éascú scagtha, sa chaoi gur fearr agus gur leitheadaí an rochtain ar an ngréasán, gur lú an scoilteadh ceantair agus gur annaimhe daoine a bheith i mbrú tráchta agus sa chaoi go mbeidh ceangail dhíreacha ann le seirbhísí áitiúla agus le bealaí tiomanta rothaíochta fada, lena n-áirítear an glasbhealach soir-siar 'Laoi go Muir' atá beartaithe.

Ba cheart don dá údarás áitiúil staidéir éascaithe bealaí a dhéanamh i gceantair ina bhfuil go leor tógála déanta cheana

d'fhonn a shonrú cé na deiseanna atá ann sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma chun bealaí rothaíochta (agus siúil) a éascú agus sruthanna maoinithe a ailíniú leo siúd atá curtha ar leataobh le haghaidh fheabhsuithe comhshaoil ag leibhéal an bharda áitiúil.

Agus an gréasán rothaíochta á fhorbairt, moltar go gcuirfí comharthaíocht shoiléir inléite isteach ar bhealaí rothaíochta agus ar charrbhealaí freisin, b'fhéidir, chun an tranglam sráide a laghdú oiread agus is féidir. Ba cheart cuimhneamh freisin ar chórais treochomharthaíochta atá bunaithe ar léarscáileanna a chur isteach ag stáisiúin lothra na scéimeanna roinnte rothair, faoi mar atá déanta i roinnt cathracha Eorpacha eile.

### Imeachtaí Bolscaireachta


Tacaítear le húsáid ábhar bolscaireachta don rothaíocht ar nós dhúshláin rothaíochta i scoileanna agus in áiteanna oibre, aipeanna tiomanta rothaíochta, cothabháil rialta agus oiliúint ar rothaíocht. Ba cheart imeachtaí bolscaireachta a ailíniú go dlúth le feabhsuithe ar an mbonneagar fisiciúil le go mbeidh seans níos fearr go n-éireodh leo.

Is féidir go gcuirfí imeachtaí aonuaire ar siúl i gCorcraig ar nós an Lae Saor ó Charranna, Seachtain Réthaistil na hEorpa, Ciclovía agus comhdhálacha ar nós POLIS agus Velo-City agus ba cheart na deiseanna sin a phlé go gníomhach le Pure Cork.



# BUS CONNECTS

## PAISINÉIRÍ BUS



Ag iompar  
**49,000**  
paisinéir sa  
bhuaic-uair RN

Ag iompar  
**85m**  
paisinéir  
in aghaidh  
na bliana

## FEIDHMÍOCHT CHONAIR BUS

Conair Dhúglais  
minicíocht Buaic-Bhus RN  
**3 nóiméad**  
Pátrúnacht  
1,700



Conair Chnoc  
an tSamhraidh  
Thuaidh Minicíocht  
Buaic-Bhus RN  
**3 nóiméad**  
Pátrúnacht  
2,061

## GRÉASÁN BUS & FEITHICLÍ

↔  
**200 km**  
de bhealaí  
traschathrach

↻  
**50 km**  
de chuarbhealaí

↔↗↘↖↙  
**150 km**  
de bhealaí  
gathacha

 **100 km**  
de lánaí bus agus  
bearta tosaíochta bus

 Flíot de **220** bus dhá  
urláir de dhíth

  
**6** Suíomhanna  
Straitéiseacha  
um Páirceáil &  
Thaisteal



## AG NASCADH CATHRACH & BRUACHBHAILE

 Ag nascadh leis le Gréasán Iarnróid  
Bhrúachbhaile Chorcaí ag Stáisiún an  
Cheanntaigh, agus leis le gréasán bus  
brúachbhaile Chorcaí agus Gréasán Páirceála  
agus Taistil agus ag cur idirmhalartú ar fáil idir  
seirbhísí bus gathacha agus cuara

 **4,800**  
paisinéir ag idirmhalartú  
idir seirbhísí bus Traschathracha,  
Gathacha agus Cuara sa  
bhuaic-uair RN

## COSTAS MEASTA

  
Is é costas  
measta na Straitéise  
ná thart ar  
**€545m**





## 08 BUSCONNECTS

Is éard a sholáthróidh BusConnects Chorcaí ná **conairí bus rithábhachtacha, seirbhísí feabhsaithe, táillí bus gan airgead tirim agus córas ticéadaithe atá bunaithe ar chuntais.**

Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027

Modh iompair fíorífeachtach atá i mbusanna agus leanfaidh siad orthu ag déanamh obair na gcapall i gcóras iompair Chorcaí. De bharr go bhfuil an córas busanna solúbtha, is féidir bealaí agus minicíochtaí a chur in oiriúint do chéimeanna éagsúla i bhforbairtí nua nó a athrú de réir mar is gá sin i ngeall ar na dálaí. Beidh busanna ag feidhmiú freisin mar chómhgartú tábhachtach le stáisiúin iarnróid InterCity, bhruachbhailtigh agus éadroim agus leis an ngréasán Páirceála agus Taistil.

Réitíonn feabhsú an ghréasán busanna le fis an Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 ina bhféachtar le seirbhís BusConnects a fheabhsú go mór agus a sholáthar i gCorcaigh faoi cheann 2027. Tar éis do chúrsa an ghréasán busanna abheith athraithe, meastar sa Straitéis go mbeifear in ann thart ar 45 milliún paisinéir a iompar in aghaidh na bliana agus 32,000 paisinéir a iompar le linn bhuaicthráth tráchta na maidine. Ba ar bhonn atriallach a forbraíodh agus a mionchoigeartaíodh an gréasán busanna atá beartaithe, próiseas a chuimsigh scrúdú ar an éileamh ar thaisteal ar chonairí gathacha agus traschathrach agus ar chuarchonairí chomh maith le hanailís ar chaolais bhóthair.

### An Gréasán BusConnects

Is éard a chuimsíofar sa ghréasán feabhsaithe BusConnects ná gréasán busanna atá méadaithe go mór, tosaíocht do bhusanna agus thart ar 220 feithicil nua dhá urláir. San iomlán beidh 200km de bhealaí traschathrach, 50km de chuarbhealaí agus 150km de bhealaí gathacha sa ghréasán a fheidhmeoidh mar chómhgartú le gréasán iarnróid

bhruachbhailtigh Chorcaí, leis an ngréasán iarnróid éadroim agus leis na seirbhísí beartaithe um Páirceáil agus Thaisteal atá suite ar fud an Ghréasán Bóithre Straitéiseacha. Leagtar amach sna míreanna a leanas gréasán agus minicíochtaí beartaithe BusConnects.

### An Príomhghréasán Gathach Busanna

Tugtar léargas sa mhéid a leanas ar an bPríomhghréasán Gathach Busanna a forbraíodh de réir na sé phrionsabail treoraigh ba bhunús leis an “mbunghréasán idéalach”. Ceanglaíonn an Príomhghréasán Gathach Busanna conairí seachtracha le Lár na Cathrach, ach rinneadh é a bheachtú le go bhfreastalódh sé freisin ar an éileamh ar thaisteal traschathrach sa chaoi go mbainfí oiread úsáide agus is féidir as seirbhísí bus na gconairí sin. Moltar freisin feabhas mór a chur ar mhinicíocht sheirbhísí bus ar na bealaí gathacha sin.

Leagtar amach thíos an Príomhghréasán Gathach Busanna chomh maith le minicíochtaí tascacha ag buaicthráthanna tráchta:

1. Cnoc Bhaile Átha Cliath – An Tóchar - 15 nóiméad;
2. Baile Uí Mhaoláin – Domhnach Broc - 10 nóiméad;
3. Baile na mBocht – Baile an Easpaig - 10 nóiméad;
4. Gleann Maghair – Baile an Chollaigh - 10 nóiméad;
5. Machain – Apple - 10 nóiméad;
6. Machain – An Bhlarina/An Teamhair - 10 nóiméad;
7. Baile an Róistigh – Apple - 10 nóiméad;

8. An Ghráinseach – Baile an Chollaigh (trí Lár na Cathrach): 15 nóiméad; agus
9. Gort Phroinsias – Fearann an Rí - 20 nóiméad.

### Cuarbhealaí Busanna

Moltar go mbeidh ceithre chuarbhealaí ardmhinicíochta ann a fhreastalóidh ar roinnt príomhcheann scríbe taobh amuigh de Lár na Cathrach, lena n-áirítear an tOileán Beag agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Beidh thart ar 50km de sheirbhísí faoi chuimsiú an chuarbhealaigh uasghrádaithe a sholáthróidh tuilleadh ceangailteachta agus a thacóidh le Limistéir Fairsingithe Uirbh agus leis an gcómhgartú le seirbhísí gathacha bus. Seo a leanas na ceithre chuarbhealach agus minicíochtaí a mholtar

- An Cuarbhealach Laistigh Ó Thuaidh; 10 nóiméad
- An Cuarbhealach Lasmuigh Ó Thuaidh; 15 nóiméad;
- An Cuarbhealach Laistigh ó Theas; 10 nóiméad;
- An Cuarbhealach Lasmuigh ó Theas; 15 nóiméad;

Beidh an Cuarbhealach Laistigh ó Thuaidh ag freastal ar an taobh thuaidh de Chathair Chorcaí, lena n-áirítear an tOileán Beag, Dugaí Tivoli, Baile na mBocht, an Linn Dubh agus Cnoc na hAoine agus, uaidh sin, trasna na Laoi chomh fada le Bóthar na Modhfheirme agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Leagan difriúil de sin a bheidh sa Chuarbhealach Lasmuigh Ó Thuaidh a cheanglóidh le forbairtí nua tithíochta





i Limistéar Fairsingithe Uirbigh Bhaile Uí Mhaoláin agus ar Sheanbhóthar an Teampaill Ghil. Bainfidh an bealach sin leas as Bóthar Dáileacháin an Tuaiscirt (Corcaigh) a fhreastalóidh ar ghluaiseachtaí bus agus a chuimseoidh bonneagar deighilte do choisithe agus do rothaithe. Moltar go mbeidh dhá chuarsheirbhís ar an taobh theas den chathair. Rogha eile iompair phoiblí seachas an N40, rud a bhfuil géarghá leis, a bheidh sa Chuarbhealach Laistigh ó Theas a shínfidh amach as an Oileán Beag trí Thollán Jack Lynch agus a fhreastalóidh ar Mhachain, ar Chrois an Tornóra, ar Ospidéal Ollscoil Chorcaí agus ar Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Rachaidh an Cuarbhealach Lasmuigh ó Theas ó Bhóthar Bhaile an Róistigh gar do Ché Harty go dtí An Garraí Dubh, Cnoc Maryborough, Bóthar na Gráinsí (tríd an mbóthar ceangailte soir-siar atá beartaithe), Poll an Duibh (trí bhealaí dáileacháin áitiúla a d'fhéadfadh a bheith ann), Bóthar an Tóchair, Bóthar an tSáirséalaigh agus Ospidéal Ollscoil Chorcaí. Ós rud é nach rachaidh an Cuarbhealach Lasmuigh ó Theas thar an N40 idir Machain agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus nach mbeidh aon chómhálartú eatarthu, seachnófar moileanna tráchta agus beidh an tseirbhís chomh héifeachtach agus is féidir. De bharr go mbeidh taistealaithe ag aistriú ón gcuarbhealach go bealaí gathacha ag ionaid shainithe um chómhálartú, beidh níos mó roghanna ceann scribe ann agus teacht níos éasca ag an bpobal orthu.

### An Gréasán Traschathrach

Rinneadh an Príomhghréasán Gathach Busanna 200km a bheachtú le go bhfreastalódh sé freisin ar an éileamh ar thaisteal traschathrach sa chaoi go mbainfí oiread úsáide agus is féidir as na príomhsheirbhísí bus. Cuireadh prionsabail threoracha áirithe i bhfeidhm chun cúrsa na seirbhísí traschathrach a leagan amach go héifeachtach agus go héifeachtúil trí lár Chathair Chorcaí:

- Seirbhísí a ailíniú le Straitéis Réthaistil Lár Chathair Chorcaí nuair is féidir sin;
- Díriú ar phríomhláithreacha cómhálartaithe; agus
- Laghdú oiread agus is féidir ar dheighilt seirbhísí ar bhealaí aontreo nó ar chodanna díobh nuair is féidir sin.

Moltar go ndéanfaí athbhreithniú amach anseo ar na córais aontreo a chuireann bac ar réthaisteal agus ar cheangailteacht busanna atá taobh amuigh de scóip an Straitéis Réthaistil. Cuimseofar leis sin athbhreithniú ar na príomhláithreacha áirithe atá sonraithe, An Meal Theas, Cé Sheoirse agus Sráid Anglesea san áireamh.

Roghnaíodh príomhláithreacha cómhálartaithe bunaithe ar a mhéad a bheidís in ann freastal ar líon mór seirbhísí iompair phoiblí, de thairbhe lánaí bus a bheidh ann nó trí thosaíocht iomlán a thabhairt do bhusanna. Seo a leanas na príomhláithreacha cómhálartaithe:

- Sráid Phádraig – 4 bhealach bus;
- Sráid Mhic Curtáin – 3 bhealach bus;
- Sráid an Chapail Bhui/An Meal Theas – 3 bhealach bus; agus
- Stáisiún Bus Phlás Parnell – 3 bhealach bus.

### Seirbhísí Tacaíochta Gathacha Bus

Forbrófar tuilleadh seirbhísí gathacha bus a bheidh ina seirbhísí tacaíochta d'fhonn a chinntiú go mbeidh an gréasán clúdaithe go cuimsitheach. Bíonn minicíochtaí na seirbhísí tacaíochta sin níos ísle de ghnáth ná minicíochtaí an Phríomhghréasáin Ghathach Bus ach bíonn siad ag freastal ar cheantair níos fairsinge. Ar na ceantair sin tá an bhráisle straitéiseach fostaíochta sa chogaisíocht i Rinn an Scidigh, ar a mbeidh seirbhís nua bus ag freastal a rachaidh trí Charraig Uí Leighin go Cathair Chorcaí. Bainfidh an bhráisle tairbhe freisin as minicíochtaí seirbhíse níos airde ar an mbealach atá ann cheana idir Rinn an Scidigh, Baile an Mhanaigh, Dúglas agus Lár na Cathrach.

De bharr na seirbhísí gathacha bus beidh tuilleadh deiseanna ann cómhálartú leis an gcóras iarnróid bhrúachbhailtigh agus éadroim agus le seirbhísí eile bus sa Phríomhghréasán Busanna.


Seo a leanas na bealaí gathacha bus a bheartaítear chomh maith lena minicíochtaí tascacha:

- Gleann Maghair – Lár na Cathrach: minicíocht 20 nóiméid;
- Aerfort Chorcaí – Stáisiún an Cheanntaigh: minicíocht 20 nóiméid;
- Poll an Duibh – Lár na Cathrach: minicíocht 30 nóiméid;
- Campas Apple – Lár na Cathrach: minicíocht 30 nóiméid;
- Rinn an Scidigh – An Pasáiste – Lár na Cathrach: minicíocht 20 nóiméid;
- Rinn an Scidigh – Carraig Uí Leighin – Lár na Cathrach: minicíocht 20 nóiméid; agus
- Mainistir na Corann – Lár na Cathrach: minicíocht 10 nóiméid.

### Bearta Tacaíochta


Déanfar uasghrádú suntasach ar an bpríomhghréasán nua busanna i gCorcaigh sa chaoi go mbeidh sé ar aon chaighdeán le BusConnects, rud a chuimseoidh na caighdeáin seo a leanas:

- Breis Eolais Fíor-Ama do Phaisinéirí (RTPI) ar chonairí bus;
- Comhtháthú fíor-ama an Uathchórais Aimsithe Feithiclí (AVL) le Córais Chliste Tráchta (ITS) chun tosaíocht a thabhairt do réthaisteal an iompair phoiblí trí hacomhail tráchtsolaithe.
- Cosáin nua a chur ar fáil le go dtiocfar ar stadanna bus tar éis a n-athleagain amach;
- Méadú mór ar an líon scáthlán bus a sholáthraítear, go háirithe mar a bhfuil seirbhísí ceangail nó cómhálartaithe i gceist;





# Léarscáil Bhealaí BusConnects




FÉACH AR LÉARSCÁIL  
LÁR NA CATHRACH

## EOCHAIR EOLAIS - BEBEALAÍ BUS

|              |                                                     |              |                                                  |
|--------------|-----------------------------------------------------|--------------|--------------------------------------------------|
| <b>MA-BL</b> | Machain – An Bhlarna: 20 nóiméad                    | <b>BA-DO</b> | Baile Uí Mhaoláin - Donnybrook: 10 nóiméad       |
| <b>GL-BC</b> | Gleann Maghair - Baile an Chollaigh: 20 nóiméad     | <b>RO-HH</b> | Baile an Róistigh - Cnoc an Chuilinn: 10 nóiméad |
| <b>BC-CC</b> | Baile an Chollaigh - Cathair Chorcaí: 20 nóiméad    | <b>RI-CC</b> | Carrag Uí Leidhin - Lár na Cathrach: 15 nóiméad  |
| <b>LRT</b>   | Iarnród Éadrom: 5 nóiméad                           | <b>CA-CC</b> | Rinn an Scidigh - Cathair Chorcaí: 20 nóiméad    |
| <b>MF-BI</b> | Baile na mBocht - Baile an Easpaig: 10 nóiméad      | <b>EC-CC</b> | Corcailg Thoir - Lár na Cathrach: 10 nóiméad     |
| <b>SOI</b>   | An Cuarbhealach Laistigh ó Theas: 10 nóiméad        | <b>HH-CC</b> | Cnoc an Chuilinn - Lár na Cathrach: 30 nóiméad   |
| <b>SOO</b>   | An Cuarbhealach Lasmuigh ó Theas: 20 nóiméad        | <b>GL-CC</b> | Gleann Maghair - Lár na Cathrach: 20 nóiméad     |
| <b>DH-TO</b> | Cnoc Bhaile Átha Cliath - An Tóchar: 15 nóiméad     | <b>MA-HH</b> | Machain - Cnoc an Chuilinn: 10 nóiméad           |
| <b>PD-CC</b> | Bóthar Pholl an Duibh - Lár na Cathrach: 10 nóiméad | <b>LB-CC</b> | Luaiteach Beag - Lár na Cathrach: 30 nóiméad     |
| <b>KS-AP</b> | Stáisiún an Cheanntaigh - Aerfort: 15 nóiméad       | <b>NO</b>    | An Cuarbhealach Thuaidh: 10 nóiméad              |
| <b>FF-FH</b> | Gort Phroinsias - Fairhill: 20 nóiméad              | <b>GI-CC</b> | An tOileán Mór - Lár na Cathrach: 20 nóiméad     |
|              |                                                     | <b>RI-AP</b> | Rinn an Scidigh - Aerfort: 30 nóiméad            |

Tá gach bealach agus ailíniú táscach agus d'fhéadfaí iad a athrú faoin bpróiseas reachtúil um measúnú scéime.





LÉARSCÁIL LÁR NA CATHRACH

Níl sé d'acmhainn ag gréasán sráideanna agus bóithre airtéireacha Chorcaí freastal ach ar mhéid srianta tráchta, agus tá sé **dúshlánach tosaíocht a thabhairt don iompar poiblí dá dheasca.**

- Córas cliste ticéadaithe a d'fhéadfaí a chomhtháthú le modhanna eile iompair, lena n-áirítear córais roinnte rothar, clubanna roinnte carranna agus saoráidí páirceála;
- Ceangail leis an ngréasán iarnróid bhrúachbhailtigh agus éadroim agus le saoráidí Páirceála agus Taistil;
- Táillí bus gan airgead tirim leis an moill a laghdú atá mar thoradh ar bhailiú an airgid sin;
- Aistriú go flit feithiclí astaíochtaí isle; agus
- Bearta cómhálartaithe agus treochoimharthaíochta níos fearr.

### An Gréasán Réigiúnach Busanna

Tá seirbhísí réigiúnacha bus ina ngné thábhachtach den Straitéis ar fud an mhórchéantair uirbh agus níos faide i gcéin ná sin.

Moltar go gcuirfí feabhas leanúnach ar an ngréasán seirbhísí réigiúnacha atá ann faoi láthair d'fhonn minicíocht na seirbhísí a ardú chun freastal ar an éileamh méadaithe nuair is gá sin.

### Seirbhísí Bus Cathracha

Déanfar athbheithniú ar sholáthar seirbhísí bus i mbailte an mhórchéantair uirbh le linn thréimhse na Straitéise seo. Is féidir le seirbhísí dá leithéid dul chun tairbhe an phobail áitiúil de bharr go gceanglaíonn siad ceantair chónaithe le láir bailte, le scoileanna, le stáisiúin traenach agus le limistéir fostaíochta.

Is éard ab fhéidir a bheith sna seirbhísí sin i mbailte an mhórchéantair ná seirbhísí nua bus arna bhforbairt go sonrach chun freastal ar an gceantar áitiúil nó na seirbhísí réigiúnacha bus atá ann faoi láthair arna bhfairsingiú nó arna gcur ar athchúrsa.

Laistigh de na láir bailte cathracha, ba chóir díriú isteach ar aithint agus chur i bhfeidhm bhearta tosaíochta bus sna láir agus sna pointí brú coitianta. Ba chóir iad seo a mheas i gcomhréir le tionscnaimh bheartaithe don réimse poiblí agus/nó cur i bhfeidhm na mbóithre dáileacháin chun trácht a bhaint ó láir bailte.

Is féidir gur fiú busanna tóinteála a chur ag imeacht idir pointí cómhálartaithe agus lárionaid fhostaíochta i gcásanna áirithe, mar shampla ag Baile an Chollaigh agus an tOileán Beag.

### Oibríochtaí Cóiste


Tá Corcaigh suite san áit a dtagann Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Sean-Oirthear na hÉireann le chéile. Is ar chóistí a bhíonn go leor cuairteoirí ag teacht go Cathair Chorcaí agus go bailte agus sráidbhailte an mhórchéantair uirbh, Mainistir na Corann, an Bharna agus an Cóbh ina measc. Ní mór réimse beart a dhéanamh d'fhonn a chinntiú go mbeifear in ann freastal ar an líon méadaithe cuairteoirí a bhíonn ag teacht go Mórchéantar Uirbeach Chorcaí (cuairteoirí lae as an gceantar máguaird agus as bailte agus sráidbhailte an chontae san áireamh). Orthu sin tá feabhsú treochoimharthaíochta agus scéim um bainistíocht chomhtháite cóistí a thacóidh le bearta bainistíochta tráchta ag príomhchinn scribe ar fud an mhórchéantair.

Ar leibhéal an údaráis áitiúil, is gá tuilleadh measúnachta a dhéanamh ar oibríochtaí reatha na seirbhísí cóiste maidir leis na socruithe bordála agus tuirlingthe d'fhonn réiteach a fháil ar choimhlintí le húsáideoirí eile bóthair agus ar an tionchar a imríonn cóistí faoi láthair ar thimpeallacht na sráide.

### Tosaíocht do Bhusanna

Is cuid mhór de chlár BusConnects ar an iomlán é go dtabharfaí tosaíocht do sheirbhísí bus, seachas don trácht ginearálta, sa chaoi go mbeidh córas busanna éifeachtach ann a sholáthróidh seirbhís ardmhinicíochta a fhéadfaí brath uirthi. Gabhfaidh an méadú beartaithe ar sheirbhísí bus agus ar líon na bhfeithiclí chun tairbhe cuid mhór de dhaonra Chorcaí, ach ní éireoidh leis na seirbhísí sin mura dtabharfar tosaíocht iomlán do bhusanna ionas nach mbeidh siad sáinnithe sa trácht ginearálta.

# Bearta Tosaíochta BusConnects



Tá gach bealach agus ailíniú tásach agus d'fhéadfaí iad a athrú faoin bpróiseas reachtúil um measúnú scéime.



EISEAMLÁIR DE LÁNA BUS ISTEACH GO CORCAIGH AR CHNOC AN TSAMHRAIDH Ó THUAIDH

Tá na bearta tosaíochta bus atá anois ann srianta go maith, óir níl ach 14km de lánaí bus i gCathair Chorcaí faoi láthair. Ar na bearta tosaíochta bus atá beartaithe tá thart ar 100km de lánaí nua bus, arb ionann é agus méadú 700% ar an méid atá anois ann.

Beidh fad beartaithe na lánaí bus ag teacht le cúrsa an Phríomhghríasán Bus atá molta, rud a chinnteoidh go mbeidh an córas busanna éifeachtach agus go soláthrófar seirbhís ardmhinicíochta a fhéadfadh brath uirthi.

Ar na príomhbhealaí bus a sonraíodh, is é an cuspóir, go príomha, ná go mbeidh tosaíocht á tabhairt do bhusanna sa dá threo nuair is féidir sin a bhaint amach. Beidh tuilleadh iniúchta, anailise agus comhaontaithe le déanamh le Bonneagar Iompair Éireann (TII) maidir le cuid den Ghréasán Bóithre Náisiúnta sula socrófar na torthaí tosaíochta bus is fearr.

In áiteanna áirithe sa ghréasán beidh gá le bearta a éascóidh na lánaí tosaíochta bus agus na cosáin a theastaíonn chun teacht ar an ngréasán féin. Áirítear leis na bearta sin cuid den pháircéil sráide

a bhaint agus roinnt talún príobháidí a cheannach ar bhonn éigeantach. Déanfar breithniú freisin ar shlite eile le tosaíocht a thabhairt do sheirbhísí bus seachas don trácht ginearálta, mar shampla geataí bus, leataobhanna cosanta agus tosaíocht do bhusanna ag aomhail thráchtsoilsihe.

De bharr na mbeart feidhmithe sin tiocfaidh feabhas mór ar phoncúlacht na mbusanna agus beifear in ann brath níos mó ar an bhfad ama a thógfaidh sé dul ó áit go háit. Beidh roinnt bealaí éagsúla bus ag freastal ar bhóthair artaireacha áirithe. Faoi Straitéis, mar shampla, beidh seirbhís bus ar chonair Bhóthar Dhúglais gach 3 nóiméad le linn bhuaicthráthanna tráchta.

Ar an taobh ó thuaidh den chathair, beidh minicíochtaí seirbhíse níos airde i gceist le conair Chnoc an tSamhraidh Thuaidh de bharr na seirbhísí nua a thabharfar isteach le freastal ar Limistéir Fhairsingithe Uirbigh. Beidh ceangailteacht níos fearr le stáisiún nua iarnróid na Linne Duibhe agus leis na seirbhísí iarnróid uaidh sin ar aghaidh go dtí lárionaid fhostaíochta i gCathair Chorcaí, san Oileán Beag agus i gCarraig Thuathail.

## Conair Iarnróid Éadroim idir Baile an Chollaigh agus Machain

Níos faide anonn sa Straitéis seo, leagtar amach moltaí le haghaidh scéim iarnróid éadroim a shínfeadh ó Bhaile an Chollaigh go Machain agus a fhreastalódh ar Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Ospidéal Ollscoil Chorcaí, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Stáisiún an Cheanntaigh, Ceantar na nDugaí agus Pointe Mhachan.

Sula gcuirfear tús le forbairt an chonair iarnróid éadroim sin agus ar mhaithe le forbairt a chomhtháthú a thacóidh lena soláthar, beartaítear go mbeidh seirbhís bus ardmhinicíochta ag freastal ar an mbealach agus go ndéanfar bearta tosaíochta do bhusanna feadh an bhealaigh sa chaoi go mbeidh sé ag feidhmiú ar leibhéal ard feidhmíochta sula dtiontófar ina iarnród éadrom é.

Le linn tréimhse luath na Straitése, áfach, tá sé ar intinn ailiúnu don scéim iarnróid éadroim a aithint agus a chosaint, ag ligean do chomhdhlúthú forbartha ar an gconair.





# IARNRÓD BRUACHBHAILTEACH

## PAISINÉIRÍ



Ag freastal ar suas go  
**2,500**  
paisinéir  
in aghaidh an  
treo in aghaidh  
na huaire



**16m**  
paisinéir  
sa bhliain



## AM AGUS FAD AISTIR



**25 nóiméad**  
ó Mhainistir  
na Corann go  
Stáisiún an  
Cheanntaigh



**12 nóiméad**  
ón mBlarna go  
Stáisiún an  
Cheanntaigh



**25 nóiméad**  
ón gCóbh go  
Stáisiún an  
Cheanntaigh



**50 nóiméad**  
ó Mhainistir na  
Corann/An Cóbh  
go Mala



**62km**

de ghréasán iarnróid bhrúachbhailteach idir  
Mainistir na Corann, An Cóbh agus Mala



## GRÉASÁN IARNRÓID & FEITHICLÍ



**8 stáisiún nua**

móide feabhsúcháin  
go dtí Stáisiún an Chóibh,  
Mhala agus an Cheanntaigh.



**62 km de**  
**ghréasán iarnróid**  
**bhrúachbhailteach**

idir Mainistir na Corann, An Cóbh  
agus Mala.

**10 km**

de dhé-rian go Mainistir  
na Corann.



**Leictriú**

an ghréasán iarnróid bhrúachbhailtigh.



**22**

thraein dhá-charráiste  
nua de dhíth



## AG NASCADH CATHRACH & BRUACHBHAILE



Ag nascadh le Gréasán Iarnróid  
Éadrom Chorcaí ag Stáisiún an  
Cheanntaigh agus le gréasán bus  
bhrúachbhailtigh Chorcaí



**>3,000**

paisinéir ag  
idirmhalartú idir Iarnród,  
Bus agus Luas ag  
Stáisiún an Cheanntaigh  
sa Bhuaiú RN.

**4,000**

Tréirith 2-bhealaigh  
trí Stáisiún an  
Cheanntaigh sa  
bhuaiú-uair RN.



## COSTAS MEASTA



Is é costas measta  
na Straitéise  
ná thart ar  
**€274m**





## 09 IARNRÓD BRUACHBHAILTEACH

I gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, tá na hÚdaráis Áitiúla ag cur críche faoi láthair le Straitéis Iompair Chorcaí a chuimsíonn moltaí le haghaidh .... **feabhas ar sheirbhís iarnróid don lucht comaitéireachta i gCorcaigh, breis stáisiún agus traenacha san áireamh.**

Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027

De Leis an ngréasán iarnróid tá teacht dhíreach ag daoine i gcuid mhór de na bruachbhailte in oirthear agus i dtuaisceart an mhórchéantair uirbigh ar Lár Chathair Chorcaí agus is seirbhís í ar féidir brath uirthi. Moltar sa Straitéis seo an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as na deiseanna a thugann an gréasán reatha iarnróid bhruachbhailtigh le go dtacófar le riachtanais taistil ar fud Mhórchéantar Uirbeach Chorcaí. Beifear in ann pleanáil talamhúsáide agus iompair phoiblí a chomhtháthú níos fearr má bhaintear acmhainn iomlán an chonair iarnróid amach.

Tagann an cur chuige sin leis an gcreat beartais pleanála a ghlac Comhairle Contae Chorcaí chun borradh a chur faoi cheantair chónaithe agus tráchtála an Chóilbh, Mhainistir na Corann agus Charraig Thuathail, rud a thugann cuid den údar leis an bhforbairt nua ar láithreáin úrnua i Limistéir Fhairsingithe Uirbigh na Blarnan/Radharc na Carraige, Charraig an Uisce agus na Móna Airde. Tá soláthar stáisiúin nua traenach na Linne Duibhe agus Tivoli ag teacht le cuspóir Phlean Forbartha Chomhairle Cathrach Chorcaí, is é sin ná go méadófaí go mór an fhorbairt sna ceantair sin.

Gné thábhachtach de chuid na Straitéise seo ná go gcuirfí seirbhísí tréthrachta ar bun i Stáisiún an Cheanntaigh. Beidh ceangailteacht níos fearr mar thoradh air sin idir na línte a ghabhann idir Mala agus Corcaigh agus Mainistir na Corann/ an Cóbh agus Corcaigh, sa dóigh nach mbeidh ar dhaoine aistriú ó ardán amháin go hardán eile i Stáisiún an Cheanntaigh. Is féidir an cuspóir sin a bhaint amach go réasúnta tapa sa ghearrthearma toisc go

bhfuil ardán scoite ann cheana féin ag Stáisiún an Cheanntaigh.

### Seirbhísí InterCity

Is í conair iarnróid Chorcaigh-Bhaile Átha Cliath an tseirbhís InterCity is fearr feidhmíochta sa tír ó thaobh líon na bpaisinéirí de. Tá fianaise starógach ann go mbíonn an iomarca daoine sna carráistí suí go háirithe le linn bhuaicthráth na maidine idir Gabhal Luimnigh agus Stáisiún Heuston. Moltar sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus sa Tuarascáil ar Athbhreithniú Iarnróid 2016 go ndéanfaí roinnt feabhsuithe ábhartha ar an líne sin a chuimseodh na nithe seo a leanas:

- Scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna atá ann chun fad ama na n-aistear idir Béal Feirste, Baile Átha Cliath, Gabhal Luimnigh agus Corcaigh a laghdú agus chun infheistíocht a dhéanamh in iarnród ardluais ar na conairí sin;
- An líne iarnróid a leictiú tar éis do na carráistí InterCity atá anois ann dul as fónamh, rud a mheastar a tharlóidh faoi cheann lár na 2020í; agus
- Fad ama an aistear InterCity idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh a laghdú go 2 uair a chloig ar a mhéad.

Aithnítear sa Straitéis go moltar sa doiciméad Corcaigh 2050 nach mairfeadh an t-aistear iarnróid sin níos faide ná uair go leith. Ó thaobh an CMATS, áfach, is í an tosaíocht is mó ar fad ná a chinntiú go gcuirfear tuilleadh stáisiún agus seirbhísí iarnróid bhruachbhailtigh ar fáil gan bac a chur ar iarnród Éireann bheith ag cur le luas nó le minicíocht na seirbhísí atá ar an líne InterCity sin anois.

### An Gréasán Iarnróid Bhruachbhailtigh

Is é an cuspóir uileghabhálach atá le feabhsú na seirbhísí iarnróid bhruachbhailtigh ná go mbainfear oiread leasa agus is féidir as deiseanna forbartha an líne iarnróid atá anois ann le go mbeidh lucht pleanála talamhúsáide agus iompair ag obair níos dlúithe i gcomhar lena chéile. Ní éireoidh leis an Straitéis mura ndéanfar forbairt a chomhtháthú laistigh d'fhad éasca siúil agus rothaíochta de na stáisiúin atá anois ann agus na cinn atá beartaithe.

Is gá infheistíocht leanúnach a dhéanamh sa ghréasán iarnróid chun oibríochtaí stáit a choinneáil socair agus oibriú seirbhísí iarnróid a choinneáil éifeachtach. Chun an tseirbhís fheabhsaithe a shonraítear sa Straitéis a chur ar fáil, teastaíonn na príonsabail forbartha agus an bonneagar tacaíochta a leagtar amach sna míreanna seo thíos.

### Comhtháthú Bhealaí Talamhúsáide timpeall an Chonair Iarnróid Reatha

Tá dóthain acmhainne ag conair iarnróid bhruachbhailtigh Chorcaí go mbeifear in ann leas a bhaint aisti sa ghearrthearma chun tacú le méadú an daonra agus na fostaíochta i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí agus chun seirbhís níos minice agus níos inmharthana a chur ar fáil. Laistigh de Chathair Chorcaí, tá roinnt moltaí pleanála curtha ar aghaidh chun tacú le réimsí úsáide níos mó agus níos déine a bhaint as talamh athfhorbraíochta laistigh d'fhad éasca siúil ó Stáisiún an Cheanntaigh.

# Iarnród Bruachbhailteach Molta





Nuair a bheidh an Chomhairle Cathrach ag déanamh measúnachta amach anseo ar thograí forbartha don ghearrthearma agus don mheántearma, is rithábachtach go bhféachfadh siad chuige go seasfadh Stáisiún an Cheanntaigh agus an ceantar máguaird an aimsir maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt rochtana i bhfad níos fearr ar na forbairtí nua sin tríd an siúl, an rothaíocht agus an taisteal ar BusConnects nó ar iarnród éadrom.

Nuair a bheidh an Chomhairle Cathrach ag déanamh measúnachta amach anseo ar thograí forbartha don ghearrthearma agus don mheántearma, is rithábachtach go bhféachfadh siad chuige go seasfadh Stáisiún an Cheanntaigh agus an ceantar máguaird an aimsir maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt rochtana i bhfad níos fearr ar na forbairtí nua sin tríd an siúl, an rothaíocht agus an taisteal ar BusConnects nó ar iarnród éadrom.

Taobh amuigh de Chathair Chorcaí, tacaíonn an Straitéis go hiomlán le treo straitéiseach na gceart pleanála lenar ghlac Comhairle Contae Chorcaí chun forbairtí tithíochta, fostaíochta agus oideachais amach anseo sna ceantair díreach thart ar stáisiúin an Chóibh, Mhainistir na Corann agus Charraig Thuathail a chomhtháthú agus a threisiú go mór. Tá coinne le fás tithíochta níos moille sa Ghleanntán agus san Oileán Beag, áit ar dócha go mbeidh tuilleadh fáis ar réimsí fostaíochta nach n-oireann don saol uirbeach ard-dlúis.

Má dhéantar gníomhaíochtaí a chomhtháthú faoi fhad 1km de na stáisiúin iarnróid atá anois ann, cruthófar naisc níos fearr le láir bailte agus le stáisiúin eile, cuirfear le hinmharthanacht an chonair iarnróid agus tabharfar údar láidir le feabhsú na seirbhísí reatha.

Tá sé fíorthábhachtach go gcuirfí seirbhísí áitiúla siúil, rothaíochta agus bus ar ardchaighdeán ar fáil agus go gcuirfí feabhas (nuair is cuí) ar shaoráidí Páirceála agus Taistil chun tacú leis an lucht comaitéireachta a thagann isteach as ceantar i bhfad níos leithne.

Cé go bhfuil sé taobh amuigh de scóip an CMATS, aithnítear sa Straitéis go mbionn líon réasúnta mór daoine ag comaitéireacht amach as ceantar Mhala agus go bhfuil sé i gceist ag Comhairle Contae Chorcaí forbairtí tithíochta amach anseo a chomhdhlúthú taobh istigh de theorainn forbartha an bhaile. Beidh an chonair iarnróid níos inmharthana

de bharr an chomhdhlúthaithe sin agus de bharr tograí eile a d'fhéadfadh stáisiún iarnróid Mhala a thabhairt isteach faoi struchtúr táilli do Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí amach anseo. Is féidir go mbeidh gá freisin le feabhsuithe ardáin ag stáisiún Mhala chun maolú a dhéanamh ar an tionchar ar sheirbhísí InterCity idir Corcaigh, Ciarraí agus Baile Átha Cliath a bheidh á imirt ag an méadú a réamh-mheastar a thiocfaidh ar sheirbhísí iarnróid bhrúachbhailtigh.

### Stáisiún Nua Iarnróid

Chun tacú le fás inbhuanaithe ar chonair fheabhsaithe iarnróid, moltar stáisiún nua iarnróid a thógáil sna háiteanna seo a leanas chun bheith ag teacht le cuspóirí straitéiseacha Chomhairle Contae agus Cathrach Chorcaí araon i dtaobh pleanála talamhúsáide:

- **Ar an líne idir Mainistir na Corann/an Cóbh agus Corcaigh:**
  - Dugaí Tivoli;
  - Dún Citil;
  - Carraig an Uisce;
  - An Baile Nua; agus
  - Carraig Thuathail Thiar.
- **Ar an líne idir Mala agus Corcaigh:**
  - An Linn Dubh/Cill Bharra;
  - An Mhóin Ard; agus
  - An Bhlarra/Radharc na Carraige.

Beidh na stáisiúin sin ag cothú forbairt mheasctha tithíochta, den chuid is mó, ar láithreáin athfhorbraíochta i gCathair Chorcaí agus i mbailte an mhórcheantair, agus ar láithreáin úrnua atá sonraithe i Limistéir Fhairsingithe Uirbigh. Lena chinntiú go measfaidh an pobal gur modh iompair tarraingteach loighciúil é an t-iarnród i gcrios comaitéireachta atá ag dul i méid, ba cheart stáisiúin iarnróid a fhorbairt ag an am céanna leis an gcéad chéim d'fhorbairtí tithíochta agus a chur i bhfeidhm sula n-aistreoidh mórán daoine isteach chun cónaithe iontu.

Tá sé rithábachtach go mbeidh dearadh agus leagan amach na bhforbairtí nua ar dhea-chaighdeán ar shlí a thacóidh leis an gcoisíocht, an rothaíocht agus an iompar poiblí. Ba cheart dlús a chur le soláthar stáisiún nua iarnróid gar do Dhún Citil a mbeidh saoráidí Páirceála agus Taistil ann ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt do Limistéar Fairsingithe Uirbigh Ghleann Maghair i mBaile an Ghleanna, áit ar cheadaigh An Bord Pleanála forbairt mhór tithíochta le déanaí. Sula mbeidh stáisiún iarnróid ann, d'fhéadfaí seirbhísí bus a chur ag imeacht idir an tsaoráid Páirceála agus Taistil sin agus Lár Chathair Chorcaí, Machain agus an tOileán Beag. Aithnítear sa Straitéis freisin gur féidir go mbeidh stáisiún eile ann ag Carraig Thuathail Thiar a thacóidh le forbairt mhór tráchtála nó tionsclaíochta ardeicneolaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

### Bonneagar Tacaíochta

Beidh an bonneagar tacaíochta seo a leanas ag teastáil chun seirbhísí feabhsaithe iarnróid Bhrúachbhailtigh Chorcaí a chur ar fáil:

### Feabhsuithe ar Stáisiúin

Mar chuid den Straitéis, is gá stáisiúin a fheabhsú ar shlite áirithe chun na seirbhísí iarnróid beartaithe a chur ag obair go héifeachtach agus go héifeachtúil. Cuireann dea-chaighdeán, dea-chuma, glaineacht agus slándáil na stáisiún go mór le sástacht na bpaisinéirí iarnróid. Mar bhunriachtanais ba cheart go mbeadh gach stáisiún go hiomlán oiriúnach do chathaoiríochta rothaí, go mbeadh córais chliste ticéadaithe uasghrádaithe ann mar aon le háiteanna compordacha feithimh agus go dtabharfaí faisnéis chruinn fíor-ama maidir le teacht agus imeacht na dtraenacha agus na mbusanna a thacóidh leo. De réir dea-chleachtais, soláthrófar saoráidí páirceála rothair a bheidh slán, faoi fhoscadh agus suite chomh gar agus is féidir do bhealach isteach an stáisiúin gan cur isteach ar chompord na gcoisithe. Is gá scéimeanna roinnte rothair a chur ar fáil freisin chun tacú le turais nasctha.

Mar gheall ar an atreoshuíomh a rinneadh le déanaí ar Stáisiún an Cheanntaigh, **beidh cómhalmartú níos réidhe idir an córas iarnróid, iarnróid éadroim agus BusConnects**, mar aon le teacht níos fearr ag coisithe agus ag rothaithe ar Lár na Cathrach agus ar Cheantar na nDugaí Theas.

### Stáisiún an Cheanntaigh

Moltar go gcuirfí ardán nua isteach i Stáisiún an Cheanntaigh le go mbainfí úsáid as an lúb thrasnaithe atá ar an taobh theas den stáisiún cheana féin. Is ón ardán sin a bheidh teacht ar thrí líne chomhthreomhara a shínfidh trí Stáisiún an Cheanntaigh agus a ligfidh do sheirbhísí traschathrach idir Mala, Mainistir na Corann agus an Cóbh a bheith ag obair go héifeachtúil gan cur isteach ar an tseirbhís InterCity.

Mar gheall ar an atreoshuíomh a rinneadh le déanaí ar Stáisiún an Cheanntaigh, beidh cómhalmartú níos réidhe idir an córas iarnróid, iarnróid éadroim agus BusConnects mar aon le teacht níos fearr ag coisithe agus ag rothaithe ar Lár na Cathrach agus ar Cheantar na nDugaí Theas. Moltar feabhas mór a chur ar líon agus ar inléiteacht na treochoimharthaíochta timpeall an stáisiúin chun cabhrú le cuairteoirí a thagann amach as traein nó as bus ag Stáisiún an Cheanntaigh.

### Stáisiún an Chóibh

Tá an dara hardán de dhíth i Stáisiún an Chóibh chun freastal ar an méadú ar an líon traenacha a mheastar a bheidh ag teastáil chun an leibhéal feabhsaithe seirbhíse atá beartaithe sa Straitéis a chur ar fáil.

### Lúb Thrasnaithe

Sa chaoi nach n-imreofar drochthionchar ar sheirbhísí iarnróid InterCity idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath, is dócha go mbeidh gá le lúb thrasnaithe ag na stáisiúin seo a leanas ar líne Mhala:

- An Linn Dubh/Cill Bharra;
- Stáisiún na Móna Airde; agus
- An Bhlarna/Radharc na Carraige.

Má bhíonn lúb thrasnaithe ann, beidh traenacha bruachbhailteacha in ann stopadh ag na stáisiúin nua gan cur isteach ar oibriú éifeachtach an tseirbhíse iarnróid InterCity.

### Iarnród Déraonach go Mainistir na Corann

Má táthar le freastal ar na seirbhísí méadaithe iarnróid a rachaidh amach go Mainistir na Corann agus ar ais, ní mór an t-iarnród aonair atá idir an Gleanntán agus Mainistir na Corann anois a uasghrádú ina iarnród déraonach\*. Tá conair 2km d'iarnród déraonach ag Carraig Thuathail faoi láthair ar féidir síneadh a chur leis.

### Feabhsuithe ar Thráchtsoilsíú

Is gá feabhas a chur ar an gcóras tráchtsoilsithe sa chaoi go bhfreastalófar ar an méadú ar sheirbhísí agus go seachnófar moilleanna agus coimhlíní le traenacha eile ar an líne. Go sonrach, is gá feabhas a chur ar an gcóras tráchtsoilsithe ag Stáisiún an Cheanntaigh, Stáisiún Mhala, Gabhal an Ghleanntáin agus ag na lúb thrasnaithe atá molta.

### Ionad Rialaithe Tráchtsoilsithe

Tá an chuid is mó den ghréasán iarnróid in Éirinn - gréasán bruachbhailteach Chorcaí san áireamh - á rialú ag Iarnród Éireann as an Lárionad Rialaithe Tráchtata atá lonnaithe i Stáisiún Uí Chonghaile.

Gealltar sa Phlean Forbartha Náisiúnta go dtabharfar tógáil Lárionaid nua Náisiúnta um Rialú Traenach chun críche roimh dheireadh an phlean. Beidh gá leis sin chun freastal ar riachtanais rialaithe an ghréasán iarnróid anois agus amach anseo.

### Leictriú an Ghréasán Iarnróid Bhruachbhailtigh nó a Thiomáint ar Mhalairt Bhreosla

Tacaíonn an CMATS le leictriú na seirbhísí iarnróid, a mbeadh de thoradh air go bhfeidhmeodh an córas níos éifeachtaí, go mbeadh costais chothabhála agus fuinnimh níos ísle agus go mbeadh an méid astaíochtaí níos lú. Tá sé ríthábhachtach go laghdófaí astaíochtaí aeir agus torainn chun tacú le forbairt áiseanna taitneamhachta i gceantair chónaithe nua a bheidh comhdhlúthaithe timpeall an chonair iarnróid. Gealltar sa Phlean Forbartha Náisiúnta go leictreofar na línte iarnróid bhrúachbhailtigh i mBaile Átha Cliath faoi Chlár Leathnaithe an DART faoi cheann 2027. Is dócha go dtabharfar gealltanais go ndéanfar amhlaidh ar ghréasán iarnróid bhrúachbhailtigh Chorcaí thar an dara leath den Straitéis.

Mar rogha eile in áit leictriú iomlán an ghréasán iarnróid bhrúachbhailtigh, d'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh ar an gceist arbh fhéidir an flít a uasghrádú le gléasraí cumhachta hidrigine agus/nó ceallraí. Cé gur mórán mar a chéile an tairbhe a bhaintear as traenacha leictreacha den chineál sin agus gnáthleictriú an ghréasáin, níor ghá bonneagar soláthair leictreachais a aisfheistiú ar fud an ghréasáin lena n-aghaidh ná droichid a athrú, srl.

D'fhéadfaí go leor den chostas a bhaineann le leictriú an ghréasán iarnróid bhrúachbhailtigh a shábháil dá bharr. Táthar ar tí traenacha faoi chumhacht hidrigine a thástáil le paisinéirí san Ísiltír, sa Ghearmáin agus sa Ríocht Aontaithe.

\* Faoi réir choinníollacha Threoracha an AE maidir le hÉin agus/nó Gnáthóga;







# IARNRÓD ÉADROM

## PAISINÉIRÍ

Ag iompar  
**46 milliún**  
paisinéir  
in aghaidh na bliana

**11,400** nó  
paisinéir san in aghaidh  
an treo in aghaidh na  
huaire le hidirchar iarbhir  
de 2 nóiméad


**4,600**  
paisinéir in aghaidh an  
treo in aghaidh na huaire  
le hidirchar iarbhir de  
5 nóiméad

Paisinéir sa Bhuai-uair RN

Iarnród Éadrom Chorcaí 2040

Líne Ghlas Luas Bhaile Átha Cliath 2012

Líne Dhearg Luas Bhaile Átha Cliath 2012



## AM AGUS FAD AISTIR

**27 nóiméad**  
ó Bhaile an  
Chollaigh go Sráid  
Phádraig

**20 nóiméad**  
ó Mahon  
Point go Sráid  
Phádraig

**47 nóiméad**  
ó Bhaile an  
Chollaigh go  
Mahon Point

## GRÉASÁN BUS & FEITHICLÍ

**25 stad**  
fad ar an mbealach.  
Feithicil Iarnróid Éadrom cosúil le flit  
Luas Bhaile Átha Cliath.

**17 km de Ghréasán Iarnróid Éadrom**  
idir Baile an Chollaigh, Lár Chathair  
Chorcaí, Stáisiún an Cheanntaigh,  
Ceantar Dugaí Chorcaí agus  
Mahon Point.

**27 dtam**  
de dhíth le haghaidh  
mhinicíocht 5 nóiméid

## AG NASCADH CATHRACH & BRUACHBHAILE

Ag nascadh le Gréasán Iarnróid  
Éadrom Chorcaí ag Stáisiún an  
Cheanntaigh, agus le gréasán bus  
bruachbhailtigh Chorcaí agus ag cur  
idirmhalartú ar fáil idir seirbhísí  
bus gathacha agus cuara.

**>3,200** paisinéir  
idirmhalartaíonn  
chuig/ó Iarnród Éadrom  
sa bhuai-uair maidine.

## COSTAS MEASTA

Is é costas measta na  
Straitéise ná thart ar  
**€1bn**



# 10 IARNRÓD ÉADROM

Ar na príomhnithe a chuirfidh borradh faoin bhfás i gCorcaigh amach anseo tá: **Córas feabhsaithe iompair phoiblí a fhorbairt ar fud na Cathrach** a chuimseodh, faoi réir tuilleadh anailíse, tograí le haghaidh conaire soir-siar ó Mhachain, trí Lár na Cathrach go Baile an Chollaigh.

An Creat Pleanála Náisiúnta 2040

## Próiseas Forbartha LRT



Staidéar Ailínithe LRT agus Réamhbhealach Bus



An Bealach a Chosaint



Reáchtáil Bhealach Bhus Soir-Siar d'ardmhinicíocht



Cur i gCrích an LRT

Is cuspóir fadtéarmach do Mhórchéantar Uirbeach Chorcaí é go bhforbrófaí conair olliompair mearthaistil soir-siar ann, rud atá curtha in iúl i gcomhplean dar teideal Plean Straitéiseach Cheantar Chorcaí (CASP) agus ag an dá údarás áitiúil i roinnt pleananna forbartha reachtúla agus pleananna ceantair áitiúil.

Le foilsiú an Chreat Náisiúnta Pleanála 2040 (NPF) agus an Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 araon, deimhnítear an gealltanús go scrúdófar cé acu an bhfuil sé indéanta nó nach bhfuil a leithéid de chonair a fhorbairt, agus sin á spreagadh ag an mborradh atá tagtha le déanaí faoi fhorbairtí pleanála agus faoin spéis i suíomhanna tábhachtacha ar feadh na conaire sin.

Tar éis mionanailís a dhéanamh ar an éileamh a mheastar a bheith ar chóras taistil i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí, tá molta sa Straitéis seo gurb é an bealach is fearr le Conair Iompair Soir-Siar a fhíorú ná tramanna a sholáthar mar chuid de chóras nua lompair Iarnróid Éadrom (LRT). Athrú mór atá san anailís sin ó na moltaí a tháinig roimpi inar cuireadh córas iompair bus gasta (BRT) chun cinn, ach is fearr a fhreagraíonn an moladh reatha seo do spriocanna uailmhianacha fáis an Phlean Forbartha Náisiúnta agus don riachtanas go seasfaidh a leithéid de bhealach an aimsir, ar a laghad chomh fada amach leis an mbliain 2040.

Beidh séirbhís bus d'ardmhinicíocht ag teacht roimh an LRT idir Machain agus Baile an Chollaigh. Déanfar é sin a sholáthar sa ghearrthéarma chun tacú le forbairt dlúis níos airde ar an gconair lena n-áirítear athnuachan Dhugaí Chathair Chorcaí.

## Fás Dlúth a Bhaint Amach

Tá an córas LRT ag crollár na straitéise, óir cothóidh sé fás an daonra agus réimsí fostaíochta, sláinte agus oideachais mar a shamhlaítear i gCreat Náisiúnta Pleanála 2040. Is cumasóir bunriachtanach é an córas LRT sa SICCC. Beidh ar an LRT:

- Ceantair forbartha straitéiseacha ina dhobarchéantar féin a scaoileadh lena n-áirítear Dugaí Chathair Chorcaí, Caol Churraichín, Baile an Chollaigh agus Machain;
- Forbairt acmhainn láithreáin amhantair a uasmhéadú;
- Tuilleadh cinnteachta maidir le pleanáil agus forbairt amach anseo a chur ar fáil, chun dul i ndiaidh dlús níos airde atá riachtanach chun teacht le spriocanna daonra agus fostaíochta an CPN le haghaidh Chathair Chorcaí;
- Tacú le leathnú pleanáilte Chólaiste Ollscoile Chorcaí (COC), Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (ITC) agus Ospidéal Ollscoil Chorcaí (OOC).
- Forbairt shaor ó ghluaiseán nó ísealghluaiseáin a chumasú laistigh den dobarchéantar ag teacht le hathruithe úrnua ar an mbeartas atá leagtha amach sa CFN agus sna treoirlínte maidir le hÁrasán Inbhuanaithe;
- Spléachas ar an N40 a laghdú go háirithe, le haghaidh aistear gearr laistigh den Cheantar Cathrach;

Beidh an bealach LRT ag freastal ar raon leathan de cheannphoint móra atá ann anois agus amach anseo lena n-áirítear úsáid mar gheall ar fhostaíocht, institiúid agus miondíol, ag éascú an t-iompú modha ón ngluaiseán príobháideach le haghaidh aistear gearr agus achmainneacht a scaoileadh ar na bóithre

artaíreacha le haghaidh sheirbhísí bus. Beidh nasc ag an LRT leis an stáisiún straitéiseach Páirceála agus Taistil gar do Bhaile an Chollaigh chun aistir traschathracha a laghdú. Leis an LRT, éascófar léibhéil níos airde siúil agus rothaíochta mar chuid d'aistir nasctha le hiompar poiblí agus laghdófar torann agus astaíochtaí a bhaineann le hiompar.

## An Bealach Molta

I bhfianaise na bhfáthanna atá le turais as áiteanna áirithe go dtí áiteanna eile, chomh maith le dáileadh na n-áite sin agus luí na talún thart orthu, agus ag féachaint freisin ar dháileadh na gceantar um dheiseanna forbartha i gCathair Chorcaí agus a cuid bruchbhailte, is inmhianta bealach líneach a bheith idir Baile an Chollaigh agus Machain soir aniar trí Lár Chathair Chorcaí. Ní mór go bhfreastalódh an córas iarnróid éadrom ar na ceantair agus na hionaid seo a leanas:

- Baile an Chollaigh;
- Páirc Eolaíochta agus Nuálaíochta Chorcaí (CSIP) atá molta;
- Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT);
- Ospidéal Ollscoil Chorcaí (CUH);
- Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC);
- Lár Chathair Chorcaí;
- Stáisiún an Cheanntaigh/Ceantar Dugaí Chorcaí Thuaidh;
- Ceantar Dugaí Chorcaí Theas; agus
- Machain.

Ní thabharfar isteach bearta ina n-aonar ach amháin i ndiaidh machnaimh faoin tionchar ar rochtain agus ghluaiseacht fud na Cathrach agus na mbruachbhailte agus





EISEAMLÁIR D'IARNRÓD ÉADROM AG  
ROINN SPÁIS LE GLASBHEALACH AG  
DROICHEAD NA DÚCHARRÁIGE



# Ailíniú an Bhealach Iarnróid Éadrom

## Iarnród Éadrom Beartaithe - Sráid Washington



Rochtain a chur ar fáil chuig Lár na Cathrach

### Acomhal Stáisiún an Cheanntaigh

- Iacomhal le hiarnród idir-uirbeach agus bruachbhailteach
- Droichead nua ó Stáisiún an Cheanntaigh chuig Ceantar Dugaí Theas

Tacú le Forbairt amach anseo ar Cheantar Dugaí Chorcaí

Tacú le Forbairt agus Leathnú an chonair oideachais treasaigh

Tacú le Forbairt amach anseo

Baile an Chollaigh

P&R

Tacú le Forbairt amach anseo

### Páircéail & Taisteal

chun freastal ar thrácht ón N22 ar iarnród éadrom

Páirc Eolaíochta & Nuálaíochta Chorcaí

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Ospidéal na hOllscoile Corcaigh

Halla an Chontae, Corcaigh

Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Sráid Phádraig

Ceantar na nDugaí

CEANTAR NA nDUGAÍ

BAILE AN LOCHA

AN CHARRAIG DHUBH

Iarnród Éadrom beartaithe cchun roinnt leis an nGlasbhealach



Mahon Point

BAILE AN RÓISTIGH

AERFORT CHORCAÍ

## EOCHAIR EOLAIS - EEEOLAS TÁBHACHTACH

Iarnród Éadrom (LRT)

Stad LRT

Stáisiún Páircéala & Taistil

Stáisiún Traenach

Tá gach bealach agus ailíniú tásach agus d'fhéadfaí iad a athrú faoin bpróiseas reachtúil um measúnú scéime.





‘Déanfar measúnú i Straitéis Iompair Chorcaí **ar chonair Mheariompair Bus nó iarnróid Éadrom a d'fhéadfadh freastal ar dhaonra a bhfuil borradh faoi** de réir mar a leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála.’

Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027



EISEAMLÁIR DE CHONAIR BUS AR SHRÁID WASHINGTON SULA GCUIRFÍ IARNRÓD ÉADROM ISTEACH

i gcomhthráth le tabhairt isteach malairtí iomchuí riachtanacha chun freastal ar ghluaisisteachaí tráchta a mbaineann leo. Ní mór ailíniú deiridh an bhealach LRT a shocrú a luaithe agus is féidir sa chaoi go mbeidh sé mar bhonn eolais don athbhreithniú atá le déanamh go luath in 2019 ar Phlean Forbartha Chathair Chorcaí 2019. Is gá an t-ailíniú deiridh a bheith ann le go mbeidh ar ár gcumas an dlús cuí forbartha a mholadh do shuíomhanna ar an mbealach gan coimhlínt a chruthú le tograí forbartha eile atá ag teacht chun cinn.

In éagmais a mhalairt bealaigh, moltar sa CMATS go mbeidh an t-ailíniú díreach le hais ghlasbhealach Sheanlíne an Phasáiste ar an ábhar go seachnóidh sé sin talamh chrochta na scairpe agus na srianta tógála a ghabhfadh léi. Níor cheart go bhféadfadh sé sin áfach nach bhfiosrófaí roghanna eile ailínithe mar chuid de staidéar riachtanach indéantachta. Má thacaíonn an staidéar indéantachta leis an mbealach seo a mholtar, ba cheart gach beart riachtanach a dhéanamh d'fhonn a chinntiú nach mbainfidh an LRT de tharraingteacht an ghlasbhealaigh do choisithe agus do rothaithe agus, mar shampla, go ndéanfaí an cosán atá anois ann a leathnú le go mbeidh dóthain spáis ag daoine dul thar a chéile go compordach.

Beidh ar an údaráis áitiúil ábhartha na bearta cosanta cuí a chur i bhfeidhm ar an mbealach deiridh a aontófar agus an dlús cuí forbartha a chur i bhfeidhm air d'fhonn a chinntiú go mbeidh an bealach inmharthana san fhadtéarma.

#### Stáisiún agus Minicíocht na Seirbhíse

Beidh tuairim is 25 stáisiún ag teastáil chun freastal ar an mbealach ardleibhéil sin idir Baile an Chollaigh agus Pointe Mhachan agus meastar go mairfidh an t-aistear 47 nóiméad ina iomláine.

Beidh na stáisiúin sin ag freastal ar na príomhcheantair forbartha uilig atá ina n-aice anois agus a bheidh ina n-aice amach anseo, faoi mar atá beartaithe. Beifear in ann

cómhaltú ag Stáisiún an Cheanntaigh le seirbhísí iarnróid InterCity agus bhruachbhailtigh agus le seirbhísí molta BusConnects. Moltar go dtógfaí stáisiún tiomanta a d'fhreastalódh ar shaoráid straitéiseach Páirceála agus Taistil taobh thiar de lár Bhaile an Chollaigh agus den Limistéar Fairsingithe Uirbh chun éascaíocht a dhéanamh don lucht comaitéireachta ag teacht isteach ón N22.

Chun freastal ar an éileamh ó phaisinéirí atá á thuar amach go 2040, moltar go mbeidh 27 bhfeithicil tram ar dtús ann agus minicíocht seirbhíse 5 nóiméid eatarthu sa chaoi go n-iomprófaí 4,600 paisinéir in aghaidh na huair, in aghaidh an treo. Agus an leibhéal sin seirbhíse ann, beidh teacht aniar acmhainneachta sa chóras sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, agus is féidir an leibhéal sin a athbhreithniú suas (nó síos) ag brath ar chéim na forbartha.

#### Dearadh an LRT agus ceisteanna eile

Leagtar amach thíos cuid de na dúshláin mhóra atá le tabhairt ó thaobh bonneagair de agus an córas LRT á dhearadh. Ní liosta cuimsitheach é, ach tugtar spléachadh ann ar chuid de na ceisteanna ardleibhéil atá á gcur sa mheá le haghaidh an LRT:

- A mhéad ceangailteachta agus is féidir a chruthú le hionaid ghníomhaíochta atá anois ann agus le ceantair fáis amach anseo ach gréasán áitiúil soiléir bus, rothaíochta agus siúil a sholáthar a mbeidh treochoimharthaíocht sholáite ann. Naisc shábháilte le stáisiúin mholta Páirceála agus Taistil a chur ar fáil do choisithe;
- An oiread deiseanna agus is féidir a thapú chun dlús forbartha níos airde a sholáthar ar ailíniú deiridh an bhealaigh;
- Droichead tiomanta a thógáil thar an Laoi le go mbeidh teacht éasca ó Stáisiún an Cheanntaigh ar Cheantar na nDugaí Theas;
- Oiread deiseanna agus is féidir a thapú chun forbairt saor ó charranna nó ar bheagán carranna a dhéanamh laistigh d'fhad 1km ón gconair;

- An drochthionchar a imríonn cáblaí soláthair cumhachta agus colúin fhriothálacha ar shráid-dreach agus ar réimse poiblí Chathair Chorcaí a chur i dtreis sa chéim is luaithe de dhearadh bhealach agus ailíniú an LRT;
- Na srianta a bhaineann le hathlonnú féideartha seirbhísí faoi thalamh a chur i dtreis, chomh maith leis an tionchar a d'imreodh uiscebhealaí agus íosláigh faoi shráideanna lár na cathrach;
- Gathanna spáis um chasadh ar shráideanna cúnga Chathair Chorcaí a chur i dtreis; agus
- Iosta(i) a thógáil chun tramanna LRT a chur faoi dhíon agus chun bainistíocht agus cothabháil leanúnach a dhéanamh orthu.

#### Cur i gCrich an LRT

Beartaítear an scéim iarnróid éadrom seo a chur i gcrích, faoi réir an chomhdhlúthú forbartha is gá, chun tacú leis an meastóireacht, leis an bpleanáil agus leis an dearadh a dhéanfar i dtreo dheireadh na straitéise chun conair a sholáthar ar a mbeidh líon ard paisinéirí, mar atá leagtha amach sa CFN.


Ba chóir an LRT a chur i gcrích níos luaithe ná sin áfach más amhlaidh go mbainfear amach an dlús cuí forbartha níos túisce ná a cheaptar. Léiríonn amfhráma luath féideartha um sheachadadh an tábhacht a bhaineann le próiseas féidearthachta bealaí a dhéanamh agus é a dhéanamh chomh luath agus is féidir.

#### Reamhsholáthar Busanna

Roimh fhorbairt an LRT, agus chun ceadú le forbairt chomhtháite a thacaíodh lena chur i bhfeidhm, beidh seirbhís bus ardmhinicíochta ag freastal ar an mbealach agus bearta tosaíochta do bhusanna i bhfeidhm ann le go mbainfidh sé leibhéal ard feidhmíochta amach sula n-aistreofar go córas iarnróid éadrom é. Le linn thréimhe luath na Straitése, tá sé i gceist ailíniú don scéim iarnróid éadrom a aithint agus a chosaint, ag ligean do chomhdhlúthú forbartha ar an gconair.



# Suíomhanna Straitéiseacha Táscacha um Pháirceáil agus Thaisteal





# 11 PÁIRCEÁIL

Go ginearálta, níor cheart go mbeadh **aon riachtanas páirceála ann le haghaidh forbairtí nua i lár na gcúig chathrach ná ina bhfoisceacht, agus gan ach riachtanas laghdaithe go mór sna bruachbhailte istigh.**

An Creat Pleanála Náisiúnta 2040

## Páirceáil agus Taisteal

### Córas Straitéiseach Páirceála agus Taistil

Tá sciar mór de thurais fheithicle i gCorcaigh a thosaíonn taobh amuigh de lár na cathrach agus de cheantair fhostaíochta straitéiseacha eile agus a chuireann le plódú tráchta agus a chuireann le truailliú torainn agus aer go háitiúil.

Is éard atá i gceist le Páirceáil agus Taisteal ná saoráidí ardachmhainne páirceála do charranna a lonnaítear in áiteanna atá sonraithe le haghaidh cómhálartaithe idir modhanna iompair phoiblí, sa chaoi go mbeidh teacht uaidh sin ag daoine ar Lár na Cathrach agus ar phríomhchinn scribe eile, bídis ag siúl, ag rothaíocht nó ag taisteal sa chóras iompair phoiblí ardmhinicíochta.

Is féidir le córas Páirceála agus Taistil dul chun tairbhe do Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí ar na bealaí seo a leanas:

- Beocht an gheilleagair a chothú trí rochtain a fheabhsú ar Lár na Cathrach go ginearálta;
- Plódú tráchta a laghdú ar bhealaí gathacha;
- Lár na Cathrach a dhéanamh níos tarraingtí do chuairteoirí agus don lucht siopadóireachta;
- Easnamh acmhainne páirceála i gceantair uirbeacha a réiteach;
- An ceantar ar a fhreastalaíonn an gréasán iompair phoiblí go héifeachtach a mhéadú;
- Daoine a chur ag úsáid iompar poiblí seachas carranna príobháideacha le haghaidh comaitéireachta;
- Teacht ar an gcathair a fheabhsú do dhaoine a chónaíonn ar imeall na cathrach nó i mbruachbhailte isealdlúis; agus
- An líon paisinéirí a úsáideann an gréasán iompair phoiblí a mhéadú oiread agus is féidir.

Is cuid den CMATS é an córas Páirceála agus Taistil toisc go gcuireann sé ar chumas daoine teacht ar an ngréasán iompair phoiblí nuair nach bhfuil an siúl, an rothaíocht ná aistriú busanna oiriúnach chuige sin.

Tá seirbhísí teoranta Páirceála agus Taistil i gCorcaigh faoi láthair ag saoráid na Fuinseoige Duibhe, gar d'acomhal Bhóthar Chionn tSáile, atá ag feidhmiú faoi bhun acmhainne. Moltar roinnt saoráidí straitéiseacha Páirceála agus Taistil a thógáil mar sin chun aghaidh a thabhairt ar na laigí soiléire atá anois ann. Táthar ag súil go mbeidh idir 400 agus 600 spás páirceála sna saoráidí straitéiseacha Páirceála agus Taistil agus beidh gach saoráid nasctha le córas iompair phoiblí ardmhinicíochta ar féidir brath air, lena n-áirítear conair iarnróid bhrúachbhailtigh, BusConnects agus/nó córas iarnróid éadrom.

Beidh gá le gréasán áitiúla siúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán a thacóidh le seirbhísí cómhálartaithe sábháilte ar féidir brath orthu agus le réimsí eile úsáide sna ceantair fhostaíochta agus cónaithe ina n-aice. Moltar na suíomhanna táscacha seo a leanas le haghaidh saoráidí straitéiseacha Páirceála agus Taistil ardachmhainne:

- Dún Citil – ceantar M8 agus N25. Iarnród bruachbhailteach agus BusConnects a thacóidh leis seo;
- Carrs Hill/M28 – seirbhís BusConnects a fhreastalóidh ar cheantar Charraig Uí Leighin agus a d'fhéadfadh freastal freisin ar ionaid chogaisíochta Rinn an Scidigh;
- Aerfort Chorcaí – a fhreastalóidh ar cheantar Chionn tSáile agus ar shuíomhanna áitiúla fostaíochta;

- Timpeallán Bhóthar Dhroichead na Bandan (N40) (BusConnects);
- An Bhlarna/Radharc na Carraige – a thacóidh le trácht ag dul ó dheas ar an M20 agus leis an Limistéar Fairsingithe Uirbhig; agus
- Baile an Chollaigh/Woodberry (iarnród éadrom) – a thacóidh le Limistéar Fairsingithe Uirbhig Mhaigh an Ghiolla Fhinn, lár Bhaile an Chollaigh, fostóirí áitiúla agus an lucht comaitéireachta anoir ón N22.

Is táscach iad na suíomhanna sin thuas agus tá siad fós faoi réir tuilleadh scrúdaithe. I bhformhór na gcásanna, is i gcomhthráth le cur i gcrích an ghréasáin BusConnects a thógfar na saoráidí straitéiseacha Páirceála agus Taistil agus ní mór bearta tosaíochta do bhusanna a bheith curtha i bhfeidhm sula n-osclofar na saoráidí sin.

Sna cásanna uilig, beidh seirbhísí tánaisteacha ar nós áiteanna feithimh faoi dhíon, sólaistí agus cláir eolais fíor-ama á gcur ar fáil sna saoráidí straitéiseacha Páirceála agus Taistil/Iarnróid. Le linn gach ceann de na saoráidí sin a dhearadh agus a fhorbairt, cuirfear san áireamh an seans go soláthrófar pointí luchtaithe leictirigh i gcomhar carranna ar luasanna éagsúla luchtaithe, rud a thacóidh leis an aistriú i dtreo fheithicilí astaíochtaí ísle agus rothair leictreacha.

## Moil Áitiúla Réthaistil

I dteannta na saoráidí straitéiseacha Páirceála agus Taistil, beidh roinnt saoráidí beaga áitiúla Páirceála agus Taistil ann ar a dtugtar, uaireanta, 'moil réthaistil' agus cathracha na hEorpa á bplé.

D'fhéadfaí carrchlóis ar leibhéal na sráide nó cinn ilstóracha atá ann cheana féin a thiontú go foirmiúil ina moil áitiúla réthaistil in áiteanna mar an tOileán Beag, Machain, Bóthar Pholl an Duibh, Bóthar Charraig Ruacháin agus an Linn Dubh. D'fhéadfadh na moil sin a bheith ina gcarchlóis ilstóracha nó ina gcarchlóis íoslaigh i gcásanna áirithe.

Mar bhonn tacaíochta do na moil réthaistil, is éard a bheadh ann de ghnáth ná seirbhísí iompair phoiblí ardmhinicíochta agus gréasáin ardchaighdeán siúil agus rothaíochta faoi fhad 500-600m díobh, chomh maith le saoráidí forlionsa, lena n-áirítear stadanna iompair phoiblí, áiseanna páirceála ardachmhainne do rothair, córais roinnte rothar, spásanna páirceála do charranna iad, spásanna páirceála dóibh siúd a bhíonn ag roinnt carranna, saoráidí luchtaithe leictreacha do charranna agus pointí fágála/bailithe tacsáí. De ghnáth tugann moil shoghluaiseachta áitiúla tacaíocht do pháirceáil chónaithe níos ísle ó na ceantair fhorbartha nua ach d'fhéadfadh siad tacú le páirceáil cheannphointe teoranta i gceantair ina bhfuil athfheidhmiú déanta maidir le páirceáil sráide chun tacú le hiompar poiblí nó feabhsúcháin don réimse poiblí áitiúil.

Ba cheart suíomhanna sonracha na mol réthaistil agus an acmhainneacht a d'oireadh dóibh a shocrú i bPlean Ceantair Áitiúil nó tríd an bpróiseas Máistirpleanála.

### Inmharthanacht an Chóras Páirceála agus Taistil

Beidh na saoráidí straitéiseacha Páirceála agus Taistil agus na moil réthaistil á gcur i bhfeidhm de réir a chéile agus laghdú á dhéanamh ag an am céanna ar an líon spásanna páirceála sráide i Lár Chathair Chorcaí agus i lár bhailte an mhórchéantair. Sa chaoi go mbeidh an córas Páirceála agus Taistil agus na moil réthaistil inmharthana san fhadtéarma, ba cheart go smaoinodh an dá údarás áitiúil ag an gcéim is luaithe ar fad den phróiseas iarratais planála ar chomhaontuithe a dhéanamh a chuirfeadh

spásanna ar leataobh d'fhorbróirí foirgnimh i lár na cathrach agus i mbailte an mhórchéantair, mar shampla óstáin, blocanna oifige, saoráidí oideachais agus ceantair nua cónaithe. Má chuirtear a leithéid de saoráidí roinnte páirceála ar fáil, laghdófar go mór tógáil talún agus costais fhorbartha saoráidí aonair um páirceáil eas-sráide. Tá fianaise ann go bhfeidhmíonn na saoráidí roinnte páirceála sin go héifeachtach chun tosaíocht a thabhairt do mhodhanna iompair inbhuanaithe le haghaidh turas gearr.

I dteannta na mol réthaistil agus na saoráidí Páirceála agus Taistil, cuirfear struchtúr cuimsitheach bainistíochta ar pháirceáil sráide i bhfeidhm i gceantair chónaithe taobh amuigh de na ceantair pháirceála rialaithe. Beidh an dá údarás áitiúil in ann cleachtais páirceála eas-sráide níos sríanta a chur i bhfeidhm ina bPleananna Forbartha agus ina gcreata áitiúla planála faoi seach. Chaithfeadh saoráidí Páirceála agus Taistil a bheith oscailte le linn uaireanta seachbhuaice chun tuilleadh páirceála a chur ar fáil nuair a bhíonn imeachtaí spóirt agus féilte ar siúl, agus chuirfí tuilleadh seirbhísí áitiúla bus agus cóiste ar fáil le daoine a thabhairt go díreach chuig na himreachtaí sin. Beidh tuilleadh deiseanna chun barr acmhainne na saoráidí sin a bhaint amach fós le sonrú sna plananna a bhaineann le forbairtí nua cónaithe dála Phleananna Taistil chun na hOibre, Pleananna Taistil chun na Scoile agus Pleananna Réthaistil agus Rochtana.

### Bainistíocht Páirceála

Imríonn fáil agus praghas na páirceála tionchar mór ar a tharraingtí a mheastar an carr príobháideach a bheith i gcomparáid le roghanna iompair inbhuanaithe agus, dá bhar sin, is féidir úsáid sháraitheachtach a bhaint astu mar uirlis bainistíochta éilimh. Tá rialuithe praghsála, soláthair agus forfheidhmithe i measc na mbeart bainistíochta páirceála is féidir a bheith ann. Is féidir srianadh páirceála a chur i bhfeidhm freisin mar bheart fioscach in éineacht le bearta planála talamhúsáide.

### Saoráidí Páirceála d'Fhorbairtí Nua

Leagtar amach thíos an cur chuige páirceála a mholtar le haghaidh forbairtí nua:

- Talamhúsáid tithíochta ard-dlúis agus cineálacha úsáide a gheannann an-chuid turas, amhail úsáid le haghaidh fostaíochta agus siopadóireachta, a chur i dtreo ceantar a bhfuil seirbhísí iompair ardmhinicíochta ag freastal orthu cheana féin nó a mbeidh na seirbhísí sin ag freastal orthu amach anseo;
- Caighdeán maidir le huasmhéid páirceála a shocrú ar fud Mhorchéantair Uirbeach Chorcaí agus teacht ar an ngréasán iompair phoiblí agus/nó teacht ar sheirbhísí áitiúla amhail oideachas agus fostaíocht a chur san áireamh; agus
- Caighdeán a shocrú go mbeidh ceantair fhorbartha saor ó charranna nó ar bheagán carranna má bhíonn siad laistigh d'fhad siúil 800m ó Lár Chathair Chorcaí agus/nó ón ngréasán iompair phoiblí ardchaighdeán.

Is minice ná riamh go mbíonn úsáid á baint as forbairt saor ó charranna nó ar bheagán carranna chun forbairt ard-dlúis a éascú agus tosaíocht a thabhairt do mhodhanna inbhuanaithe iompair. De ghnáth, bíonn ar dhaoine a bhogann isteach i bhforbairt nua cur isteach ar chead páirceála sráide d'fhonn an brú áitiúil páirceála a mhaolú.

Cuirtear áiseanna agus dreasachtaí áirithe ar fáil is féidir a úsáid mar rogha eile in áit carranna príobháideacha amhail ballraíocht ar chlubanna roinnte carranna agus bána páirceála lena n-aghaidh, cártaí iompair phoiblí agus, níos minice ná riamh, ballraíocht ar scéimeanna roinnte rothair agus saoráidí lena n-aghaidh.

### Páirceáil Sráide

Laghdófar de réir a chéile thar shaolré na Straitéise an méid páirceála sráide a bheidh ar fáil i lár na cathrach agus bailte an mhórchéantair d'fhonn slí a dhéanamh do réimse leathan beart um iompar inbhuanaithe, lena n-áirítear tosaíocht do bhusanna, leataobhanna, saoráidí crosaire níos sábháilte, áiteanna suí, lánai rothair in



aghaidh an tsrutha, scéimeanna roinnte rothair agus áiseanna páirceála rothair. Bainfear úsáid nua as tuilleadh spásanna sráide chun tacú le scéimeanna bainistíochta tuithe agus le haghaidh feabhsuithe ar an réimse poiblí amhail crainn sráide, cosáin leathana agus saoráidí fóillíochta.

Nuair a chuirfear páirceáil sráide ar fáil chun tacú le geilleagar lár na mbailte, leagfar béim ar mhearaistriú seilbhe na spásanna sin ionas go mbeidh spásanna ar fáil do ghnólaigh a bhraitheann orthu.

Dhá chuspóir a bheidh i gceist sna ceantair chónaithe: go gcuirfí in aghaidh páirceála don lucht comaitéireachta, óir cuireann sé sin le strus páirceála agus le nósanna páirceála nach bhfuil sábháilte (páirceáil díreach taobh amuigh de cheantair inar gá íoc aisti), agus go dtabharfaí rogha do dhaoine dul i dtuilleamaí mhodhanna eile iompair sa chaoi nár ghá carranna príobháideacha a bheith acu, rud a chruthódh tuilleadh spáis ar chollbha an chosáin.

Tá córas íochta páirceála i bhfeidhm ag Comhairle Cathrach Chorcaí chun íoc as páirceáil sráide. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar fháil agus ar phraghsáil an pháirceáil sráide i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí ag an am céanna le feidhmiú an CMATS i dtreo is go gcuirfí isteach córas a bheadh níos cliste, níos fusa le húsáid agus a dhéanfadh éascaíocht níos fearr do mhearaistriú seilbhe na spásanna.

Seo a leanas an cur chuige a mholtar le haghaidh pháirceáil sráide:

- Athbhreithnithe cuimsitheacha a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar an méid spáis atá ar chollbha an chosáin i lár bailte chun tuisctint a fháil ar an gcaoi a mbítear ag úsáid an spáis agus sin a mheas de réir na riachtanas atá anois ann agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear riachtanais an chóras bus agus iarnróid éadroim;
- Córais chliste um praghsáil páirceála atá bunaithe ar fheidhmíocht a chur i bhfeidhm i lár bailte chun a chinntiú go mbainfear

úsáid éifeachtúil as spásanna páirceála ach go mbeidh fáil éasca orthu ag an lucht siopadóireachta agus ag daoine eile nach comaitéirí iad. Ba cheart praghsanna a shocrú sa dóigh is go sroichfí uasráta áitiúchá 85%, rud a laghdódh an líon feithiclí a bhíonn ag cuardach spásanna, plódú tráchta agus astaíochtaí dá réir;

- Ceantair pháirceála rialaithe a leathnú amach ar fud Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí chun spásanna páirceála a shábháil do chónaitheoirí, aghaidh a thabhairt ar an bpáirceáil mhídhleathach agus an pháirceáil comaitéireachta agus cineálacha eile fadpháirceála a dhíspreagadh. Cuimhneamh ar mhéaduithe a thabhairt isteach de réir a chéile ar phraghsa cheadanna páirceála, go háirithe i gceantair ina bhfuil teacht éasca ar roghanna páirceála eas-sráide; agus
- Rogha a thabhairt do dhaoine dul i dtuilleamaí mhodhanna eile iompair sa chaoi nár ghá carranna príobháideacha a bheith acu, lena n-áirítear bána páirceála sráide a bheadh ceaptha le haghaidh carranna ar le club roinnte carranna iad, córais roinnte rothair agus bearta eile dá leithéid.

### Páirceáil Eas-sráide

Is é an príomhchuspóir atá leis na bearta páirceála eas-sráide ná tuilleadh spáis a chruthú ar chollbha an chosáin i lár na cathrach agus na mbailte agus tacaíocht a thabhairt do chóras iompair poiblí inmharthana. Seo a leanas an cur chuige:


- Gréasán shaoráidí straitéiseacha Páirceála agus Taistil ar saoráidí ardacmhainne agus fadchuirte iad a chur i bhfeidhm le hais na bpríomhbhóithre isteach sa chathair a mbeidh seirbhísí cuí ardmhinicíochta bus agus iarnróid éadroim ag freastal orthu chomh maith le gréasáin siúil agus rothaíochta;
- Breithniú a dhéanamh ar an gceist go gcuirfí saoráidí beaga áitiúla Páirceála agus Taistil (moil réthaistil) ar fáil i gceantair a mbeidh gréasáin siúil,

rothaíochta agus iompair poiblí ag freastal orthu, faoi mar atá molta;

- Táillí páirceála a thabhairt isteach in ionaid siopadóireachta ar imeall baile chun an plódú áitiúil tráchta a bhaineann leis na forbairtí sin a laghdú;
- Breithniú a dhéanamh ar an gceist go ngearraí tobhach páirceála san ionad oibre a d'infháldh maoiniú chun córas meariompair poiblí a sholáthar, faoi mar a rinneadh i Nottingham le haghaidh a gcóras iarnróid éadroim ansiúd; agus
- Spásanna páirceála a laghdú de réir a chéile san fhadtéarma trí Phleananna Taistil chun na hOibre a úsáid a bheidh spriocbhunaithe agus éigeantach i gcás forbairtí nua, agus trí phleanáil taistil cheantarbhunaithe a úsáid i gcás brailí d'ionaid oideachais agus fostaíochta atá ann cheana féin.











# 12 IDIRMHALARTÚ IOMPAIR PHOIBLÍ & COMHTHÁTHÚ

Cuirfidh An Plean Forbartha Náisiúnta gréasán iompair phoiblí ar fáil a **sholáthróidh pointí achomail ardchaighdeán do phaisinéirí, a éascóidh aistriú áisiúil idir na seirbhísí éifeachtúla agus comhtháite iompair phoiblí.**

An Plean Forbartha Náisiúnta 2040

Caithfear bonneagar iompair nua-aimseartha a bheith tacaíthe le gréasán éifeachtúil, comhtháite agus iomchuí de sheirbhísí iompair. Maidir le hiompar poiblí go háirithe, tá ar an ngréasán:

- Clúdach cuí an réigiúin a chur ar fáil;
- Deiseanna aistrithe idir modhanna agus seirbhísí a mhéadú;
- Rochtain thapa agus áisiúil a chur ar fáil chuig na ceannphointí móra taistil ar fud an réigiúin;
- Sothuigthe do phaisinéirí áitiúla agus do phaisinéirí ar cuairt araon;
- Achair aistir iontaofa agus intuartha a chur ar fáil;
- Taillí simplí, réasúnta a ghearradh a éascaíonn aistriú idir seirbhís gan pionós nach gá;
- Córais íocaíochta gan airgead tirim atá éasca le húsáid a chur ar fáil, sa chás go bhfuil sé indéanta;
- Eolas cuimsitheach a chur ar fáil, le linn an aistir agus roimh an aistear araon; agus
- Aistir chompordacha agus áisiúla a chur ar fáil d'uasmhéid paisinéirí.

## Acomhail

Tá acomhail idir modhanna agus iompar poiblí (PT) riachtanach le haghaidh rath na Straitéise. Tabharfaidh acomhail deis do leathnú chumhdach an iompair phoiblí, ag éascú rochtana feabhsaithe ar cheannphointí móra.

Cuireann an gréasán iompair phoiblí atá beartaithe feabhsúcháin shuntasacha ar fáil do na hacomhail idir modhanna agus seirbhísí leis na pointí seo a leanas:

- Seirbhísí cuara ag cómhálartú le seirbhísí gathacha;
- Seirbhísí bus ag cómhálartú le seirbhísí iarnróid throm agus éadrom;
- Modhanna gníomhacha ag cómhálartú le seirbhísí PT; agus
- Gluaisteáin ag cómhálartú le seirbhísí PT de réir P&R.

## Stadanna agus Scáthláin

Is gnéithe tábhachtacha iad dearadh agus suíomh na stadanna iarnróid éadroim agus bus, na scáthlái agus na gcóras faisnéise a ghabhann le córas iompair phoiblí éifeachtúil. Tá sé beartaithe go mbeadh:

- An dearadh céanna ag na príomhstadanna, go háirithe stadanna gnóthacha nó suíomhanna acomhail;
- Scáthlái ar fáil ag na príomhstadanna nó stadanna gnóthacha;

- Comharthaí eolais cuimsitheacha curtha ar fáil ag na príomhstadanna ar na Príomhbhealaí Cuara agus Gathacha lena n-áirítear seirbhís eolais fíor-ama;
- Stíl chaighdeánaithe don chomhartha, don chuaille agus don phainéal eolais bus ag na stadanna go léir sa CMA lena n-áirítear na stadanna nach bhfuil chomh gnóthach agus go mbeidh brandáil agus stíl chaighdeánaithe in úsáid ar fud an CMA; agus
- Cuailí ag stadanna busanna cuíchóirithe agus comhroinnt ag stadanna bus in aice láimhe idir oibreoirí.

## Suíomhanna Acomhail

- Ag na príomhshuíomhanna acomhail, tá dearadh an stad, an scáthlái agus na bpainéal eolais tábhachtach. Is iad seo a leanas na riachtanais do na hacomhail:
- Ní mór a aimsiú go bhfuil úsáideoir ag an suíomh acomhail;
- Ní mór coincheap an iompair idir na bealaí a neartú mar chuid de na tograí greasáin nua;
- Ní mór turais siúil idir na stadanna ag achomail a threorú;
- Ní mór brandáil agus libhré leanúnach a chur ar fáil le haghaidh sholáiteacht achomhail; agus
- Ní mór an difríocht idir stadanna acomhail agus stadanna neamhachomhail a idirdhealú.





### Ticéadú Comhtháite

Cuireann ticéadú comhtháite agus teicneolaíocht an chárta chliste bealach áisiúil ar fáil chun táillí iompair poiblí a íoc. Ligeann ticéadú cárta chliste do struchtúir fhreagrúla táille a chur i bhfeidhm chun úsáid a dhéanamh níos simplí agus chun luach níos fearr ar airgead a chur ar fáil. Cuireann Leap lascaí suntasacha ar fáil ar tháillí airgid agus éascaíonn Leap uasteorannú laethúil agus seachtainiúil.

Is é ceann de na spriocanna atá ag CMATS ná gréasán iompair comhtháite atá idirnasctha chun ligean do dhaoine agus d'earraí gluaiseacht go héifeachtúil ar fud an CMA agus chun rochtain a sholáthar ar éagsúlacht modhanna do dhaoine. Cabhróidh cur chun cinn Leap i gCorcaigh le paisinéirí nua agus reatha a chur ar an eolas maidir leis na buntáistí a bhaineann le húsáid Leap.

Tá deiseanna ann thar shaolré na Scéime an réimse roghanna íocaíochta agus beart ticéadaithe a leathnú amach, chun na forbairtí is déanaí sa teicneolaíocht ticéadaithe bunaithe ar chuntais a thabhairt le chéile, d'fhéadfaí úsáid cártaí creidmheasa / dochair nó gléasanna móibíleacha mar mhodhanna áisiúla íocaíochta a cheadú. Ceadóidh sé seo comtháthú le híocaíochtaí iompair eile ar nós áiseanna pairceála agus rothair ar cíos.

### Taillí Iompair Poiblí

Chun a chinntiú go bhfuil na táillí iompair poiblí tarraingteach agus soiléir do chustaiméirí, ní mór go mbeadh, de réir phrionsabal leathan na dtáillí iompair, córas atá:

- Éasca le húsáid agus le tuiscint;
- Comhtháite go réigiúnach;
- Deartha chun dreasachtaí praghaís le húsáid níos minicí a chur ar fáil; agus
- Le praghasanna ar chostas inacmhainne chun iompar poiblí a dhéanamh níos tarraingtí ná gluaisteán príobháideach.

Leanfar leis na feabhsúcháin leanúnacha ar tháillí iompair poiblí atá á gcur i bhfeidhm ag an NTA le linn fhad an CMATS. Déanfar athbhreithniú ar struchtúr na dtáillí chun a chinntiú go bhfuil na gréasáin CMATS go léir ag fáil tacaíochta ar bhealach atá ag spreagadh úsáid mhéadaithe iompair poiblí agus a sholáthraíonn aisghabháil costais iomchuí. Tá sé beartaithe go mbeidh struchtúr táillí simplithe curtha i bhfeidhm sa CMA, d'fhéadfadh táille comhréidh nó córas táillí bunaithe ar shaincheantair a bheith ann, a ligfeadh ilaistir ar mhodhanna éagsúla in aon táille amháin.

### Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí

Cuireann na tacsaithe seirbhís iompair thábhachtach ar fáil le haistir ó dhoras go doras agus is féidir leo cur leis an ngréasán iompair poiblí. Le tacsaithe is féidir aistir aon uaire a dhéanamh ina iomlán agus is deacair soláthar do na haistir seo go héifeachtúil ar mhodhanna eile. Ag cinntiú go bhfuil cúram ann do na hoibriúcháin tacsáí le soláthar, mar shampla, áiteanna feithimh iomchuí a chur ar fáil ag árais ceann aistir iompair poiblí.

Le húsáid mhéadaithe fón cliste a chuireann seirbhísí tacsáí fíor-ama ar fáil sna haipeanna, is dócha go mbeidh tuilleadh spás ar fáil ar chobhla an chosáin ar fáil ní bheidh an gá céanna ann le háiteanna feithimh mar a bhíodh roimhe sin.

Cuirfear chun tosaigh dea-chleachtas i mbainistíocht éifeachtúil chobhla an chosáin mar shampla - dé-úsáid na mbánna seachadta agus tacsaithe le srianta ama -chun tacú leis an eacnamíocht ama i rith an lae agus i rith na hoíche araon de réir mar is cuí. I measc na dtósaíochtaí eile a bhaineann le feithiclí beaga seirbhíse poiblí tá:

- Iompú na dtacsaithe go feithiclí astaíochta isle a dhreasú;
- Deimhin a dhéanamh de go bhfuil flit iomlán na dtacsaithe agus hacnaithe oiriúnach do chathaoireacha rothaí le linn thréimshe an Phlean;
- Comtháthú na bhfeithiclí beaga seirbhíse poiblí a fheabhsú sa ghréasán iompair poiblí iomlán le soláthar deiseanna aomhail agus eolas níos fearr; agus
- Soláthar seirbhísí hacnaí áitiúla a spreagadh i gceantair nach mbíonn seirbhísí tacsáí ná hacnaí ar fáil iontu de ghnáth.







**50 km**  
d'fheabhsúcháin  
ar an nGréasán  
Bóithre Náisiúnta



Uasghrádú ar  
Acomhal Dhún Cítíl  
críochnaithe faoi  
**2022**



**M28**  
Corcaigh - Rinn an  
Scidígh críochnaithe  
**2028**



**N27**  
Aerfort Chorcaí  
Conair thiomnaithe  
iompair phoiblí



Cuarbhóthar  
Chorcaí Thuaidh  
**2035**



**N40**  
Bainistíocht  
ar Éileamh  
chun acmhainn  
a choimeád



**70 km**  
d'fheabhsúcháin ar  
Bhóithre Réigiúnacha





Bóthar  
**Dáileacháin  
Thuaidh &  
Theas**  
nua ilmhodhach



**Srianta**  
HGVannai  
gCathair Chorcaí



**Bóithre**  
Réigiúnacha & Dáileacháin chun  
feidhm ilmhodhach a chur ar fáil



**Straitéis  
Gluaiseachta**  
Lár na Cathrach



Feabhsúcháin  
**Inrochtana**  
ar cheantar Dhugáí Chorcaí



**ITS & UTC**  
Córais Iompair Chliste &  
Feabhsúcháin ar Smacht  
ar Thrácht Uirbeach



Is é costas measta na  
Straitéise ná thart ar  
**€1.39bn**







# 13 BÓITHRE

**Tá ról tábhachtach ag bóithre náisiúnta i gcóras iompair na hÉireann ar an iomlán agus i bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus fhisiciúil na tíre.**

Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta.

Tá gréasán fairsing de bhóithre agus shráideanna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ag Ceantar Cathrach Chorcaí. Áiríonn an gréasán bóithre ní hamháin an carrbhealach féin ach bonneagar mórbhealaí eile lena n-áirítear droichid, Tollán Sheáin Uí Loingsigh, cosáin, cuaillí eolais, marcanna, soilsí tráchta agus córais sofaistiúla um bainistíocht tráchta. Tá na bóithre sa ghréasán, go háirithe laistigh de cheantair uirbeacha Chorcaí, ina spásanna poiblí astu féin, ag cur fócais ar fáil do ghníomhaíocht eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha.

Mar an gcéad thosaíocht d' infheistíocht bóithre na Straitéise tá cothabháil, athnuachan, bainistíocht agus oibriú an bhonneagar bóithre reatha a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla. Léiríonn tósaíochtaí eile an gá chun taisteal ilmhodhach a chur ar fáil go háirithe ar bhóithre nua sna ceantair uirbeacha; Na feidhmeanna cónaithe agus comhfhobartha áite a mhéadú sa ghréasán bóithre uirbeacha; agus bainistíocht a dhéanamh ar an ngréasán chun cur i gcoinne tréthrachta sna ceantair fhoirgnithe.

Molann CMATS líon áirithe tionscadal nua bunaithe ar bhóithre atá de dhíth chun gluaiseacht inbhuanaithe daoine, earraí agus seirbhísí a éascú agus chun cur le haidhmeanna iompair phoiblí, siúlóide, rothaíochta agus bainistíochta tráchta. Áiríonn sé seo nasc nua soir-siar ar an taobh thuaidh de chathair Chorcaí sa gearrthéarma go meánthéarma atá de dhíth chun gluaiseachtaí busanna cuara agus taistil ghníomhaigh a éascú agus chun trácht na HGVanna agus na bhfeithiclí príobháideacha a laghdú trí lár na cathrach agus trí Chuarbhóthar Theas N40.

## Cur Chuige Malartach i dtreo Taistil Bunaithe ar Ghluaisteáin

Leanfaidh gréasán bóithre de chuid an CMA ag iompar líon suntasach aistear idir daoine agus earraí. Le cineál na bpátrún taistil reatha i gCorcaigh, caithfear bheith cúramach le soláthar aon acmhainn nua bóthair go mbeidh cothromaíocht ann idir cur ar chumas an CMA a fás féideartha a bhaint amach agus a chinntiú nach dtarraingeoidh acmhainn bhreise bóithre aistir i ngluaisteán phríobháideach amháin.

Ag teacht leis an aidhm mar atá Fás Dlíth an NPF, tá CMATS ag iarraidh na tósaíochtaí forbartha straitéise maidir le dáileadh phátrúin lonnaithe níos dlúithe a dhéanamh bunaithe ar chomhtháthú éifeachtúil idir iompar agus talamhúsáid a chinntiú trí sheachadadh Forbartha Bunaithe ar Iompar Poiblí (PTOD). Cuirfidh sé seo cás inbhuanaithe eacnamaíoch, timpeallachta agus sóisialta ar fáil i gcomhair iompair phoiblí iontaofa, scagach, bealaí sábháilte siúil agus rothaíochta d'ardchaighdeán agus réimse poiblí dírithe ar dhaoine.

Léiríonn an cur chuige seo athrú mór ó na modhanna traidisiúnta pleánála iompair a bhíodh ann sna blianta roimhe, nuair a bhí an-tábhacht ag baint le soláthar acmhainn nua bóthair do ghluaisteáin phríobháideacha.

In ionad sin tugann CMATS tús áite do sholáthar iompair phoiblí iontaofa agus éifeachtúil agus bealaí siúil agus rothaíochta feabhsaithe chun an gá le taisteal i ngluaisteáin a laghdú.

Caithfear feabhsúcháin ar na gréasáin iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh,

mar atá leagtha amach sna caibidlí luaithe, a chur chun tosaigh chun fás dlúth a bhaint amach. Caithfear seo bheith tacaíthe le roghanna cuí maidir le talamhúsáid ag léibhéal údaráis áitiúil a uasmhéadaíonn na deiseanna inbhuanaithe taistil agus a threoraíonn forbairt amach anseo ar acmhainn reatha nó phleánáilte na gconairí iompair phoiblí.

## Forbairt an Ghréasán Bóithre chun Tacú le Taisteal Inbhuanaithe

Cuireann an gréasán bóithre poiblí nasc iompair thábhachtacha ar fáil idir príomhionaid daonra agus fostaíochta na tíre, lena n-áirítear príomhthairseacha idirnáisiúnta ar nós na gcalafort agus aerfort, agus cuireann sé rochtain ar fáil idir na réigiúin go léir.

I gCorcaigh tacaíonn an gréasán bóithre straitéiseacha le haistriú earraí agus seirbhísí riachtanacha lena n-áirítear iompar poiblí, gluaiseachtaí lastais agus lóistíochta go margaí agus cuireann sé rochtain dhíreach ar fáil chuig Port Chorcaí atá athlonnaithe i Rinn an Scidigh agus Aerfort Idirnáisiúnta Chorcaí. Déanfar rochtain áitiúil ar an ngréasán straitéiseach a bhainistiú agus a dhíspreagadh chun aistir áitiúla a íoslaghdú.

Chun an fás inbhuanaithe atá tuartha do Chorcaigh a bhaint amach, caithfidh tuilleadh siúil agus rothaíochta ar an ngréasán sráideanna a éascú. Caithfear tús áite a thabhairt do ghluaiseacht busanna ar na bealaí artaireacha.

Laistigh de Lár Cathrach Chorcaí, na hionaid chathartha agus na comharsanachtaí istigh, beidh feidhm áite níos láidre ag na sráideanna agus beidh gá le níos mó béime ar an gceist chónaithe, ar shrianta mótarthrachta agus ar mhoilliú tráchta. Beidh gá le bóithre nua i gcásanna áirithe chun forbairt tithíochta agus tráchtála a nochtadh agus chun tacú le rochtain áitiúil sna ceantair fáis atá pleanáilte. Beidh forbairtí nua, mar sin, ag fáil seirbhíse ón iompar poiblí reatha agus/ nó pleanáilte agus iad deartha chun nascacht le gréasáin agus seirbhísí áitiúla a uasmhéadú.

Mar a phléitear i gCaibidil 11, cuirfear gréasán d'áiseanna straitéiseacha Páircála agus Taistil ar fáil chun an tionchar ar an ngréasán bóithre artaireacha agus ar na comharsanachtaí cathartha a íoslaghdú agus chun comaitéirí agus siopadóirí a mhealladh chun páircála fadchuirte.

### Prionsabail i gcomhair Sholáthar Bóithre Nua laistigh de Cheantar Cathrach Chorcaí

Déantar iarracht leis na hathruithe deireanacha ar an mbeartas iompair náisiúnta méadú suntasach a bhaint amach ar úsáid iompair poiblí, rothaíochta agus siúil agus laghdú a dhéanamh ar thaisteal i ngluaisteáin phríobháideacha. Chun na haidhmeanna seo a iompú chun léibhéil CMATS, cuirfear i bhfeidhm na prionsabail seo a leanas;

- Déanfar scéimeanna nua bóithre a fhorbairt ar aon dul leis na prionsabail Fás Cliste, Dhíúth, mar atá leagtha amach in NSO1 (Fás Díúth) an NPF;
- Cuirfidh na scéimeanna nua bóithre le tacú na n-aidheamma CMATS maidir le hacmhainn agus nascacht iompair inbhuanaithe a bharrfheabhsú;
- Leis na bóithre nua nach bhfuil ina mbóithre náisiúnta, ba chóir go gcinnteofaí go bhfuil acmhainn agus

sábháilteach straitéiseacha na mBóithre Náisiúnta maidir le trácht straitéiseach ann ag teacht le NSO2 (Rochtain Réigiúnach Bharrfheabhsaithe) den NPF trí mhalairt slí a thabhairt do thrácht áitiúil chuig na bealaí cuí;

- Seachas na tograí mótarbhealaigh agus luasbhóithre; déanfar na scéimeanna nua bóithre go léir a dhearadh chun socruithe sábháilte agus cuí a chur ar fáil a éascóidh siúl, rothaíocht agus soláthar iompair poiblí; agus
- Maidir leis na scéimeanna bóithre nua, caithfear a léiriú nach bhfuil réitigh mhalartacha, cosúil le soláthar iompair poiblí, bainistíocht tráchta ná bearta um bainistíocht éilimh, in ann dul i ngleic go héifeachtúil agus go sásúil leis na himthoscaí atá ann don togra bóthair nó nach bhfuil siad bainteach ná cuí.

### Riachtanais an Ghréasán Bóithre Náisiúnta

Leis seo a leanas leagtar amach riachtanais phleanála agus fhorbartha na mBóithre Náisiúnta sa CMA i gcomhthéacs tacú le haidhmeanna iompair inbhuanaithe CMATS agus ag teacht go hiomlán leis na sainmhínithe agus na prionsabail atá leagtha amach i bPleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta an Rialtais:

- Is é príomhaidhm na mBóithre Náisiúnta ná freastal ar thrácht straitéiseach;
- Is ionann Trácht Straitéiseach, i gcomhthéacs na mbóithre náisiúnta, go príomha agus mórthrácht idir-uirbeach agus idir-réigiúnach, cé acu HGVanna, gluaisteáin, seirbhísí iompair poiblí busanna nó feithiclí seirbhíse poiblí eile, a chuireann le forbairt soch-eacnamíoch, iompar earraí agus táirgí, go háirithe trácht ó/chuig na príomhchalaoirt agus aerfoirt, a bhaineann le lastas agus paisinéirí araon;

- Níor cheart feidhmeanna tánaisteacha áitiúla a spreagadh, ná pleananna a dhéanamh dóibh, ar Bhóithre Náisiúnta sa CMA;
- Níl na Bóithre Náisiúnta le bheith forbartha, ná pleanáilte, chun tacú leis an leathnú amach uirbeach leanúnach atá ann le criosú talamhúsáide tithíochta in aice nó ar chonairí Bóithre Náisiúnta;
- Cuirfear conairí dlútha inbhuanaithe agus bunaithe ar iompar poiblí chun tosaigh le haghaidh criosaithe;
- Cuirfear suas le trácht tánaisteach áitiúil ar na Bóithre Náisiúnta sa mhéid is mbeidh tionchar aige ar an bhfeidhm phríomha, sé sin freastal ar thrácht straitéiseach; agus
- Má chuireann feidhmeanna tánaisteacha isteach ar phríomhfeidhm na mBóithre Náisiúnta, úsáidfear na bearta bainistíochta éilimh chun an tionchar seo a laghdú.

### Bearta Molta don Ghréasán Bóithre Náisiúnta

Laistigh de Cheantar Cathrach Chorcaí, beidh béim ar chothabháil na hinfheistíochta atá déanta cheana, chun na sócmhainní bóithre náisiúnta a chosaint agus chun iad a choinneáil sábháilte agus oiriúnach don fheidhm le cleachtais chuí um bhainistíocht conairí. Bainteach leis seo, agus chun plódú a laghdú ar an N40 atá tábhachtach go straitéiseach agus ar na bealaí náisiúnta eile sa Cheantar Cathrach Iasmuigh, tá gá le laghdú ar spleáchas gluaisteán i gcomhair aistear cuar.

Cuireann cineál leathan forbartha agus dáileadh leathan fostaíochta sa cheantar Cathrach dúshlán ar leith roimh sholáthar roghanna malartacha in ionad gluaisteán príobháideach.







Le soláthar roghanna iompair phoiblí d'ardchaighdeán a bhaineann le taisteal comhlántach a thabhairt isteach tagann éileamh ar bhearta bainistíochta, cosúil le srianta páirceála, méadrú rampa agus b'fhéidir córas dola ilphointe, chun freastal ar an éileamh ar thaisteal cathrach faoi láthair agus amach anseo.

Beidh an cur chuige cónasctha seo ann chun dul in aghaidh úsáid mhí-chuí an ghréasán bóithre náisiúnta ag gluaisteáin, chun tarraingteacht roghanna iompair poiblí a mhéadú agus chun infhéistíocht i bhfeabhsúcháin iompair phoiblí a dhéanamh níos inmhathanaí thaobh airgid. Gan idirghabhálacha mar seo, fanfaidh úsáid gluaisteán sa CMA ag léibhéal ard agus seans go leanfaidh an plódú ag méadú, agus na hinfeistíochtaí suntasacha atá déanta sa N40 agus i mbóithre náisiúnta le tábhacht staitéiseach á gcur i mbaol.

Sna míreanna seo a leanas aithnítear feabhsúcháin bonneagair atá beartaithe don ghréasán bóithre náisiúnta laistigh den CMA, atá de dhíth chun CMATS a sheachadadh. Beidh aillíniú agus foirm na dtograí Bóithre Náisiúnta go léir socraithe ar aon dul le Treoracha Breithmheasa Tionscadail (PAG) Bhonneagar Iompair Éireann (TII) agus treoir ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTaS) maidir le breithmheas scéime lena n-áirítear Measúnú Roghanna Bealaigh agus Cás Gnó. Tá na bearta seo a leanas faoi réir choinníollacha Threoracha an AE maidir le hÉin agus/nó Gnáthóga.

#### N40 An Cuarbhóthar Theas

Níl úsáid an N40 mar bhealach rochtana áitiúla ag gluaisteáin phríobháideacha chuig na forbairtí éagsúla tráchtála agus miondíola in aice an príomhbhealaigh náisiúnta seo inbhuanaithe.

Tá gá le cur chuige ciallmhar maidir le bainistíocht ar éileamh taistil ar an gconair N40 agus na bóithre nasctha, mar aon le soláthar modhanna mhalartacha iompair, forbairt bealaí malartacha comhlántacha agus bearta bainistíochta tráchta dírithe, chun cinntiú go gcomhlíonfaidh an N40 a príomhfheidhm bheartaithe, mar bhóthar náisiúnta a fhreastalaíonn don mhórchuid ar aistir nach bhfuil áitiúil le luach ard eacnamaíoch.

I Staidéar Bainistíochta Éilimh an TII aithnítear roinnt tograí faoi na teidil leathana seo a leanas.

- Talamhúsáid agus Iompar Comhtháite
- Feabhsúcháin Spriocdhírithé;
- Idirghabhálacha Mótarbhealaí Cliste;
- Bealaí Malartacha Comhlántacha; agus
- Bearta Fioscacha.

D'fhéadfadh dea-thionchar a bheith ag bearta cosúil leo siúd atá leagtha amach thuas ar bhainistíocht éilimh an N40 amach anseo, in aineoinn chastacht ghréasán bóithre iomlán an CCC agus líon teoranta roghanna in áit Thollán Sheáin Uí Loingsigh. Tabharfar tósaíocht do chur i bhfeidhm na mbeart iompair phoiblí, bheartais úsáide talún agus bainistíochta tráchta sa ghearrthearma. Leanfar le measúnú ar an ngá féideartha le bearta a thabhairt isteach le linn shaolré Straitéise. Ní tabharfar isteach bearta ina n-aonar ach amháin i ndiaidh meastacháin ar an tionchar ar rochtain agus ghluaiseacht ar fud na Cathrach agus na mbruachbhailte agus i gcomhthráth le tabhairt isteach malairtí iomchuí riachtanacha chun freastal ar ghluaiseachtaí tráchta a bhaineann leo.

Tá uasghrádú an Chuarbhóthair Theas N40 go stad mótarbhealaigh mar cheann de na príomh-mholtaí atá sa staidéar, go príomha chun a úsáid a theorannú go feithicil le mótár agus chun an líon beag rothaithe, coisithe agus feithicilí a ghluaiseann go mall a bhaint ar mhaithe le sábháilteacht bóithre.

Déanfaidh Bonneagar Iompair Éireann (TII) staidéir bhainistíochta agus fhorbartha tráchta a bheidh dírithe ar an N40 chun na srianta acmhainne reatha a mheas agus chun feabhsúcháin fhéideartha amach anseo ar an sábháilteacht oibriúcháin a aithint don bhealach straitéiseach seo. Áirítear leis na tionscadail seo:

- Staidéar Indéantachta N40 TEN-T; agus
- Staidéar Indéantachta N40 Dhún Cítill ITS.

Mar aon le huasghrádú Chuarbhóthar Theas N40 go stad mótarbhealaigh, tá roinnt forbairtí bóithre áitiúla aitheanta i CMATS. Cuirfidh siad seo le soláthar bealaí malartacha comhlántacha eile don N40 agus ag an am céanna ag cur le rochtain áitiúil, seirbhísí cuara bus agus tacú le scagacht na n-úsáideoirí iompair go léir.

#### Uasghrádú ar Acomhal Dhún Cítill

Fuarthas cead pleanála d' Uasghrádú Acomhal Dhún Cítill go hacomhal saor-sreafa, ilairde i mBealtaine 2013. Fuasclóidh sé an scroig agus an plódú reatha ag crosbhealach an M8/N8, N40 agus N25.

Tá conraitheoir ceaptha ag Bonneagar Iompair Éireann chun dearadh agus feidhmiú an tionscadail a chur chun cinn. Táthar ag súil go mbeidh an t-acomhal uasghrádaithe go hiomlán i bhfeidhm faoi 2023.



**M28 Corcaigh – Rinn an Scidígh**

Tá an tábhacht a bhaineann le feabhsúcháin ar rochtain straitéiseach bóithre go Calafort Rinn an Scidígh mar thosaíocht náisiúnta eacnamaíoch agus rinneadh athdhearbhu air san NDP a foilsíodh le déanaí. Tá uasghrádú beartaithe an N28 (go M28) mar aidhm fhad-téarmach ag an gComhairle Cathrach agus Comhairle Contae Chorcaí araon agus mar bhunchloch chreatanna planála réigiúnacha lena n-áirítear na Treoirínte Pleanála Réigiúnacha Thiar-Theas, Plean Straitéiseach Ceantair Chorcaí (CASP) agus Plean Forbartha Chontae Chorcaí. Beidh an M28 ag freastal ar go leor feidhmeanna straitéiseacha lena n-áirítear athlonnú ghníomhaíochtaí Chalafor Chorcaí a éascú ó Dhuganna na Cathrach go Rinn an Scidígh agus ag soláthar Chalafor Rinn an Scidígh le hacmhainn tuilleadh gníomhaíochta lastais a láimhseáil atá bainteach leis an mBreathmeacht. Tá an N28 mar chuid den ghréasán lárnach Ten-T.

**N27 Corcaigh – Aerfort Chorcaí**

Tá Aerfort Chorcaí mar chuid de ghréasán lárnach TEN-T an AE agus déantar freastal air leis an N27. Faoi láthair tá an N27 idir Acomhal Bhóthar Chionn tSáile agus Aerfort Chorcaí mar charbhealach singil, le lána bus ó thuaidh ag an gcuid thuaidh ag druidim ar Acomhal Bhóthar Chionn tSáile. Tá sé beartaithe, faoin CMATS, lána bus dhá threo leanúnach a dhéanamh de chun feabhas a chur ar thosaíocht iompair phoiblí idir Aerfort Chorcaí agus Lár Cathrach Chorcaí.

**N22, N25, N27, N71**

Rachaidh TII i mbun bhainistíocht conairí an N22, N25, N27 agus N71 le haghaidh cothabhála, athnuachana agus feabhsaithe chun na léibhéil seirbhíse chu a bhaint amach laistigh de chomhthéacs soláthar luacha agus ag teacht le Cláir

Rialtais, cosúil leis an NDP 2018-2027. Laistigh den cheantar cathrach, beidh béim ar fheabhsúcháin agus chothabháil na mbealaí seo a leanas:

- N22 - Na hUamhanna go Baile Bhuirne;
- N25 - Óna acomhal leis an M8 ag Dún Citil go Mainistir na Corann chun leibhéal seirbhíse níos airde a chur ar fáil do thrácht straitéiseach ar an mbealach;
- N27; agus
- N71.

**N/M20 Corcaigh – Luimneach**

Is iad Corcaigh agus Luimneach an dara agus an tríú chathair is mó in Éirinn agus tá siad lonnaithe san iardheisceart agus sa mheániarthar faoi seach. Tá deis ann nascacht níos fearr a chur ar fáil idir na cathracha trí fheabhas a dhéanamh ar cháilíocht an ghréasán iompair agus leis seo rachfar i ngleic leis na fadhbanna sábháilteachta bóithre a bhaineann leis an mbealach N20 reatha agus déanfar soláthar le haghaidh aistear níos sábháilte, níos éifeachtúla agus níos giorra. Tá soláthar an M20 ag teacht le Toradh Straitéiseach Náisiúnta 2 an NPF chomh maith, chun Rochtain Réigiúnach Bharrfheabhsaithe a chur ar fáil.

Léiríonn an NDP 2018-2027 go mbeidh an bóthar M20 Corcaigh - Luimneach seachadta go ceann 2027, ag brath ar mheasúnú, ar phleanáil agus ar sholáthar, le costas measta thart ar €900 milliún. Tá an N20 Corcaigh – Luimneach mar chuid den ghréasán Cuimsitheach Ten-T.

Déanfar réiteach don chonair N20 a aithint sa phróiseas measúnaithe do Scéim Fheabhsaithe Bóthair N/M20 Chorcaigh go Luimneach agus le forbairt cáis ghnó don scéim. Fad atá sé áirithe sa NDP, titeann an bóthar M20 ó Chorcaigh - Luimneach lasmuigh de raon CMATS de thoradh a fheidhme idir-réigiúnaí.

**Cuarbhóthar Chorcaí Thuaidh (CNRR)**


Mar chuid de Scéim Fheabhsaithe Bóthair N/M20 ó Chorcaigh go Luimneach, déanfaidh TII scrúdú ar chuimsiú Cuarbhóthar Chorcaí Thuaidh (CNRR) ag nascadh an N20 le hAcomhal Dhún Citil. Léiríonn an NDP go bhfuil an CNRR comhlántach leis an scéim conaire N/M20 ach gur scéim ann féin í. Tá a riachtanais, scála (bunaithe ar léibhéil éilimh) agus a bhonn cirt le bheith áirithe agus measúnaithe mar chuid de phróiseas measúnaithe an scéim M20 ina iomlán. Cé go samhlaítear nach ndéanfar an CNRR a sheachadadh roimh ghnéithe tábhachtacha iompair phoiblí na Straitéise. Déanfar meastúcháin mhionsonraithe maidir le feidhmiú agus seachadadh sa phróiseas athbhreithnithe don Scéim N/M20.

Tá an cur chuige seo ag teacht le hAidhmeanna Straitéiseacha Náisiúnta an NPF le haghaidh Fáis Dhlúith. Ag teacht leis an NDP, beidh riachtanas an CNRR socraithe ag teacht le treoir ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTaS) maidir le breithmheas scéime agus le Treoracha Breithmheasa Tionscadail TII do Bhóithre Náisiúnta (PAG) lena n-áirítear Measúnú Roghanna Bealaigh agus Cás Gnó. Ba chóir go gcuimseodh an Measúnú sin iniúchadh ar an nasc féideartha ón N22 go dtí an M8 agus más gá, é a bheith deartha ar bhealach a thugann tús áite agus a chosnaíonn feidhm tráchta straitéisigh an bhealaigh.

Ag brath ar thorthaí an bhreithmheasa ar Scéim Feabhsúcháin Bóthair N/M20 ó Chorcaigh go Luimneach, táthar ag súil go mbeidh an tionscadal CNRR pleanáilte i gcomhair feidhmithe le linn chuid dheireanach na Straitéise. Tá tabhairt chun críche conair bealaí agus a chosaint ó fhorbairt mar aidhm ag CMATS chun ligean d'athrú ar chúinsí lena n-áirítear an fhéidearthacht do riachtanais seachadta tionscadail níos luaithe.



# Gréasán Bóithre 2040 atá Beartaithe



D'fhéadfadh gach bealach agus ailíniú athrú faoin bpróiseas reachtúil um measúnú scéime.




### Riachtanais do Ghréasán Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Tá ar aon soláthar breise maidir le gréasán bóithre réigiúnacha tacú le feidhm il-mhodhach, ag freastal ar iompar poiblí, siúl agus rothaíocht mar aon le haon mhótarthrácht príobháideach. Tá ar an ngréasán bóithre réigiúnacha freastal ar an méid seo a leanas:

- Rochtain a chur ar fáil chuig na tailte forbartha pleanáilte 'oscailte';
- Naisc siúil agus rothaíochta a chur ar fáil;
- Rochtain ar agus tús áite a thabhairt do bhealaí iompair poiblí;
- Freastal ar sholáthar iompair poiblí chuair;
- Baint réthrachta trí Lár Cathrach Chorcaí a éascú; agus
- Baint tráchta áitiúil a éascú ó na bealaí bóthair straitéisigh.

CCChun na prionsabail seo a bhaint amach, ba chóir go bhfreastalódh trasghearradh na mbóithre go cothrom ar shiúl, rothaíocht, iompar poiblí agus trácht gluaisteán mar seo a leanas:

- Soláthar Cosán agus Lánaí Rothair – timpeall 33% den trasghearradh;
- Soláthar lánaí bus agus tosaíochta – timpeall 33% den trasghearradh; agus
- Lánaí tráchta bóthair – timpeall 33% den trasghearradh.



GNÁTH-TRASGHEARRADH NA MBÓITHRE DÁILEACHÁIN ATÁ BEARTAITHE

### Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Leis seo a leanas leagtar amach na soláthairtí breise um ghréasán bóithre réigiúnacha do CMATS.

#### Bóthar Dáileacháin Chorcaí Thuaidh

Teastaíonn bonneagar bhreise ghréasán bóithre ó CMATS ar an taobh thuaidh de Chathair Chorcaí chun freastal ar rochtain ar thailte forbartha atá pleanáilte, chun naisc siúil agus rothaíochta a sholáthar, rochtain ar bhealaí iompair poiblí gathacha, soláthar iompair poiblí chuair, agus cuid den trácht straitéiseach a bhaint de Lár Cathrach Chorcaí. Beidh an bóthar seo i bhfoirm bóthair dáileacháin ar a dtugtar Bóthar Dáileacháin Chorcaí Thuaidh (CNDR). Tá sé seo éagsúil le Cuarbhóthar Chorcaí Thuaidh (CNRR) atá thuas, tá cás an bhóthair sin le bheith iniúchta ag Bonneagar Iompair Éireann.

Tá Bóthar Dáileacháin Chorcaí Thuaidh ina aidhm ghearthéarmach agus meastar é a bheith ina 'cumasóir rithabhachtach' i gcomhair CMATS de bharr na dtoscaí seo a leanas:

- Cruthaíonn sé deiseanna forbartha inbhuanaithe ar na cúlsoláthairtí talún atá ann i gceantar Cathrach Chorcaí Thuaidh lena n-áirítear Saincheantar Forbartha Straitéiseach (SDZ) na Móna Airde agus Ceantar Fairsingithe Uirbeach Bhaile Uí Mhaoláin;
- Éascaíonn sé cur i bhfeidhm na mbeart iompair inbhuanaithe lena n-áirítear seirbhísí iompair poiblí do cheantar Cathrach Chorcaí Thuaidh;
- Éascaíonn sé tabhairt isteach an choisc ar HGVanna laistigh de Lár na Cathrach;
- Freastalaíonn sé ar na riachtanais maidir le héileamh tráchta áitiúil i dtuaisceart an CMA: agus
- Ligeann sé d'íosghrádú na mbealaí náisiúnta atá ag dul isteach go Chathair Chorcaí, agus mar sin ligeann sé do thosaíocht na modhanna inbhuanaithe ar na bealaí seo.

Tá trasghearradh tascach an CNDR le fáil thíos.

Soláthraíonn Bóthar Dáileacháin Chorcaí Thuaidh gluaiseacht chuar do bhusanna, do choisithe agus do rothaithe agus cuid den trácht straitéiseach agus ginearálta agus laghdaíonn sé spleáchas na mbealaí gathacha trí lár na cathrach. Beartaíonn CMATS go soláthródh an NDR nascacht ag an gcuid iarthair chun nascadh leis an N22 atá ann. Chun é seo a bhaint amach, caithfear dul i ngleic le roinnt ceistanna topografacha agus timpeallachta lena n-áirítear an Laoi agus a cuid tuillemhánna, an riachtanas le droichead nua agus fonn gan fearainn pháirce Lee Fields a ghearradh.

Beidh tuilleadh measúnaithe de dhíth don ailíniú deireanach chun dul i ngleic leis na hábhair imní seo agus an gá le nascacht chuar a chur ar fáil idir Corcaigh Thuaidh agus ceannphointí móra lena n-áirítear CUH, CIT, an Linn Dubh agus Duganna Tivoli.

#### Bóthar Dáileacháin Theas

Is fócas é an N40 do chuid shuntasach d'aistir soir-siar i gceantar Chathair Chorcaí-An Ceantar Máguaird Theas. De thoradh spleáchais iomarcaigh ar an N40 d'aistir i ngluaisteáin príobháideach in éineacht le nascacht iompair inbhuanaithe teoranta tá brú suntasach ag roinnt pointí áirithe lena n-áirítear Sráidbhaile Dhúglais agus Timpeallán Bhóthar Chionn tSáile.

Chun dul i ngleic leis an easnamh suntasach sa nascacht áitiúil sa cheantar Máguaird Theas, d'aithníodh sa SIOCC an riachtanas le haghaidh Bhóthar Dáileacháin Ó Theas (SDR) a bheadh ilmhodhach agus níos cuimsithí.

Cuirfidh an SDR le riachtanas uasghrádaithe ar an mbealach atá ann agus cruthú nasc bóthair nua idir Baile an Róistigh agus Bóthar an tSáirséalaigh, trí Bhóthar Charraig Uí Leighin, Bóthar na Gráinsí agus Bóthar Aerfoirt, agus nasc nua atá beartaithe idir an N27 agus Bóthar an tSáirséalaigh. Ar dheireadh beidh an bóthar ina bhonn do bhealach bus an Chuarbhealaigh Lasmuigh ó Theas ag nascadh Bhaile an Róistigh le ITC agus ag éascú acomhail le bealaí bus gathacha ag an am céanna.

Cosúil le Bóthar Dáileacháin Thuaidh Chorcaí, cuirfidh an SDR bonneagar tiomanta siúil agus rothaíochta ar fáil chomh maith le tacaíocht d'fhorbairt chónaithe atá pleanáilte sa cheantar Máguaird Theas. Leis an SDR tacófar le rochtain ar iompar áitiúil a éascóidh laghdú ar úsáid an N40 le haghaidh aistear áitiúil agus a uasghrádú go stad as mótarbhealaigh. Tá sé beartaithe go ndéanfar forbairt ar an SDR ar bhonn céimnithe.

#### **An Geata Bán agus Marino Point**

Tá tuilleadh cosanta de dhíth ag an R624 (Bóthar an Chóibh go Marino Point) agus an R630 (Mainistir na Corann go dtí an Geata Bán) maidir lena bhfeidhmíocht agus lena bhfoirm chun na modhanna úsáide bainteach leis an gcalafort faoi láthair agus amach anseo a éascú.

#### **Bearta Bóithre do Cheantar Leathnaithe Uirbigh Chontae Chorcaí**

Tá soláthar bonneagair bhreise sa ghréasán bóithre laistigh de UAEanna i gContae Chorcaí de dhíth chun tacú le forbairt ar na ceantair seo. Déanfar na feabhsúcháin don ghréasán bóithre áitiúla a dhearadh chun freastal go héifeachtach ar na modhanna iompair go léir.

Is í an aidhm uileghabhálach atá ag na bóithre seo ná tréthracht a laghdú agus siúl, rothaíocht, rochtain ar iompar poiblí agus feabhsúcháin ar an réimse poiblí a éascú i láir bailte agus sráidbhailte. Mar an gcéanna, ba chóir feabhsúcháin ar an ngréasán bóithre san Oileán Beag a dhearadh le tosaíocht do rochtain siúil agus rothaíochta mar sprioc go háirithe idir an stáisiún traenach / seirbhísí bus agus ceannphointí fostaíochta / ceantair chónaithe.

Beidh feabhsúcháin ar rochtain áitiúil agus ar an réimse poiblí de dhíth sna UEAnna seo a leanas:

- Mainistir na Corann;
- Carraig Thuathail;
- An tOileán Mór lena n-áirítear droichead nua Bhéal an Bhealaigh (d'fhéadfadh sé bheith ann do bhusanna amháin);
- Carraig Uí Leighin;
- Baile an Chollaigh;
- Dún Citil / Baile an Ghleanna;
- An Mhóin Ard; agus
- Radharc na Carraige.

#### **Bainistíocht Tráchtála Lár na Cathrach**

Déanfar athbhreithniú ar an ngréasán bóithre laistigh den Chathair agus é mar aidhm tosaíocht a thabhairt do spás ar bhóithre le haghaidh iompair poiblí, siúil agus rothaíochta. Laistigh de CMATS, tá sé i gceist eispéireas níos tarraingtí a chruthú i lár na cathrach, fad atá áiseanna do choisithe agus rothaithe á mbarrfheabhsú, ag tabhairt tús áite d'iompar poiblí, agus fós ag ceadú rochtana isteach go hionaid pháircéala eas-sráide agus ag ceapadh bhealaí tiomána isteach sa chathair.

#### **Straitéis Gluaiseachta Lár na Cathrach**

Leagann Straitéis Gluaiseachta Lár Cathrach Chorcaí (CCMS) amach aidhmeanna chun; beocht Lár Cathrach Chorcaí a fheabhsú; fás eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn; timpeallacht i bhfad níos tarraingtí a chur ar fáil do lucht siopadóireachta, do chuairteoirí agus do thurasóirí; agus chun cabhrú le hinfheistíocht isteach inbhuanaithe a spreagadh. Beidh bearta bainistíochta tráchtála tábhachtach chun an sruth feithiclí isteach go ceantar lár cathrach a bhainistiú.

I measc haidhmeanna CCMS bhí sainaitheint chéimíúlacht sráideanna laistigh de lár na cathrach chun na príomhbhealaí isteach agus trí lár na cathrach a aithint; chun rochtain a choimeád ar na hionaid pháircéala eas-sráide i lár na cathrach; agus chun rochtain seachadtaí a bhainistiú.

Is é ceann de na príomhaidhmeanna ná córas iompair poiblí níos éifeachtúla a sheachadadh agus iontaofacht na seirbhísí bus reatha a fheabhsú. Baineann na haidhmeanna le coisithe agus rothaithe chomh maith sa chás go ndéanfaí forbairt ar na sráideanna chun éispéireas níos deise agus níos tarraingtí a chur ar fáil agus chun córas bainistíochta tráchtála a chur i bhfeidhm a spreagfaidh rothaíocht i lár na cathrach.

#### **CCMS mar chuid de CMATS**

Cuirfear an CCMS i bhfeidhm go hiomlán mar chuid de CMATS. Méadóidh CMATS go suntasach léibhéal soláthair agus tosaíochta an iompair poiblí i bhfad níos mó ná mar atá beartaithe mar chuid den CCMS, áfach.











Áiríonn sé sin lánaí bus agus tosaíocht do bhusanna ar na príomhbhealaí iompair phoiblí go léir isteach go Lár na Cathrach, chomh maith le lánaí bus agus tosaíocht mhéadaithe fud Lár na Cathrach lena n-áirítear glacadh le bearta um tosaíocht bus ar Shráid Phádraig.

Beidh tionchar suntasach ag bealach ailínithe an Iarnróid Éadrom Idirthuais (LRT) atá beartaithe ar thograí um bainistíocht tráchta laistigh de Lár na Cathrach. Tá sé i gceist go mbeidh codanna den ailíniú LRT roinnte le busanna chomh maith i roinnt ceantar srianta sa chathair, go háirithe Bóthar an Iarthair, Sráid Washington, Sráid Phádraig agus Sráid Mhic Curtáin.

#### **Ceantar Dugaí Chorcaí agus Droichead Duganna Tivoli agus Bonneagar Bóithre**

Tá nascacht fheabhsaithe bóithre agus droichid chuig Duganna Chorcaí Thuaidh, Theas agus Tivoli de dhíth chun tacú le forbairt sna ceantair seo. Beidh ar an mbonneagar bóithre agus droichid tosaíocht il-mhodhach a chur ar fáil agus tús áite a thabhairt do ghluaiseachtaí coisithe, rothaíochta agus iompair phoiblí go háirithe sna suíomhanna níos giorra do lár na cathrach agus Stáisiún an Cheanntaigh.

Tá anailís níos sonraithe mar chuid den phróiseas Phlean Ceantair Áitiúil (LAP) ar siúl chun leibhéal agus céimniú cuí an bbonneagar droichid a shocrú.

#### **Bonneagar Droichid Cheantar na nDugaí**

Tá na tionscadail bhonneagair seo a leanas beartaithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí chun na Ceantair na nDugaí Thuaidh agus Theas a nascadh agus ag an am céanna rochtain a chur ar fáil do thrácht muirí:

- Droichead Tairsí Thoir na Cheantar na nDugaí Theas;
- Droichead Shráid an Uisce; agus
- Droichead Bhóthar an Mhuilinn.

Beidh Droichead Bhóthar an Mhuilinn de dhíth chun rochtain dhíreach iompair phoiblí a chur ar fáil ar Stáisiún an Cheanntaigh. Beidh an Droichead Tairsí Thoir ag cur rochtain thábhachtach il-mhodhach ar fáil go dtí na Dugaí Theas atá anois le rochtain ó Bhóthar Victoria amháin.

Tá tuilleadh anailíse de dhíth chun pleananna agus suíomhanna na ndroichead a bheachtú i ngach cás.

#### **Bonneagar Bóthair na Cheantar na nDugaí Theas**

Is iad Bóthar na Páirce Láir agus Bóthar Uí Mhuineacháin na príomhbhóithre laistigh de Cheantar na nDugaí Theas. Caithfear uasghrádú a dhéanamh ar an dá bhóthar chun freastal ar an éileamh méadaithe maidir le hiompar poiblí, siúl agus rothaíocht.

Tá lánaí bus beartaithe le haghaidh Bhóthar Uí Mhuineacháin agus tá iarnród éadrom idirthuais scagtha beartaithe ar Bhóthar na Páirce Láir. Beidh pointí rochtana discrétideacha de dhíth ó Bhóthar Uí Mhuineacháin. Déanfar méid agus foirm na socruithe seo a chinntiú mar chuid den phróiseas LAP.

#### **Bonneagar Bóthair Cheantar na nDugaí Thuaidh**

Tá sé beartaithe Cé Horgan a athailíniú i gCeantar na nDugaí Thuaidh chun trácht gluaisteáin a bhaint ó na céanna agus éadanas thaobh na gcéanna a oscailt le haghaidh forbartha. Beidh an bóthar athailínithe ag teacht níos fearr leis an nasc nua chuig Stáisiún an Cheanntaigh athdhirithe ar Shráid Ailfrid agus droichead beartaithe gearr go Bhóthar an Mhuilinn chun nascadh díreach le Stáisiún an Cheanntaigh.

#### **Rochtain Tivoli**

Tá rochtain feabhsaithe chun freastal ar iompar poiblí, coisithe, rothaithe agus trácht ginearálta de dhíth chun suíomh Dhugaí Tivoli a fhorbairt mar cheantar uirbeach nua, tar éis athlonnú Chalafoirt Chorcaí go Rinn an Scidígh.

Tá anailís níos sonraithe mar chuid den phróiseas LAP de dhíth chun an leibhéal cuí bbonneagar iompair a aimsiú lena n-áirítear bealach isteach féideartha ar an taobh thoir.

---

**Déanann Feithiclí Earraí Troma (HGVs) agus lastas ionadaíocht don phríomh-spreagthóir eacnamaíoch, agus iad ag gluaiseacht earraí tríd an CMA agus go náisiúnta.**

---





# 14 LASTAS, SEACHADADH & SEIRBHÍSIÚ



Tá gluaiseacht éifeactúil earraí riachtanach dár n-iomaíochas agus leas eacnamaíoch. **Tá 65% dár n-olltáirgeacht intíre (GDP) bunaithe ar easportáil earraí agus seirbhísí** ce go bhfuil méan an AE-25 ag 30%.

Taisteal Níos Cliste - Todhchaí Iompair Inbhuanaithe

**ChuChun na réamh-mhéastacháin i NPF 2040 le haghaidh Chorcaí a bhaint amach, beidh tuilleadh gluaiseachta na HGVanna agus leoraithe de dhíth do thógáil tithe, oifigi, bonneagar sóisialta agus ionaid oideachais. Is geilleagar bunaithe ar easphortáil í Éire, agus tá sé seo léirithe san éileamh méadaithe ar fhorbairt na mbealaí rochtana feabhsaithe go Calafort Chorcaí - go háirithe de bharr an Bhreimeachta.**

Ar deireadh, ag an scála cathrach agus baile cathrach, beidh léibhéal níos airde seachadta agus ghníomhaíocht seirbhísithe agus bhainistíocht fuíollaigh de bharr gníomhaíochta eacnamaíche agus athruithe ar nósanna siopadóireachta.

Agus na dúshláin atá ann maidir le meadú sna haistir, sábháilteacht, truailliú aeir agus ó thorann á chur le chéile chun teacht le feabhsúchán ar an mbonneagar straitéiseach iompair tugann sé isteach an deis gur féidir cuir chuige nuálacha a úsáid chun tionchar gníomhaíochta lastais i gCorcaigh a laghdú. I measc na n-aidhmeanna uileghabhálacha a bhaineann le bainistíocht gluaiseachta lastais tá:

- Gluaiseacht lastais a atreorú ó na ceantair le dlús ard daonra agus bóithre áitiúla nach bhfuil oiriúnach chuig an ngréasán bóithre straitéiseacha;
- An fhéidearthacht d'ionaid chomhdhlúthaithe agus saoráidí briste builc a scrúdu lasmuigh den ghréasán náisiúnta bóithre sa mheántearma chun feithiclí beaga a éascú le seachadadh go lár na cathrach;

- Tá foirgníocht bunaithe ar cheantar, pleananna a sheachadadh agus a sheirbhísiú ag teastáil mar chuid den fhorbairt nua d'fhonn seachadtaí a chomhdhlúthú nuair atá sé praiticiúil;
- Athamú aistir lastais go am lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre nuair atá sé indéanta; agus
- A chinntiú go bhfuil aistir seachadta, seirbhíse agus bainistíochta dramhaíola déanta chomh glas agus ciúin agus is féidir le húsáid feithiclí saor ó astaíochtaí nó le hastaíochtaí ísle más cuí.

## Athlonnú Chalafort Chorcaí

Tá athlonnú thionscail agus chríochfort coiméadán Chalafort Chorcaí ó Dhugaí na Cathrach agus Tivoli go Rinn an Scidigh mar aidhm sheanbhunaithe don réigiún. Beidh athlonnú na gníomhaíochta bainteach leis an gcalafort ó na céanna cathrach mar chéim thosaigh i dtreo réimsí suntasacha de thalamh athfhorbraíochta straitéiseach a shaorú chun fás inbhuanaithe Chorcaí a éascú ar na conairí iarnróid bhruachbhailtigh agus iarnróid éadroim. Le hathlonnú Chalafort Chorcaí, chomh maith le huasghrádú an N28 go mótarbhealach caighdeánach (M28) beidh laghdú ar roinnt tionchar logánta HGVanna laistigh den chathair agus neartóidh sé an t-aistriú lastais straitéisigh go dtí an Gréasáin Bóithre Náisiúnta.

Mar atá luaite i gcaibidil roimhe, beidh cosaint de dhíth ag an R624 (Bóthar an Chóibh go Marino Point) agus an R630 (Mainistir na Corann go dtí an Geata Bán) maidir lena bhfeidhm agus lena bhfoirm chun leathnú féideartha ghníomhaíochtaí Chalafort Chorcaí sa Cheantar Cuain íochtaraigh amach anseo a éascú.

## Feithiclí Earraí Troma

Déanann Feithiclí Earraí Troma (HGVs) agus lastas ionadaíocht don phríomh-spreagthóir eacnamaíoch, agus iad ag gluaiseacht earraí tríd an CMA agus go náisiúnta. Le gníomhaíocht foirgníochta méadaithe beidh meadú ar mhéid na n-ábhar foirgníochta mar shampla. D'fhéadfadh go mbeadh tionchair shuntasacha ag gluaiseacht HGVanna ar oibriúcháin tráchta, torann, truailliú aeir agus sábháilteacht na n-úsáideoirí bóithre eile, go háirithe sna timpeallachtaí uirbeacha.

Áiríonn bearta bainistíochta HGVanna:

- Cur i bhfeidhm srianta ar HGVanna laistigh den teorainn cruthaithe ag an gCuarbhóthar Theas N40 agus an Bóthar Dáileacháin Thuaidh atá beartaithe
- Srianta HGVanna le Lár Chathair Chorcaí. Ba chóir go mbeadh an modh feidhmithe, forfeidhmithe, bealaí rochtana HGVanna agus réim na scéime aimsithe ag céim níos déanaí idir TII, an NTA, páirtithe leasmhara ón tionscal lastais agus Comhairle Cathrach Chorcaí; agus
- Pleanáil bainistíochta soghluaiseachta ag príomhláithreáin lastais mar Chalafort Chorcaí chun tionchar na HGVanna ar an ngréasán bóithre le linn buaic-amanna a laghdú.

Feabhsóidh na srianta HGVanna ó Lár Chathair Chorcaí an timpeallacht le haghaidh modhanna gníomhacha agus feabhsóidh sé sábháilteacht, fad atá rialú amanna seachadta ag cuidiú le fritháireamh bhrú tráchta áitiúil.



Cabhróidh cur i bhfeidhm na 'mbealaí leoraithe' ainmnithe ar an ngréasán bóithre náisiúnta ag amanna ainmnithe an lae le laghdú ar mhoilleanna agus ar choimhlint le modhanna eile.

Fad a mheastar go bhfuil táillí a ghearradh ar úsáideoirí bóthair ar an ngréasán bóithre náisiúnta cuí chun cur i gcoinne aistear ghearr, tráchtá áitiúil, ba chóir smaoineamh go cúramach faoi na socrúithe geartha táille do HGVanna.

### **Ionaid Fhoirgníochta agus Lóistíochta (CLCs)**

Is treocht deireanach é forbairt ionad foirgníochta agus lóistíochta roinnte (CLCs) i gcathracha Eorpacha atá beartaithe chun méaduithe suntasacha a fháil ar ghníomhaíocht daonra agus foirgníochta sna blianta amach anseo.

De ghnáth bunaítear na CLCs gar do láithreáin forbartha straitéiseacha in aice leis an ngréasán bóithre straitéiseach chun amanna taistil le haghaidh ábhar foirgníochta a laghdú. Go minic bíonn ar fhorbróirí clárú le hionaid CLC roinnte mar chuid den phróiseas bainistíochta forbartha. Déantar íoslaghdu ar aistir chuig agus ó láithreáin fhoirgníochta mar beidh ar HGVanna le háitíocht níos lú ná 80% fanacht go dtí go bhfuil lánáitíocht iontu agus ní cheadófar aistir chuig láithreáin fhoirgníochta ach amháin trí mhéan córais áirithinte. Is cosúil go dtugann na léibhéil forbartha ainmnithe chuig na ceantair ainmnithe fud an CMA údair leis an ngá le roinnt ionad foirgníochta agus lóistíochta.

Le fada an lá bhí an Laoi ann chun gluaiseacht agus stóras lastais agus ábhar foirgníochta a éascú agus cuireann sé deis shoiléir ar fáil chun gá agus fad aistir le mótar ar an ngréasán bóithre a laghdú.

Tá féidearthacht ann amach anseo gluaiseacht lastais ar iarnród ach is cosúil go mbeadh gá le nasc nua idir Calafort Chorcaí athlonnaithe in Marino Point agus an gréasán iarnróid Bhruachbhalltigh Chorcaí.

### **Seachadadh agus Seirbhísiú**

Tá roinnt ceantar suntasach um athnuachan agus fostaíocht ag Corcaigh a threoróidh chuig méadú ar riachtanais seachadta agus seirbhísithe. Mar shampla, tá clú agus cáil tuillte ag Ceantar Cathrach Chorcaí mar mhol idirnáisiúnta bia den scoth agus faigheann a ghnólaicthe agus bialanna méid mhór seachadtaí fad an lae chun táirgí úra a dháileadh.

Tiocfaidh méadú as cuimse ar sheirbhísí seachadta pearsanta agus bainistíochta dramhaíola agus cónaí ar níos mó daoine ag sa CMA, rud a chruthóidh níos mó plódaithe agus truailithe air / ó thorann mura ndéantar bainistíocht chúramach. Chun é seo a fhritháireamh, tá sé beartaithe:

- An an fhéidearthacht d'ionaid chomhdhlúthaithe straitéiseacha agus saoráidí briste builc a scrúdu gar don ghréasán bóithre náisiúnta sa mheántearma chun cabhrú le feithiclí le hastaíochtaí níos ísle seachadadh go lár na cathrach;

- An cás i dtaobh ionad uirbeach nó mionchomhdhlúthaithe laistigh de Chathair Chorcaí a scrúdú chun méid na n-aistir míle deiridh déanta ag feithiclí le mótar a laghdú m.sh. scrúdú a dhéanamh ar an gcás i dtaobh rothair lastais nó veaineanna beaga leictreacha ag seachadadh go bialanna agus siopaí;
- Éileamh a dhéanamh ar phleananna láidre Seachadta agus Seirbhísithe mar chuid den Phlean Soghluaiseachta uileghabhálach leis an bpróiseas bainistíochta forbartha;
- An fhéidearthacht um sheachadadh agus seirbhísiú lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre a mheas le húsáid feithiclí íseal-torainn agus le hathruithe ar na coinníollacha pleanála más cuí;
- Íoslaghdu a dhéanamh ar aistir fhille fhoilmhe trí spreagadh a thógáil ó chleachtais nuálacha cosúil leis na córais seachadta cathrach Cargohopper Utrecht agus Stadleveransen Gothenburg; agus
- Tacú le socrú saoráidí áitiúla 'Clíceáil agus Bailigh' ag stáisiúin traenach, forbairtí cónaithe nua agus saoráidí Páircéala agus Taistil, chun laghdú a dhéanamh ar mhéid na seachadtaí pearsanta aonair go hionaid oibre agus tithe áit a mbíonn an cónaitheoir as láthair go minic.











# 15 BEARTA TACAÍOCHTA

Beidh go leor tionscnamh iompair inbhuanaithe curtha i bhfeidhm thar an tréimhse go 2027, **chun roghanna breise taistil inbhuanaithe a chur ar fáil chun cur le hacmhainn mhéadaithe agus iompar poiblí ar chaighdeán níos airde sna cathracha.**

Plean Forbartha Náisiúnta, 2018-2027

## Ról na mBeart Tacaíochta sa CMATS

Tá laghdú ar spleáchas ar ghluaisteáin phríobháideacha laistigh den CMA agus ag méadú tarraingteach roghanna iompair inbhuanaithe mar phríomhphrionsabal ag CMATS. Is bunphrionsabal eile na Straitéise ná tacú le fás an CMA amach anseo trí sholáthar ghréasán iompair éifeachtúil. Tá ról tábhachtach ag bearta tacaíochta chun gréasán iompair amach anseo a chur ar fáil atá ag teacht leis na prionsabail seo. Ní féidir taibhe iomlán na hinfeistíochta suntasaí a bheith á cur i gcrích faoin CMATS a bhaint amach le soláthar bonneagair amháin agus caithfear é a chur le feidhmiú beart a thacaíonn le úsáid an bhonneagair ab fhearr.

Beidh bearta tacaíochta na Straitéise riachtanach maidir le cruthú timpeallachta fisiciúla, sóisialta agus cultúrtha áit a bhfuil siúl, rothaíocht agus iompar poiblí tarraingteach, praiticiúil agus mar mhalairtí loighciúla in ionad gluaisteán príobháideach. Beidh gá le raon leathan de thionscnaimh tacaíochta chun:

- Pobail a chruthú a thacaíonn le hiompar inbhuanaithe;
- Feasacht phoiblí a fheabhsú agus oideachas a chur ar úsáideoirí maidir leis na roghanna atá ar fáil chun cabhrú leo na roghanna is fearr a dhéanamh;
- Tús áite a thabhairt do roghanna iompair inbhuanaithe; agus
- Saoráidí agus comhtháthú aistir ó cheann go ceann a fheabhsú.

## Pleananna Iompair Áitiúla (LTPs)

Ba chóir go ndéanadh an dá údarás áitiúil iarracht na torthaí agus aidhmeanna uileghabhálacha a aistriú le húsáid Pleananna Iompair Áitiúil (Feidhmiú) ceantar áirithe - uaireanta tugtar Pleananna Soghluaiseachta Uirbeacha Inbhuanaithe (SUMPs) ag léibhéal cathrach nó lár baile chathraigh.

Ba chóir go leagfaí amach sna Pleananna seo spriocanna uailmhianacha agus réalaiócha chun tosaíocht a thabhairt do sciartha mhodh iompair ghníomhaigh agus inbhuanaithe a laghdaíonn aistir áitiúla phríobháideacha le mótar go gearrthéarmach, meántéarmach agus fadtéarmach. Tá Comhairle Contae Chorcaí faoi láthair ag cur LTIP chun tosaigh san Oileán Beag agus tá LTPanna samhlaíthe amach anseo do Charraig Uí Leighin, Rinn an Scidigh, Mainistir na Corann agus lonnaithe uirbeacha eile.

## Bearta Timpeallachta Glactha

### Dearadh Uirbeach agus Comhfhorbairt Áite

Le blianta beaga anuas tá athrú béime tarlaíthe maidir le hathscrúdú ról ár sráideanna mar áiteanna iontu féin a thacaíonn le réimse leathan feidhmeanna ní hamháin chun tréghluaiseacht tráchta a éascú. Tá dearadh uirbeach den scoth riachtanach maidir le hómós áite agus tugann sé tús áite do shiúl, rothaíocht agus iompar poiblí d'úsáideoirí is cuma faoi chumas. Seachas an dearadh sráide, beidh gá le feabhsúcháin shuntasacha ar cháilíocht agus leagan amach forbairtí nua tríd an bpróiseas bainistíochta forbartha chun tacú le feabhsúcháin ar an mbonneagair fisiciúil atá leagtha amach sa Straitéis seo.

De ghnáth cuimsíonn timpeallacht thógtha agus gréasán bóithre den scoth (uaireanta úsáidtear an téarma 'Sráideanna Folláine') réimse leathan tascairí lena n-áirítear timpeallachtaí coisithe agus rothaíochta le moilliú tráchta, lena n-áirítear trasbhealaí sráide sábháilteacha, duilliúr, áiteanna spéisiúla, rochtain ar iompar poiblí, gníomhaíocht, timpeallacht le truailliú íseal agus le truailliú íseal ó thorann, agus soláthar seirbhísí riachtanacha agus áiseanna fóillíochta.

De ghnáth cuimsíonn gnéithe breise deartha uirbigh atá báil le soghluaisteacht / aois pabháil thadhlach, tosaíocht thar acomhail áitiúla, colbhaí tite, trealamh sráide agus páirce ar nós binsí sosa, comharthaíocht coisithe inléite agus ceantair siúil le foinsí solais maithe. Is féidir tuilleadh beart slándála a bhaint amach go héifeachtúil le dea-prionsabail deartha uirbigh ar nós úsáid bunurláir agus úsáid mheasctha timpeallachta a chuireann gníomhaíocht agus faireachas céasta ar fáil.

### Treochomharthaíocht Coisithe agus Rothar

Baineann treochomharthaíocht, nó inléiteacht, le conas is féidir le daoine a mbealach a fháil timpeall ceantair. Tá sé sin tábhachtach go háirithe do choisithe agus rothaithe mar is mó seans go ngluaisfeadh siad trí cheantar má tá an bealach soiléir, loighciúil agus éasca a thuiscint. Tá go leor teicnící treochomharthaíochta ann lena n-áirítear leideanna ailtireachta, cóireáil dromchla, soilsiú, línte radhairc, agus más cuí, comharthaíocht. Tá treoir maidir le treochomharthaíocht le fáil sa Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Shráideanna Uirbeacha (DMURS) agus táthar ag súil go ndéanfar athbhreithniú air sa gearrthéarma.



Ba chóir teicnící treochoimharthaíochta den scoth a chur i bhfeidhm taobh le seachadadh na ngréasán feabhsaithe siúil agus rothaíochta. Mar atá leagtha amach sa chuid faoi Shiúl níor chóir go gcuirfeadh feidhmiú na dteicnící treochoimharthaíochta den scoth le tranglam sráide. Ba chóir an choimharthaíochta méar eolais reatha atá i bhfeidhm i gCorcaigh a ionadú le córas cliste, seasmhach treochoimharthaíocht cosúil leis an gcóras Legible London leas a thabhairt do lucht áitiúil agus cuairteoirí araon.

### Cláir um Athrú Iompraíochta

Príomhghné béime sa Straitéis ná iompú go tuilleadh foirmeacha inbhuanithe taistil trí chomhtháthú talamhúsáide agus iompair i bhfad níos fearr a mholadh agus an bonneagar fisiciúil a leagan amach a chabhraíonn leis seo a bhaint amach sa réigiún. Beidh gá tacú leis sin ag léibhéil áitiúil trí mheán tionscnamh um athrú iompraíochta (uaireanta tugtar ‘bearta boga’ orthu), áfach.

Go hiondúil, tá cláir um athrú iompraíochta mar chur chuige an-phearsantaithe dírithe ar phlé le grúpa daoine, iad a chur ag smaoiniú faoina roghanna taistil, iad a chur ar an eolas go hiomlán, agus iad a spreagadh agus a dhreasú i dtreo úsáide malairtí. Is í an aidhm uileghabhálach atá ann ná daoine a spreagadh óna ngluaisteáin phríobháideacha go hiompar poiblí agus/nó úsáid na modhanna gníomhacha a spreagadh nuair atá sé indéanta.

Tá roinnt tionscnamh um athrú iompraíochtareatha ar fud an CMA tacaíthe ag an NTA agus foinsí eile. Cuimsíonn siad na tionscainh seo a leanas:

- Scoileanna Glasa Taistil;
- Cláir Taistil go hIonad Oibre/Pleananna Bainistíochta Soghluasteachta;
- Plean Comaitéirí de chuid COC mar chuid den tionscnamh Campais Ghlais;

- ‘Measc do Mhodh’ ón bhFóram Iompair agus Soghluasteachta tacaíthe tríd chlár BATTERI an AE; agus
- Tá roinnt ionad oibre lena n-áirítear Comhairle Cathrach Chorcaí agus gnóachtaí sa chnuasach bithchógaisíochta i Rinn an Scidigh ina mbaill de Chlár Ionad Oibre Níos Cliste an NTA.

Tugann an Straitéis tacaíocht do leathnú amach na gclár thuas chun tuilleadh áiteanna oideachais, ionad siopadóireachta, ospidéal a chur san áireamh agus cláir taistil cónaitheacha de réir mar a thagann forbairt nua tithíochta chun tosaigh. Ba chóir don dá údarás áitiúil soláthar oifigeach tiomnaithe don rothaíocht (agus don siúl) mar atá ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a mheas i bpáirt le feabhsúcháin ar an ngréasán coisithe agus rothaithe.

### Pleananna Taistil chun Ionad Oibre

Tá na Pleananna Taistil chun Ionad Oibre, ar a dtugtar Pleananna Bainistíochta Soghluasteachta chomh maith, déanta suas de phacáiste beart chun patrúin taistil inbhuanithe a chur chun cinn / a thacú. Téann an Clár Taistil Níos Cliste chun Ionad Oibre, arna bhainistiú ag an NTA, i ngleic le fostóirí móra sa CMA maidir le forbairt agus feidhmiú na bPleananna Taistil chun Ionad Oibre. Tá riachtanais Phlean Taistil le haghaidh forbairtí nua san áireamh i bPleananna Forbartha Chontae agus Chathair Chorcaí.

Cuireann pleanáil taistil ionad oibre deiseanna ar fáil chun feidhmiú CMATS a chur in iúl agus chun leasanna na Straitése a chur chun cinn go díreach le méid mór comaitéirí. Beidh ról tábhachtach ag leanúint agus leathnú amach na pleanála taistil don ionad oibre sa CMA maidir le seachadadh athruithe iompraíochta atá de dhíth chun iomlán na leasanna CMATS a bhaint amach.

### Taisteal Níos Cliste chun Campais

Is clár um athrú iompraíochta é Taisteal Níos Cliste chun Campais a chuimsíonn gníomhartha chun spreagadh a thabhairt do agus tacú le mic léinn tríú léibhéil agus baill foirne siúil, rothaíocht, dul ar iompar poiblí nó carr-roinnt ar an aistear chun an champais.

Is clár teagmhálach é Taisteal Níos Cliste chun Campais a bhainistiú an NTA agus é ag obair le hInstitiúidí Tríú Léibhéil chun pleananna taistil campais a chur i bhfeidhm. Mar shampla, is Campas Comhpháirtí i gCampais Taistil Chliste é COC le roinnt blianta anuas agus téitear i mbun tionscnamh i rith na bliana chun taisteal níos cliste a chur chun cinn.

Is féidir leis an gclár Taistil Níos Cliste chun Campais feidhmiú mar bheart tacaíochta do CMATS agus an deis a thabhairt chun feidhmiú CMATS a chur in iúl agus chun leasanna na Straitése a chur chun cinn go díreach le daonra tríú léibhéil an CMA, go háirithe i measc iadsan atá ag freastal air nó ag obair in institiúidí móra tríú léibhéil, COC, ITC, Lár Cholaíste Eoin agus an College of Commerce.

### Oifigeach Siúil agus Rothaíochta

Le déanaí ceapadh Coimisinéirí Siúil agus Rothaíochta i Londain agus Manchain chun bheith mar idirghabhálaí idir na húdaráis áitiúla agus phríomhghrúpaí páirtithe leasmhara. Ar a laghad, ba chóir cuimhneamh ar oifigeach tiomanta siúil agus rothaíochta a cheapadh (cosúil le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath) chun imeachtaí bolscaireachta a eagrú idir na grúpaí páirtithe leasmhara agus chun cur le próifíl an dá mhodha.



**Tá tionchar suntasach ar fháil páirceála príobháidí saor in aisce ag ceannphointí móra ar tharraingteacht ghaolmhar an ghluasteáin phríobháidigh i gcoinne roghanna iompair inbhuanaithe.**

### Straitéis Taistil chun Scoile

Tá feabhsú cháiliócht agus réimse pleanála taistil chun scoile ar fud an CMA rithabhachtach chun an t-iompú modhanna a bhaint amach, chun feabhas a chur ar an tsláinte phoiblí agus laghdú a dhéanamh ar thionchar na n-aistear bunaithe ar ghluasteáin chun scoile / aistir nasctha chun scoile agus oibre. Go simplí, tiomáintear an iomarca páistí achair ghearra chun scoile.

Leis na tionchair dhiúltacha a bhaineann leis seo áirítear cailliúint deiseanna chun gné ghníomhach taistil a chur isteach san aistear scoile, brú tráchtach agus ábhair imní sláinte agus sábháilteachta poiblí eile a bhaineann le tionchar feithicle an fhágáil agus an bhailiú scoile. Mar thoradh ar chlár tógála scoile le déanaí tá an-chuid scoileanna nua á dtógáil ar láithreáin úrnua ar imeall na gceantar forbartha nua, i bhfad amach ó na dobharcheantair chónaithe reatha, agus mar sin tá ardléibhéal spleáchais ar rochtain bunaithe ar ghluasteáin. I go leor cásanna, baintear an bonn d'iarrachtaí taisteal gníomhach a chuimsiú ón tús ag an easpa soláthair sa dearadh do shiúl agus do rothaíocht ar an ngréasán bóithre mórthimpeall do shocrú rochtana agus leagan amach inmhéanach champas scoile.

Tá roinnt tosca pleanála talamhúsáide agus pleanála iompair a bhaineann le soláthar scoileanna nua agus soláthar iardhearcach bhonneagar siúil agus rothaíochta laistigh de dhobharcheantair na scoileanna atá ann:

- Láithreáin chuí a shocrú do scoileanna. Caithfidh scoileanna nua bheith comhtháite níos fearr sna ceantair fhorbartha nua reatha nó pleanáilte chun dobharcheantair siúil agus rothaíochta a bharrfeabhsú;
- Suirbhéanna Taistil agus Pleananna Taistil Éigeandála le haghaidh gach scoile sa CMA;



- Athbhreithniú agus feabhsúcháin dírithe ar choinníollacha siúil agus rothaíochta i gceantar máguaird na scoileanna atá ann;
- Áiteanna fágála a aithint do thuismitheoirí agus bhusanna scoile laistigh d'fhad siúil ó na scoileanna chun feachtais Pairceála agus Siúil nó 'Busanna Siúil' a éascú;
- Athbhreithniú ar uaireanta oscailte agus dúnta scoile lena n-áirítear cuimhneamh ar uaireanta céimnithe sna ceantair le dlús ard scoileanna;
- Athbhreithniú ar bhealaí, sheirbhísí agus amanna bus chun freastal ar na scoileanna le sciartha arda den mhodh gluaisteáin;
- Feidhmiú ceantair le srianta ar fheithiclí i gceantair mháguaird na scoileanna;
- Feidhmiú ceantair 'Cosc ar Réchasadh' i gceantair máguaird scoileanna chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí cruthaithe ag feithiclí atá ina stad leis an inneall ar siúl; agus
- Borradh suntasach ar sholáthar páirceála rothar sna bunscoileanna agus meánscoileanna.

Tá sé molta i CMATS tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar an ábhar seo le Straitéis Taistil chun Scoile do Cheantar Cathrach Chorcaí a bheith ina straitéis chuimsitheach.

Mar atá leagtha amach i gCaibidil 6 (Siúl), tá roinnt mhaith samplaí de dhea-chleachtas ann maidir le pleanáil taistil chun scoile, lena n-áirítear an clár 'School Streets' i nDún Éideann agus 'Safer Routes to School' Chomhairle Hackney agus is féidir na ceachtanna a chur i bhfeidhm i gCorcaigh.

### Modúl Taistil Chlár na Scoileanna Glasa

Tá taisteal mar an gceathrú téama sa i gclár na Scoileanna Glasa ina ullmhaíonn scoileanna pleananna gníomhaíochta chun líon na scoláirí a bhíonn ag siúl, ag rothaíocht, ag dul ar scútar, ag úsáid iompair poiblí nó ag roinnt cairr ar an mbealach chun scoile a chur chun cinn agus a mhéadú. Oibríonn an NTA leis an Taisce chun modúl taistil chun scoile mar chuid de chlár na Scoileanna Glasa a mhaoirsiú. Tá Sraith Straitéisí Taistil chun Scoile foilsithe ag an NTA a leagann amach sraith beart do scoileanna chun modhanna um laghdú úsáid gluaisteán ar an aistear chuig agus ón scoil a chur chun cinn.

Tá acmhainn ann chun Clár na Scoileanna Glasa a leathnú amach chuig na scoileanna go léir sa CMA ag soláthar deise chun feidhmiú CMATS a chur in iúl agus chun leasanna na Straitése a chur chun cinn go díreach le daonra na scoileanna.

Bíonn dearadh uirbeach a chruthaíonn **timpeallacht uirbeach mhealltach don siúl** ina chabhair mhór go minic maidir le siúl, rothaíocht agus iompar poiblí a spreagadh.



### Córais Eolais Fíor-ama do Phaisinéirí

Tugann Eolas Fíor-Ama do Phaisinéirí (RTPI) eolas beacht maidir le hamanna imeachta agus teachta, ag ligean do phaisinéirí a gcuid turas a phleanáil níos éifeachtúla agus don oibritheoir iompair phoiblí feidhmíocht a choimeád nó a fheabhsú. Faoi láthair tá an NTA ag cur seirbhís RTPI ar fáil do phaisinéirí bus i gCathair Chorcaí. Tá comharthaí RTPI suite in áiteanna chun eolas a sholáthar don mhéid is mó paisinéirí bus agus chun an méid is mó bealaí agus is féidir a chur san áireamh. Tá gach stad Bhus Éireann áirithe ar an suíomh gréasáin, ar aipeanna fóin chliste agus seirbhísí SMS ar fhóin.

Ba chóir cláir leictreonacha RTPI le heolas comhairimh do sheirbhísí iompair phoiblí sa cheantar máguaird d'fhostóirí móra agus campais oideachais tríú léibhéal ar a laghad, a mhéadú go suntasach mar chuid de chur i bhfeidhm an Phlean Taistil.

### Margaíocht / Feachtais Eolais

Is tosa tábhachtacha iad soláthar eolais agus margaíocht chuí chun daoine a spreagadh i dtreo úsáid modhanna inbhuanaithe. Le seachadadh feabhsúchán ar iompar inbhuanaithe ba chóir smaoineamh faoi bhrandáil, faoi mhargaíocht, faoi fhógraíocht agus fheachtais chruthaitheacha, chost-éifeachtúla a úsáid a bheidh dírithe ar éileamh iompair inbhuanaithe a mhéadú agus a choimeád. Ba chóir go mbeadh feachtais eolais mar bhunchuid de chur i gcrích CMATS. D'fhéadfadh sé seo a áireamh mar shampla brandáil ar bhusanna le ceannphointí móra ar an mbealach á thaispeáint ar an taobh lasmuigh den bhus, túsuálú eolas iompair phoiblí agus siúil agus rothaíochta ar phacáistí eolais do chuiditheoirí roimh threoracha chuig cinn scribe sa ghluasteán.



### Glacadh le Teicneolaíocht i gcomhair Iompair Inbhuanaithe

Cuireann dul chun cinn teicneolaíochta deis ar fáil chun freagairt ar roinnt ceisteanna atá leagtha amach sa Straitéis agus le linn shaolré na Straitéise éireoidh siad níos forleithne. Is féidir le páirceáil fhíorúil agus réamháirithintí bána lódála cabhrú le comhlachtaí seachadtaí a dhéanamh in am, brú tráchta agus coimhlínt a laghdú. D'fhéadfadh go gcuirfeadh feithiclí uathrialaitheacha, nó feithiclí gan tiománaí, deis ar fáil chun sábháilteacht a fheabhsú, le gluaisteáin ríomhchláraithe a ghéilleann do rialacháin tráchta agus luasteorainneacha agus le geofhálú ag cur coisc orthu ó dhul isteach i spásanna áirithe. D'fhéadfadh go saorfadh feithiclí gan tiománaí spás cois cosáin toisc nach bhfuil páirceáil cónaithe sráide ná fadchuid de dhíth a thuilleadh.

### Soghluasteacht mar Sheirbhís

Is coincheap é Soghluasteacht mar Sheirbhís (MaaS) a chuirtear i bhfeidhm de ghnáth mar rogha eile in ionad gluaisteán príobháideach a bheith ag duine chun tacú le maireachtáil uirbeach. Go hiondúil cuimsítear leis an gcoincheap úsáid teicneolaíochta chun tacú le córas soghluaisteachta a chuimsíonn iompar poiblí, rothair ar cíos, clubanna cairr agus tacsaithe.

Go hiondúil is féidir íoc as seirbhísí iompair ar bhonn síntiúis nó ar bhonn íoc mar a úsáidtear cosúil le cárta Leap nó cárta Oyster Londain. Tacaíonn an cárta Leap i mBaile Átha Cliath, mar shampla, le húsáid an Luais, busanna, DART agus le déanaí Scéim Roinnte Rothair Bhaile Átha Cliath agus an scéim GoCar ar club cairr é. Beidh MaaS mar uirlis thábhachtach i bpleanáil talamhúsáide chun tacú le forbairtí saor ó ghluasteáin nó ísealghluasteáin gar do mhoil iompair phoiblí agus ag cur rochtana ar fáil do ghluasteáin gan ceann bheith i seilbh duine más gá.

### Soghluasteacht Níos Cliste

Méadóidh cur i bhfeidhm Chóras Iompair Cliste (ITS) ar an ngréasán iompair éifeachtúlacht a oibríochta. Déanann ITS ionadaíocht ar fhorbairt bainistíochta tráchta ó ghníomhaíocht shocair neamhfhreagrúil go gníomhaíocht fhreagrúil dhinimiciúil atá in ann dul in oiriúint do choinníollacha tráchta a bhíonn de shíor ag athrú mar a léirítear iad i bhfíor-am. Déantar é seo a éascú le comhthiomsú agus anailís thapa an eolais oibrithe a ligean cinntí eolacha a dhéanamh go tapa.



Áiríonn bearta Soghluaisteachta Níos Cliste:

- Leathnú amach an Smacht Tráchta Uirbigh;
- Cur i bhFeidhm na Luasteoireannacha Athraitheacha;
- Cur isteach Chóras Tosaíochta Busanna;
- Úsáid córais pháirceála dhinimiciúil; agus
- Córais chliste seachadta agus seirbhísithe - lena n-áirítear réamháirithint bána seachadta.

### Clubanna Cairr

Is gnólacht atá ag fás in Éirinn iad clubanna cairr le GoCar, gnólacht sheanbhunaithe a oibríonn go náisiúnta, agus le déanaí bunaíodh an club cairr YUKO i mBaile Átha Cliath. D'fhéadfadh clubanna cairr bheith mar uirlis thábhachtach maidir le héascú forbartha saor ó ghluaisteáin nó ísealghluaisteáin i gceantair uirbeacha, ag cur rochtana ar ghluaisteáin ar fáil do chónaitheoirí gan na speansais a bhaineann le ceann a bheith i seilbh an duine.

Tá fianaise iontaofa ann a thugann le fios go dtagann laghdú ar uinéireacht ghluaisteán príobháideach as soláthar méadaithe chlúbanna cairr. Tugann suirbhé a rinneadh le déanaí i Londain (Carplus, 2016) le fios gur baineadh 10.5 ghluaisteán príobháideach ó bhóithre Londain le gach feithicil club cairr, de bharr úsáideoirí a bheith ag fáil réidh lena ngluaisteáin phríobháideacha féin.



Anuas ar sin, thuairisc aon trian de bhaill chlúbanna cairr um thurais fillte go gceannódh siad ghluaisteán príobháideach mura rachadh siad isteach i gclubanna cairr, leis sin tá ceannach curtha siar i gcás 22 ghluaisteáin eile in aghaidh gach feithicil chlúb cairr.

De ghnáth bíonn a oibríonn clubanna cairr níos glaise ná ghluaisteáin phríobháideacha toisc go ndéantar uasghrádú ar fheithicil níos minice. Ciallaíonn forbairtí deireanacha sa mhargadh clubanna cairr san Eoraip, lena n-áirítear infhaighteacht chlúbanna cairr leictrigh ó phointe go pointe (cosúil le Autolib i bPáras) agus clubanna cairr aontreo nó 'inathraitheach' cosúil le DriveNow agus Zipcar Flex, gur dócha go mbeadh na roghanna seo níos forleithne in Éirinn sa ghearthéarma go méantéarma agus gur féidir leo ról a imirt in éascú uinéireacht ghluaisteán príobháideach níos ísle.

### Córais Páirceála Dinimiciúla nó Córais Bána Lódála Fíorúla

Chun tacú le húsáid níos éifeachtúla spáis ar cholbha an chosáin, tá ceantair uirbeacha san Eoraip tosaithe ar thrialacha teicneolaíochta cliste lena n-áirítear samhlacha dinimiciúla páirceála sráide agus bána lódála fíorúla, agus iad ag forchúiteamh costas trí tháilí a ghearradh ar fheithicilí as an tseirbhís seo a úsáid. Is féidir tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh ar an teicneolaíocht seo in Éirinn chun coimhlint

a íoslaghdú ar éilimh iomaíocha le haghaidh spáis teoranta ar bhóithre agus chun trácht tóraíochta agus brú tráchta áitiúil a laghdú.

### Feithicilí Uathrialaitheacha

D'fhéadfadh go gcuirfeadh feithicilí uathrialaitheacha (AVanna), nó feithicilí gan tiománaí, deis ar fáil chun sábháilteacht a fheabhsú, le ghluaisteáin ríomhchláraithe a ghéilleann do rialacháin tráchta agus luasteoireannacha agus le geofhálú ag cur coisc orthu ó dhul isteach i spásanna áirithe. D'fhéadfadh go saorfadh feithicilí gan tiománaí spás cois cosáin toisc nach mbeadh an t-éileamh ar pháircéail cónaithe sráide ná fadchuid de dhíth a thuilleadh. Níl na buntáistí ná na míbhuntáistí dóchúlaithe atá ag AVanna ar thaisteal gníomhach, iompar poiblí agus sábháilteacht aimsithe go fóill.

Cé go bhfuil sé lasmuigh de raon feidhme na Straitéise seo, beidh ar an NTA agus na húdaráis áitiúla na leasanna a bhaineann le teacht chun cinn úsáid roinnte Feithicilí Uathrialaitheacha a mheas, atá, is dócha, chun teacht chun cinn sa chéad leath de chlár na Straitéise, an úsáid sin a rialú agus monatóireacht a dhéanamh uirthi. Sa mheasúnú sin beidh sé riachtanach a dtábhacht a mheas i gcoinne aidhmeanna uileghabhálacha chun tuilleadh taistil ghníomhaigh a chur chun cinn, iompar cothromasach a chur chun cinn agus brú tráchta a laghdú chomh maith le tranglam sráide.









# 16 CUR I BHFEIDHM

Braitheann rath an Chreat Náisiúnta Pleanála ar a bhreithniú beartais agus a sheachadadh cláir ar léibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

An Creat Pleanála Náisiúnta 2040

## Costais agus Maoiniú

Is é costas iomlán na Straitéise ná timpeall €3.55 billiún (praghsanna in 2018), agus tá a sheachadadh faoi réir maoiniú a bheith ar fáil. Aithnítear go ndéanfar breithmheas ar gach príomhchuid de CMATS ina haonar ar bhonn a fiúntais féin, maidir le hindéantacht, dearadh, pleanáil, ceadú agus maoiniú. Beidh cásanna gnó de dhíth do gach mórheart bonneagair sa Straitéis, ag teacht le riachtanais an Chód Caiteachais Phoiblí agus an Chomhchreat Breithmheasa.

## Cur i bhFeidhm Céimnithe

Tá plean feidhmithe céimnithe forbartha a chuirfidh leis an mbonneagar iompair, le seirbhísí agus le hinfheistíocht de réir a chéile le himeacht ama chun teacht le fás leanúnach Cheantar Cathrach Chorcaí (CCC). Tá an plean feidhmithe tar éis cláram feidhmithe na straitéise a imdhealú mar seo:

- Gearrthearma: 1-5 bliain;
- Meántearma: 5-10 bliain; agus
- Fadtearma: 10-20 bliain.

Tá sé beartaithe, áfach, go mbeidh CMATS inscálaithe, solúbtha agus réidh don todhchaí sa mhéid is go mbeifear in ann freastal ar na hathruithe ar an bhfás daonra agus fostaíochta. Ba chóir go mbeadh aon athrú sa dáileadh talamhúsáide beartaithe, áfach, ag teacht leis an bprionsabal atá ag an bhForbairt Bunaithe ar Iompar Poiblí (PTOD). Is cáipéis bheo é CMATS atá faoi réir athbhreithnithe thráthrialta.

I gcás fáis ar dhaonra agus fhostaíocht níos luaithe ná mar a bhíodas ag súil leis beidh sé riachtanach foirmeacha áirithe bhonneagar iompair poiblí a thabhairt chun tosaigh de réir mar is gá, mar shampla iarnród éadrom idirthuais (LRT) nó soláthar shaoráidí áirithe Páirceála agus Taistil. Ciallaíonn inscálaitheacht an bhonneagar iompair phoiblí gur féidir minicíochtaí pleanáilte a athbhreithniú suas chun freastal ar éileamh atá ag fás. Samplaí atá ann ná:

- Minicíocht Iarnróid Éadroim ag dul ón idirchar pleanáilte de 5 nóiméad go 2 nóiméad;
- Iarnród Bruachbhailteach Chorcaí ag dul gach 5 nóiméad;
- Méadú ar mhinicíocht sheirbhísí Bus Connects; agus
- Soláthar bhonneagarcóisithe agus rothaithe d'ardchaighdeán roimh fhorbairt cheantar na ndugaí.

## Iarnród Bruachbhailteach

### Gearrthearma:

- Iarnród bruachbhailteach a chur ar fáil ag rith trí Stáisiún an Cheanntaigh idir Corcaigh Thoir agus Mala.
- Mala a chur san áireamh sa raon lascaine chun aistir chomaitéireachta ar iarnród a chur chun cinn.
- Stáisiún nua a fhorbairt i bpáirt le talamhúsáid, agus lúba trasnaithe agus feabhsúcháin ardáin a sholáthar de réir mar is gá.
- Athbhreithniú ar an nGréasán Iarnróid Bruachbhailtigh a dhéanamh chun na léibhéil uasghrádaithe agus stáisiún nua atá de dhíth a aimsiú.

### Meántearma:

- Méid na seirbhísí comaitéireachta a mhéadú go 3 thraein in aghaidh na huaire idir Mainistir na Corann agus ón gCóbh, agus Stáisiún an Cheanntaigh araon, ag brath ar éileamh/úsáid leordhóthanach.
- Méid na seirbhísí ag tréirith go Mala a mhéadú chun teacht le méadú ar na seirbhísí iarnróid bruachbhailtigh.
- Beidh ardán breise de dhíth ag Stáisiún an Cheanntaigh ar an seachród amuigh chun na seirbhísí méadaithe tréatha a éascú, gan cur isteach ar oibriúchán na seirbhísí Idir-Chathracha.
- Is dócha go mbeidh feabhsúcháin comharthaíochta ag teastáil ag Acomhal an Ghleanntáin agus ag Stáisiún an Cheanntaigh.
- Stáisiún nua a fhorbairt i bpáirt le talamhúsáid, agus lúba trasnaithe agus feabhsúcháin ardáin a sholáthar de réir mar is gá.

### Fadtearma:

- Tuilleadh méadaithe ar mhéid na seirbhísí comaitéireachta suas go 6 thraein in aghaidh na huaire idir Mainistir na Corann agus an Cóbh, agus Stáisiún an Cheanntaigh araon.
- Méid na seirbhísí ag tréirith go Mala a mhéadú suas go 6 thraein in aghaidh na huaire chun teacht le méadú ar na seirbhísí iarnróid bruachbhailtigh.
- Chun freastal ar an méadú seirbhíse seo, tá iarnród dúbailte ag teastáil idir an Gleanntán agus Mainistir na Corann. San fhadtearma tá críochnú na stáisiún go léir agus an bonneagar gaolmhar ar nós lúb trasnaithe, feabhsúcháin ardáin, srl. ag teastáil.
- Breithniúchán fadtéarmach ar leictiú na n-iarnród comaitéarachta idir Mala, an Cóbh agus Mainistir na Corann.

## Iarnród Éadrom

### Gearrthearma:

- Aithint agus cosaint don scéim iarnróid éadroim, chun ligean do chomtháthú forbartha ar an gconair.
- Tá dearadh, pleanáil agus cur i bhfeidhm bhealach eatramhach um sheirbhís bus ardmhinicíochta agus bearta tosaíochta do chonair bus ar ailíniú an Iarnróid Éadroim de dhíth chun freastal ar Éileamh Conaire Thoir-Thiar sa Ghearrthearma go Meántearma.
- Droichead a chur ar fáil le haghaidh siúil, rothaíochta, iompair phoiblí gar do Bhóthar an Mhuilinn chun nascadh le Dugaí Chorcaí Theas agus Stáisiún an Cheanntaigh chun tacú le forbairt.

### Meántearma go Fadtéarma:

- Dearadh, pleanáil agus cur i bhfeidhm Iarnróid Éadrom Idirthurais ar an gConair Soir-Siar.
- Tá acmhainn ann do chur i bhfeidhm céimnithe an chóras Iarnróid Éadroim le Stáisiún an Cheanntaigh, Páirc Uí Chaoimh, agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí mar chríochphointí céimnithe féideartha.
- Is féidir an méadú céimnithe ar mhinicíocht agus acmhainneacht seirbhísí a bhaint amach, ag brath ar an léibhéal forbartha agus diansaothraithe maidir le talamhúsáid, agus na costais Iarnróid éadroim a ghabhann leis.

## Gréasán Busanna

### Gearrthearma:

Tuileadh forbartha, Gréasán BusConnects le haghaidh Chorcaí a fhorbairt, a dhearadh agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar an ngréasán CMATS.

Tús áite do na conairí ghréasán busanna seo a leanas sa ghearrthearma:

- Conair busanna eatramhach Thoir-Thiar ag leanúint ailíniú chonair Iarnróid Éadroim;
- Bóthar Dhúglais agus Bealach Dhúglais Theas;
- N20 Conair Bhóthar Mhala;
- Cnoc an tSamhraidh Thuaidh/Bealach Bhaile Átha hÚlla;
- Cnoc an Chuilinn (Campas Apple) go Lár na Cathrach; agus
- Dún Citil go Lár na Cathrach

### Meántearma:

- Críochnú ghréasán BusConnects bunaithe i gCorcaigh, lena n-áirítear séirbhísí busanna gathacha, traschathrach agus cuara, bearta tosaíochta agus bearta tacaíochta.

### Fadtéarma:

- Oibriú agus barrfheabhsú leanúnach bhealaí an ghréasán busanna agus na bearta tosaíochta.

## Gréasán Rothaíochta

### Gearrthearma go Meántearma:

- Forbairt agus críochnú an ghréasán rothaíochta príomha agus idirchathrach, lena n-áirítear an 'Glasbhealach Lee to Sea' glasbhealach suaitheanta ó Bhaile an Chollaigh go Bun an Tábhairne.
- Cur i bhfeidhm an ghréasán rothaíochta a ailíniú le cur i bhfeidhm anghréasán BusConnects.
- Athbhreithniú ar an ngréasán friothalach agus scagacht le bheith déanta agus curtha i bhfeidhm.
- An gréasán rothaíochta a chur i bhfeidhm níos mó agus é ailíniú le deiseanna nua forbartha agus moilliú tráchta.

### Fadtéarma:

- Críochnú an ghréasán tánaisteach rothaíochta agus an ghréasán Glasbhealaigh.

## Gréasán Siúil

### Gearrthearma go Meántearma:

- Na moltaí chun Straitéis Siúil Chorcaí a bhaint amach.
- Cur i bhfeidhm na bhfeabhsúcháin ar an ngréasán siúil a ailíniú le cur i bhfeidhm an ghréasán BusConnects.
- Cothabháil agus athnuachan leanúnach na gcosán, feabhsúcháin ar an réimse uirbeach agus soláthar ghréasán siúil.
- Clár feabhsúcháin ar fud CMA a bhaineann le rochtain siúil ar iompar poiblí.

### Fadtéarma:

- Cothabháil agus athnuachan leanúnach ar na cosáin, soláthar réimse uirbigh agus gréasán siúil.





## Páirceáil

### Gearrthéarma

- Dearadh, Pleanáil agus Talamh a fháil do na láithreáin straitéiseacha Páirceála agus Taistil go léir;
- Tús áite a thabhairt do Pháirceáil agus Thaisteal ag Dún Cítil;
- Saincheantair chónaithe páirceála a chur i bhfeidhm ar fud na cathrach agus na mbailte meitreo; agus
- Forbairt na Mol Soghluaisteachta sna ceantair athfhorbartha.

### Meántéarma

- Seachadadh na Láithreán Páirceála agus Taistil go léir le haghaidh BusConnects; agus
- Áiteanna páirceála a chur i bhfeidhm sna ceantair chónaithe nua.

### Fadtéarma

- Seachadadh na Láithreán Páirceála agus Taistil eile go léir.

## Gréasán Bóithre

### Gearrthéarma:

- Uasghrádú Idimascaire Dhún Cítil a chríochnú chun scrogall tráchta suntasach a bhaint ón ngréasán straitéiseach;
- Straitéis Gluaiseachta Lár na Cathrach (CCMS) a bhaint amach, d'fhonn tuilleadh forbartha ar na bearta tósaíochta iompair phoiblí atá leagtha amach i CMATS;
- Forbairt leanúnach ar an ngréasán bóithre réigiúnacha chun rochtain inbhuanaithe a chur ar fáil ar thailte forbartha;
- Athbhreithniú agus forbairt an Bhóthar Dháileacháin Thuaidh agus an Bhóthar Dháileacháin Theas; agus
- Athbhreithniú ar an gCuarbhóthar Thuaidh (NRR) mar chuid den Bhóthar Corcaigh-Luimneach N/M20.

### Meántéarma:

- Críochnú an Mhótarbhealach M28 Corcaigh – Rinn an Scidigh chun rochtain fheabhsaithe a chur ar fáil ar Chalafort Chorcaí agus ar thionscalaíocht i Rinn an Scidigh;
- Athbhreithniú, monatóireacht agus cur i bhfeidhm leanúnach na mbeart um bainistíocht éilimh ar an ngréasán Bóithre Náisiúnta. Droichead rochtana a chur ar fáil le haghaidh siúil, rothaíochta, iompair phoiblí agus rochtain tráchta ar Cheantar Dugaí Chorcaí Theas chun tacú le forbairt. Forbairt leanúnach ar an ngréasán bóithre réigiúnacha chun rochtain inbhuanaithe a chur ar fáil ar thailte forbartha;
- An Bóthar Dáileacháin Thuaidh a chríochnú;
- An Bóthar Dáileacháin Theas a chríochnú;
- Athbhreithniú, monatóireacht agus cur i bhfeidhm leanúnach na mbeart um bainistíocht éilimh ar an ngréasán Bóithre Náisiúnta; agus
- Forbairt leanúnach ar an ngréasán bóithre réigiúnacha chun rochtain inbhuanaithe a chur ar fáil ar thailte forbartha.

### Fadtéarma:

- Cuarbhóthar Chorcaí Thuaidh (CNRR) a sholáthar;
- Athbhreithniú, monatóireacht agus cur i bhfeidhm leanúnach na mbeart um bainistíocht éilimh ar an ngréasán Bóithre Náisiúnta; agus
- Forbairt leanúnach ar an ngréasán bóithre réigiúnacha chun rochtain inbhuanaithe a chur ar fáil ar thailte forbartha.

## Maoiniú agus Costais Oibriúcháin

Taobh amuigh d'infheistíocht chaipitil tabhóidh feidhmiú na Straitéise costais oibriúcháin leanúnacha. Beidh maoiniú Státchiste ón Rialtas Láir de dhíth do chuid shuntasach d'infheistíocht chaipitil, ach beidh foinsí eile maoinithe forlíontaigh ag teastáil.

D'fhéadfadh go n-áireofaí leo siúd a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh

- Iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta (EIB) chun féidearthacht a mhaoiniú chomh maith le costais tosaithe le haghaidh iompair phoiblí;
- Ranníocaíochtaí forbartha le haghaidh bhonneagarstraitéiseach iompair phoiblí bunaithe ar spás urláir;
- Ranníocaíochtaí forbartha suíomhoiriúnaithe- mar shampla leathnú cosáin, boird eolais fíor-ama nó leathnú amach an Scéim Rothar ar Cíos; agus
- Tobhaigh amach anseo curtha ar bhrú tráchta, sábháilteacht nó fáthanna cáilíochta aeir- m.sh. tobhaigh pháirceála san ionad oibre, agus táillí a ghearradh ar úsáideoirí bóithre, criosanna páirceála, nó tobhaigh pháirceála ar ionaid siopadóireachta ar imeall baile.

Tá plan feidhmithe céimnithe forbartha a chuireann leis an mbonneagar iompair, seirbhísí agus infheistíocht de réir a chéile le himeacht ama chun teacht le fás leanúnach Cheantar Cathrach Chorcaí (CCC).

|                                                                                                      | GEARRTHÉARMA | MEÁNTÉARMA | FADTÉARMA |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------|------------|-----------|
| Tréimhse                                                                                             | 2026         | 2031       | 2040      |
| Gréasán Iarnród Bruachbhailteach Chorcaí                                                             |              |            |           |
| Ag Dul trí Stáisiún an Cheanntaigh                                                                   |              |            |           |
| Minicíocht seirbhísí a mhéadú go 3 thraein in aghaidh na huaire ó Mhainistir na Corann agus an Cóbh  |              |            |           |
| Feabhsúcháin Ardán ag Stáisiún an Cheanntaigh                                                        |              |            |           |
| Lúba seachbhóthair ag stáisiún nua ar an líne ó thuaidh ó Stáisiún an Cheanntaigh                    |              |            |           |
| Feabhsúcháin ardáin i Mala                                                                           |              |            |           |
| Feabhsúcháin ardáin sa Chóbh                                                                         |              |            |           |
| Stáisiún Nua Iarnróid (de réir mar atá ag teastáil ag an bhforbairt talamhúsáide)                    |              |            |           |
| Dé-rian go Mainistir na Corann                                                                       |              |            |           |
| Minicíocht seirbhísí a mhéadú go 6 thraein in aghaidh na huaire ó Mhainistir na Corann agus ón gCobh |              |            |           |
| Leictriú                                                                                             |              |            |           |
| Ceannach Rothstoic                                                                                   |              |            |           |
| Iarnród Éadrom                                                                                       |              |            |           |
| Áirithint Áilinithe Bealaí agus Bealach Bus Eatramhach                                               |              |            |           |
| Seirbhís Busanna Eatramhach O&M                                                                      |              |            |           |
| Pleanáil agus Dearadh LRT                                                                            |              |            |           |
| Tógáil agus Cur i bhFeidhm LRT                                                                       |              |            |           |
| Bus                                                                                                  |              |            |           |
| Cur i bhFeidhm Ghréasán Busanna                                                                      |              |            |           |
| Páirceáil & Taisteal                                                                                 |              |            |           |
| Láithreáin Nua Páirceála & Taistil                                                                   |              |            |           |
| Rothaíocht                                                                                           |              |            |           |
| Gréasán Príomha                                                                                      |              |            |           |
| Gréasán Tánaisteach                                                                                  |              |            |           |
| Gréasán Friothálach                                                                                  |              |            |           |
| Idiruirbeach                                                                                         |              |            |           |
| Glasbhealaí                                                                                          |              |            |           |
| Siúl                                                                                                 |              |            |           |
| Soláthar Cosán agus Siúil                                                                            |              |            |           |
| Gréasán Bóithre                                                                                      |              |            |           |
| Athbhreithniú ar na Bóithre Dáileacháin Thuaidh & Theas                                              |              |            |           |
| Cur i gcrích an NDR & SDR araon                                                                      |              |            |           |
| Athbhreithniú ar an gCuarbhóthar Thuaidh (NRR)                                                       |              |            |           |
| Cur i gcrích an NRR                                                                                  |              |            |           |
| Acomhal Dhún Cítil                                                                                   |              |            |           |
| M28 Mótarbhealach ó Chorcaigh go Rinn an Scidigh                                                     |              |            |           |
| M20 Corcaigh go Luimneach                                                                            |              |            |           |
| Cur i gcrích Bhóithre Dáileacháin Chorcaí                                                            |              |            |           |
| N27                                                                                                  |              |            |           |
| N40 BainistíochtÉilimh                                                                               |              |            |           |
| Ceantar Dugaí agus Gréasán Bóithre Tivoli agus Droichid                                              |              |            |           |
| Bóithre Réigiúnacha                                                                                  |              |            |           |
| Oibriúchán agus Cothabháil                                                                           |              |            |           |
| Bainistíocht Páirceála                                                                               |              |            |           |
| Comhtháthú & ITS                                                                                     |              |            |           |





# TORTHAÍ NA STRAITÉISE

## FÁS AMACH ANSEO




**290k**  
daonra  
2011



**476k**  
daonra  
2040



## ÉILEAMH LAETHÚIL AR THAISTEAL







**830k**  
2011



**1.3m**  
2040



## BUAIC SCIAR MODHA AM 2011 - 2040



## ROCHTAIN AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA



Dobharcheantar Iarnróid  
Bruachbhailtigh

**19%**  
den daonra

**30%**  
de phoist



Dobharcheantar Iarnróid  
Éadrom

**32%**  
den daonra


**60%**  
de phoist



Cuimsiú Sóisialta:

**Méadú suas go 10.9%**

i roar an sciar mhodhach  
iompair phoiblí do cheantair  
faoi mhíbhuntáiste agus faoi  
mhór-mhíbhuntáiste



## SÁBHÁILTEACHT & TIMPEALLACHT

Thar thréimshe straitéise 30 bliana



Laghdú

**15** ar líon na  
dtaismeach  
a fuair bás



Laghdú

**68** ar thaismigh  
thromchúiseacha




Laghdú

**1,700** ar thaismigh  
mhionchúiseacha

Timpeallacht:

**46,000**

tonna sa bhliain de  
laghdú ar astaíochtaí  
ó fheithiclí



## EACNAMAÍOCHT & COSTAS MEASTA



Luach na gCostas faoi láthair: €2.3bn

Luach na dTairbhí faoi láthair: €5.7bn

Glanluach faoi láthair: €3.7bn

**Cóimheas Tairbhe agus  
Costas: 2.48**



Iomlán na Straitéise  
Costas Measta

**€3.5bn**





# 17 TORTHAÍ STRAITÉISE

Cuirfidh an Straitéis seo gréasán iompair inrochtana, comhtháite ar fáil a éascóidh fás inbhuanaithe Cheantar Cathrach Chorcaí mar limistéar cathrach Eorpach atá dinimiciúil, nasctha agus iomaíoch go hidirnáisiúnta de réir mar a bhí samhlaíthe sa Chreat Pleanála Náisiúnta 2040.

An Creat Pleanála Náisiúnta 2040

Beidh roinnt torthaí dearfacha sóisialta, eacnamaíocha agus timpeallachta ag Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Chorcaí 2040 (CMATS). Ag léibhéal náisiúnta, téann agus tacaíonn CMATS le feidhmiú an Chreat Náisiúnta Pleanála. Ag léibhéal ceantair chathraigh, téann CMATS i ngleic le dúshlán iompair agus talamhúsáide atá leagtha amach i gCaibidil 3 agus cloíonn sé leis na sé phrionsabal treoracha atá leagtha amach i réamhrá na tuairisce seo.

Rachaidh Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí i ngleic le dúshlán fheidhmithe anois, agus iad ag obair i bpáirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair, Bonneagar Iompair Éireann agus príomhpháirtithe leasmhara eile, chun cur le comhdhlúthúriachtanach talamhúsáid, infheistíocht chaipitil a faoin bPlean Forbartha Náisiúnta a aimsiú, cur i bhfeidhm bhonneagar iompair CMATS, bearta tacaíochta agus bearta bainistíochta éilimh, chun cabhrú le tairbhí iomlána CMATS a bhaint amach.

## Torthaí ag Léibhéal Náisiúnta agus Réigiúnach

Cuirfidh CMATS leis an treoir straitéiseach atá tugtha ag beartas an Rialtais mar a bhaineann sé le pleanáil spásúlachta náisiúnta, mar atá léirithe sa Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus le tosaíochtaí infheistíochta caipitil mar atá léirithe sa Plean Forbartha Náisiúnta (NDP) agus bainfidh sé amach iad.

## Comhsheasmacht leis an gCreat Pleanála Náisiúnta 2040

Cuireann CMATS le trí phríomhaidhm Beartais Náisiúnta um struchtúrú fáis in Éirinn:

- **NPO 1** Ag fás ár réigiún;
- **NPO 2** Ag tógáil Ceantar níos Láidre: Ionaid Scála Inrochtana; agus
- **NPO 3** Fás Dlúth, Cliste, Inbhuanaithe.

Baintear é sin amach, go príomha, le comhtháthú pleanála agus infheistíochta um Thalamhúsáid agus Iompar atá ag cur taca faoi CMATS, i gcoinne an scála sílte fáis agus dáileadh an fháis i gCeantar Cathrach Chorcaí (CMA) suas go 2040. Faoi sholáthairtí an NFPF agus a Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (SRSE) ghaolmhar don Réigiún Theas agus Plean Straitéiseach Cheantar Cathrach Chorcaí (MASP), tá sé beartaithe go mbeidh Corcaigh mar réigiún cathrach scála agus mar phríomhspreagthóir don ghníomhaíocht eacnamaíoch sa Réigiún Theas. Beidh fás daonra agus fostaíochta dírithe ar shuíomhanna atá inrochtana ag iompar poiblí d'ardchaighdeán agus inrochtana ag an léibhéal áitiúil trí sholáthar timpeallachta siúil agus rothaíochta d'ardchaighdeán.

Tá sé beartaithe, mar sin, go mbainfidh Corcaigh leas as léibhéal níos mó comhdhlúthaithe uirbigh, mar aon le hathrú céime ar acmhainn le haghaidh, soláthar agus úsáid modhanna inbhuanaithe iompair.

Déantar forbairt tailte, lena n-áirítear láithreáin athfhorbraíochta sa lár agus i láithreáin eile inrochtana laistigh de cheantair uirbeacha an CCC, a bharrfheabhsú le haghaidh tithíochta agus fostaíochta de chun na spriocanna fáis pleanáilte a chomhlíonadh.

Ar an mbonn sin, faoi thuiscintí talamhúsáide CMATS, bheadh thart ar aon trian den fhás daonra ionchais an CCC agus 60% den fhás fostaíochta lonnaithe laistigh de dhobharcheantar áitiúil an chonair iarnróid éadroim beartaithe sa SICCC, lena n-áirítear chomh maith an dá champas tríú léibhéal is mó, COC agus ITC, mar aon leis an College of Commerce agus Lár Cholaíste Eoin.

Bheadh beagnach aon chúigiú (19%) d'fhás daonra ionchais an CCC agus 30% den fhás fostaíochta lonnaithe laistigh de dhobharcheantar áitiúil an ghréasán iarnróid bruachbhailtigh i SICCC, le comhdhlúthú fáis ghaolmhar samhlaíthe ag roinnt ionad uirbeach atá ann agus ceantair forbartha ar an ngréasán amach anseo, lena n-áirítear Mainistir na Corann, an Cóbh, an Bhlarra/ Radharc na Carraige, an Mhóin Ard, an Linn Dubh, ceantar Stáisiún an Cheanntaigh, Tivoli agus Carraig Thuathail.

Bheadh tairiscint busanna CMATS seachadta i bhfoirm gréasáin breisithe go suntasach nó BusConnects, le gréasán cuimsitheach de shéirbhísí bus le hardmhíniúocht agus bearta tosaíochta do bhusanna tiomnaithe, ag soláthar seirbhísí gathacha agus cuara ag nascadh príomhláithreáin chónaithe, fostaíochta, oideachais, miondiola, sláinte agus fóillíochta, agus ag an am céanna ag soláthar ardléibhéal nascachta idir seirbhísí bus agus idirnasacht le seirbhísí iarnróid agus iarnróid éadroim.

### Comhsheasmhacht leis an bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP) 2018-2027

Maidir le cur chun cinn soghluaisteachta inbhuanaithe, léirítear sa NDP an gá le straitéisí iompair a ullmhú chun pleananna infheistíochta a threorú, le béim ar leith ar iompar poiblí, siúl, rothaíocht agus páircéail & taisteal. Leagann an NDP béim chomh maith ar sholáthar rochtana réigiúnaí feabhsaithe idir na láir uirbeacha, trí hinfheistíocht sa ghréasán náisiúnta bóithre agus iarnród agus cosaint na sócmhainní reatha.

Cuireann agus tacaíonn CMATS agus a fheidhmiú leis na tosaíochtaí sin ón NDP. Le haistriúchán na mbeart sin isteach go príomhphrionsabail infheistíochta tionscadail agus bearta gaolmhara, táirgfidh feidhmiú CMATS costas tairbhe le cóimheas timpeall 2.5:1 – toradh thar a bheith suntasach ar na hinfheistíochtaí beartaithe de 3.5 billiún sa cheantar cathrach agus sa gheilleagar níos leithne réigiúnach agus náisiúnta.

### Tacú le Treoirínte Rialtais eile

De réir Phleanáil Straitéiseach an Rialtais agus treoirínte Bóithre Náisiúnta, déanfar iarracht an infheistíocht i ngréasán Bóithre Náisiúnta CMA a úsáid chun freastal go príomha ar ghluaiseacht straitéiseach earraí agus daoine, cur le nascacht idir ionaid scála réigiúnacha, nascacht agus rochtain idir-réigiúnach a fheabhsú ag léibhéil náisiúnta chuig tairseacha idirnáisiúnta le tábhacht mhór eacnamaíoch lena n-áirítear aerfoirt agus calafoirt. Déanfaidh CMATS agus na polasaithe talamhúsáide comhlántacha atá ag cur taca faoi iarracht tacú le haidhmeanna na Treoirínte trí phacáiste

de bhearta bainistíochta tráchta agus bainistíochta éilimh, agus roghanna malartacha inmharthana a chur ar fáil do dhéanamh aistir áitiúil, neamh-straitéiseach.

Beidh feidhmiú CMATS treoraithe ag prionsabail uileghabhálacha leagan amach bóithre beartaithe agus ag an Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Shráideanna Uirbeacha, trína dtabharfar tús áite do riachtanais coisithe, rothaithe agus úsáideoirí iompair phoiblí, más cuí, thar an ngluaisteán príobháideach.

Beartófar caighdeán um uasmhéid páirceála agus na critéir dá bhfeidhmiú mar chuid de phacáiste beart comhlántachar son réimse mhodhanna talamhúsáide, lena n-áireofar talamhúsáid chónaithe, mar atá molta ag Cuid 28 de na Treoirínte um Thithíocht Uirbeach Inbhuanaithe a foilsíodh le déanaí.

Laghdóidh CMATS agus a fheidhmiú, le chéile le beartais talamhúsáide, an gá le húsáid gluaisteán agus úinéireacht gluaisteán trí roghanna malartacha inmharthana a chur ar fáil agus trí laghdú ar an ngá taistil, agus é tacaith ag an infheistíocht i siúl, rothaíocht agus iompar poiblí agus réimse beart um bainistíocht éilimh iompair, ag teacht leis na spriocanna Taistil Níos Cliste le haghaidh na gceantar uirbeach.

### Dul i nGleic le Dúshlán Iompair an CMA

Aithnítear i gCaibidil 3 de CMATS roinnt príomhdhúshlán iompair, ag teacht chun cinn don mhórchuid de bharr oidhreacht bheartais talamhúsáide agus patrún forbartha arbh é an toradh a bhí orthu, trí mhainneachtain, ná léibhéil ard spleáchais ar ghluaiseáin.

Thángthas ar an tuairim mura dtéitear i ngleic le hoidhreacht na bpátrún stairiúil sin, go leanfaidh leis na léibhéil arda spleáchais ar ghluaiseáin, le tionchar diúltach comhthoraidh ar bhrú tráchta agus a chostas eacnamaíoch, sóisialta agus timpeallachta gaolmhar. Bheadh tionchar diúltach ag leanúint na bpátrún sin agus a bpolasaithe talamhúsáide gaolmhara ar tharraingteacht an CMA mar reigiún chun cónaithe, oibre, cuairte, spraoi agus infheistíocht a dhéanamh ann.

Aithnítear le CMATS chomh maith na deiseanna tugtha do CMA, ag teacht ó aithmeanna pleanála spásúla ar leibhéal ard agus réamh-mheastacháin ghaolmhara d'fhás daonra atá leagtha amach sa NPF 2040 agus infheistíocht chaipitil beartaithe sa NDP 2018-2027, chun fás réamh-mheasta amach anseo a chomhdhlúthú sa CMA laistigh d'ionaid uirbeacha seanbhunaithe agus timpeall chonairí ardchaighdeán agus ardacmhainne iompair phoiblí.

Tugadh tuilleadh creidiúna do na deiseanna seo leis an tacaíocht chomhlántach sna beartais agus sna treoirínte rialtais reatha lena n-áirítear Taisteal Níos Cliste agus Treoirínte um Thithíocht Uirbeach Inbhuanaithe nua, a thacaíonn le srianta gluaisteán i gceantair a bhfuiltear ag freastal orthu, nó a bhfuil sé beartaithe go mbeifear ag freastal orthu ag iompar poiblí.

Tá na polasaithe seo tacaith cuid mhaith laistigh den CMA ag pleananna forbartha reachtúla agus pleananna ceantair áitiúil, a thacaíonn le soláthar tithíochta agus fostaíochta nua ar na láithreáin athfhorbraíochta agus úrnua reatha inrochtana laistigh de dhobharcheantar na stáisiún reatha nó pleanáilte do





ghréasán iarnróid Bruachbhailtigh Chorcaí. Táthar ar an eolas mar sin, le CMATS, faoi na dúshláin agus deiseanna leagtha amach thuas, agus aithnítear sé phrionsabal teoracha chun dul i ngleic leis na ceisteanna sin. Tá siad sin aitheanta sna codanna thíos.

### **Treoirphrionsabail**

Cuireadh CMATS le chéile chun bheith comhsheasmhach le sé threoirphrionsabal aitheanta. Déantar achoimre ar na prionsabail agus a gcomhlántacht le Torthaí na Straitéise sna hailt seo a leanas.

**Prionsabal 1** – Tacú le fás an CMA amach anseo trí sholáthar gréasáin iompair éifeachtúil.

Mar thoradh ar chur i bhfeidhm CMATS cuirfear feabhas ar an ngréasán bóithre, iarnróid bruachbhailtigh, iarnróid éadroim, coisithe agus rothaithe. Tá na feabhsúcháin sin dírithe ar chodanna den Cheantar Cathrach le pleananna fáis tithíochta, fostaíochta agus oideachais amach anseo. Déanfar éifeachtúlacht an ghréasán bóithre reatha agus straitéisigh amach anseo a chosaint trí híoslaghdú tráchtá áitiúil agus srian ar bhealaí rochtana áitiúla ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta.

**Prionsabal 2** – Tús áite a thabhairt d'iompar inbhuanaithe agus laghdú ar spleáchas carranna laistigh den CMA.

Mar thoradh ar chur i bhfeidhm CMATS beidh athrú céime ar sholáthar iompair phoiblí agus cuireann sé le straitéisí reatha siúil agus rothaíochta glactha sa Cheantar Cathrach. Beidh an gá le húnéireacht gluaisteán príobháideach (agus spleáchais) laghdaithe trí bhearta um bainistíocht éilimh a ghlacadh chomh maith le bearta tacaíochta lena n-áirítear clubanna cairr agus Soghluasteacht mar Sheirbhís (MaaS).

**Prionsabal 3** – Nascacht ardléibhéal iompair phoiblí a chur ar fáil le ceannphointí móra laistigh de chonairí ardéilimh.

Clúdóidh feidhmiú an chóras iarnróid éadroim thoir-thiar thart ar aon trian de dhaonra beartaithe CMA agus timpeall 60% de na poist amach anseo. Cuimseoidh sé chomh maith do bharcheantar le tarraingtí móréilimh aistir agus gineadóirí na bpríomhinstitiúidí taighde agus tríú léibhéal idir Baile an Chollaigh agus Machain lena n-áirítear an Pháirc Eolaíochta agus Teicneolaíochta atá beartaithe ag Caol Churraichín, COC, ITC/Nimbus, College of Commerce agus Lár Choláiste Eoin.

Freastalóidh feabhsú chonair iarnróid Bruachbhailtigh Chorcaí ar cheantair fáis reatha agus amach anseo atá aimsithe i mbunstraitéisí Chomhairle Cathrach Chorcaí agus Chomhairle Contae Chorcaí araon. Cuirfidh BusConnects nascacht ghathach agus chuar ar fáil idir lár na cathrach, na ceantair bhruachbhailteacha agus ceannphointí móra lena n-áirítear CUH agus ionaid oideachais.

**Prionsabal 4** – Príomhbhealaí straitéiseacha a aimsiú agus a chosaint le haghaidh ghluaiseacht lastais agus seirbhísí, lena n-áirítear ardléibhéal rochtana lastais, chuig Calafort Chorcaí.

Cuirfear i gcrích tionscadail thiomanta an Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 cosúil leis an M28 Corcaigh go Rinn an Scidigh agus Acomhal Dhún Citil sa chéad thréimhse den Straitéis. Beartaíodh i CMATS chomh maith Bóthar Dáileacháin Chorcaí Thuaidh (CNDR) nua agus N40 uasghrádaithe a chuimsiú chun tacú le trácht straitéiseach agus lastais.

Beartaíodh sa Straitéis cosaint ar ailíniú Chuarbhóthar Chorcaí Thuaidh amach anseo agus feidhmeanna straitéiseacha bóithre ar nós Mainistir na Corann go dtí an Geata Bán agus an R624 chun tacú le méadú féideartha ar thrácht lastais go Marino Point.

**Prionsabal 5** – Feabhas a chur ar an réimse poiblí trí bhainistíocht tráchtá agus idirghabháil iompair. Tacaíonn agus cuireann CMATS le Straitéis Gluaiseachta Lár Cathrach Chorcaí a iarrann bainistíocht agus srianta tréthrachta i lár na cathrach. Cuirfear i gcrích tuilleadh feabhsúcháin ar an réimse poiblí i lár na cathrach, sna ceantair bhruachbhailteacha, i láir bailte Chathracha, Ceantair Leathnaithe Uirbeacha agus naisc le stadanna iompair phoiblí trí ghlacadh le prionsabail an Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Shráideanna Uirbeacha.

**Prionsabal 6** – Acmhainn agus minicíocht iompair phoiblí a mhéadú nuair is gá chun torthaí straitéise a bhaint amach.

Is é an toradh a bheidh ar fheidhmiú CMATS ná gréasán agus acmhainn iompair a bheidh uasghrádaithe go suntasach chun bearta fáis tithíochta, daonra agus oideachais a fhíorú. Leis an Straitéis treoraítear bonneagar iompair inbhuanaithe chuig na suíomhanna is mó gá, chun cur le réamh-mheastacháin talamhúsáide leagtha amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus cásanna fáis amach anseo atá leagtha amach i mBunstraitéisí na n-Udarás Áitiúil araon.







Liosta na n-Acrainmneacha

|        |                                                             |                                 |                                                      |
|--------|-------------------------------------------------------------|---------------------------------|------------------------------------------------------|
| MC     | Measúnacht Chuí                                             | HGV                             | Feithicil Earraí Troma                               |
| UÍ     | Uathfheithicil                                              | CICanna                         | Córas Iompair Chliste                                |
| BSS    | Scéim Roinnte Rothair                                       | MaaS                            | Soghluaisteacht mar Sheirbhís                        |
| CASP   | Plean Straitéiseach Ceantair Chorcaí                        | MASP                            | Plean Straitéiseach Ceantair Chathraigh              |
| CCMS   | Straitéis Gluaiseachta Lár na Cathrach                      | NPO                             | Cuspóir Beartais Náisiúnta                           |
| CIT    | Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí                          | NSO                             | Toradh Straitéiseach Náisiúnta                       |
| CTP    | Lárionad Lóistíochta Foirgníochta                           | NTA                             | An tÚdarás Náisiúnta Iompair                         |
| CMA    | Ceantar Cathrach Chorcaí                                    | PAG                             | Treoracha Breithmheasa Tionscadail                   |
| CMATS  | Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Chorcaí (an Straitéis)  | PT                              | Iompar Poiblí                                        |
| CNDR   | Bóthar Dáileacháin Chorcaí Thuaidh                          | PTOD                            | Forbairt Bunaithe ar Iompar Poiblí                   |
| CNRR   | Cuarbhóthar Chorcaí Thuaidh                                 | SRSE                            | Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch        |
| CSIP   | Páirc Eolaíochta agus Nuálaíochta Chorcaí                   | FFAP                            | Eolas Fíor-ama do Phaisinéirí                        |
| An POS | An Phríomh-Oifig Staidrimh                                  | MST                             | Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta               |
| CUH    | Ospidéal na hOllscoile Corcaigh                             | SFILT                           | Creat Straitéiseach um Infheistíocht in Iompar Talún |
| DMURS  | Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Shráideanna Uirbeacha | SWRM                            | Samhail Réigiúnach An Iardheiscirt                   |
| DTTaS  | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt                | TII                             | Bonneagar Iompair Éireann                            |
| AE     | An tAontas Eorpach                                          | An Coláiste Ollscoile, Corcaigh | Coláiste na hOllscoile Corcaigh                      |
| FLanna | Feithicilí Leictreacha                                      | UEA                             | Ceantar Leathnaithe Uirbeach                         |
| EVCP   | Pointe Luchtaithe d'Fheithicilí Leictreacha                 |                                 |                                                      |



